



PLEAN TEANGA

Limistéar Pleanála Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach

LANGUAGE PLAN

FOR BEARNA AND CNOC NA CATHRACH

ENGLISH LANGUAGE CONTENT IS ON PAGES 5, AND 7 AND A SUMMARY OF THE PLAN
IN ENGLISH STARTS ON PAGE 149.

Dréacht 4 – 22 Deireadh Fómhair 2020

Clár na nÁbhar

Liosta na nGiorrúchán.....	5
Ráiteas ó Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach.....	6
Statement from the Barna / Knocknacarra Language Planning Committee.....	7
Fís - Coiste Pleanála Teanga PTBC 2028.....	8
1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga.....	9
1.1. An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht.....	9
1.2. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.....	9
1.3. Acht na Gaeltachta 2012.....	9
1.4. An Plean Gníomhaíochta 2018-2022.....	10
2. Sonraí na Ceanneagraíochta.....	12
3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga.....	13
3.1. Topagrafaíocht.....	13
3.2. Daonra.....	15
3.2.1. Stádas Socheacnamaíochta an LPT.....	17
3.3. An Córas Oideachais.....	20
3.3.1. An Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022.....	21
3.3.2. Deiseanna Foghlama Taobh Amuigh den Chóras Oideachais.....	21
3.4. Seirbhísí Cúraim Leanaí agus Tacaíochta Teanga.....	22
3.5. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile:.....	23
3.5.1. An tAos Óg.....	23
3.5.2. Daoine Níos Sine/ Aosaigh.....	23
3.6. An Earnáil Ghnó agus Fostaíocht.....	24
3.6.1. An Earnáil Mhiondíola.....	25
3.7. Eagraíochtaí Pobail agus na Comharchumainn.....	27
3.8. Na Meáin Chumarsáide.....	27
3.9. Seirbhísí Poiblí.....	27
3.10. Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach.....	28
3.11.1. Pleanáil – Ginearálta.....	28
3.11.2. Plean Áitiúil Bhearna.....	29
3.11.3. Plean Forbartha na Cathrach 2017 – 2023.....	30
3.11. Seirbhísí Sóisialta agus Caithimh Aimsire.....	33
3.12. Staid na Gaeilge sa Limistéar.....	35

3.13.1.	An Ghaeilge go Stairiúil.	35
3.13.2.	Staid Reatha na Gaeilge sa n LPT.	37
3.13.3.	Cainteoirí Laethúla Gaeilge (taobh amuigh den chóras oideachais)	37
3.13.4.	Cainteoirí Laethúla Gaeilge (taobh amuigh agus taobh istigh den chóras oideachais).....	39
3.13.5	Teaghligh agus Scéim Labhairt na Gaeilge.....	40
3.13.6.	Léargas Ginearálta ar Staid Reatha na Gaeilge go náisiúnta agus i LPT BCnAC. 41	
3.13.7	An Ghaeilge i LPT Bhearna & Chnoc na Cathrach – Roinnt ‘Cinnlínte’	42
4.	Léargas ar Ullmhú an Phlean	43
4.1.	Intreoir.....	43
4.2.	An Feachtas Bolscaireachta	43
4.3.	An Taighde	47
4.3.1.	An Taighde Tánaisteach	47
4.3.2.	An Taighde Príomha.....	47
4.3.3.	An Suirbhé ar an bPobal	48
4.3.4.	An Suirbhé - Príomhoidí na mBunscoileanna.	52
4.3.5.	An Suirbhé - Bunmhúinteoirí	52
4.3.4.	An Suirbhé – Coláiste na Coiribe.....	52
4.3.5.	An Suirbhé – An Earnáil Luathoideachais/Luathbhlianta.	53
4.3.6.	Taighde nár Cuireadh i gCrích	53
4.3.7.	Taighde – Suimiú.....	53
5.	Torthaí an Taighde	54
5.1.	Réamhrá.....	54
5.2.	An Mórshuirbhé ar an bPobal	54
5.2.1.	Áit Chónaithe na bhFreagróirí.....	54
5.2.2.	Inscne na bhFreagróirí.	55
5.2.3.	Aois na bhFreagróirí.....	56
5.2.4.	Cé as do Phobal an LPT?	56
5.2.5.	Cumas Gaeilge na Rannpháirtithe.	58
5.2.6	Cúlra Teanga na Rannpháirtithe.	59
5.2.7	An Teanga lenár Tógadh na Rannpháirtithe.....	60

5.2.8	An Teanga a Labhraíonn na Rannpháirtithe lena bPáirtithe	61
5.2.9	Foghlaim na Gaeilge.....	67
5.2.10.	Dearcadh an Phobail i Leith na Gaeilge / na Gaeltachta.....	69
5.2.11	An Saol Sóisialta agus an Ghaeilge.....	70
5.2.12	An Ghaeilge agus Cúrsaí Oideachais	71
5.3.	Seirbhísí Luathoideachais / Luathbhlianta	75
5.3.1	Seirbhísí Luathoideachais atá ag Feidhmiú trí Ghaeilge.....	75
5.3.2	Seirbhísí Luathoideachais atá ag Feidhmiú trí Bhéarla.....	76
5.4.	An Taighde – Príomhoidí Bunscoileanna.....	79
5.5.	An Taighde – Múinteoirí Bunscoile.....	81
5.5.1	Cumas Gaeilge na Múinteoirí.....	81
5.5.2.	Cleachtas Teanga an Mhúinteora sa Seomra Ranga.	82
5.5.3.	An Teanga a Labhraíonn na Daltaí sa Seomra Ranga.	82
5.5.4	An Teanga a Labhraíonn na Daltaí Eatarthu Féin sa Seomra Ranga.....	83
5.5.5	An Teanga a Labhraíonn na Daltaí i Suíomhanna Dífriúla.	83
5.5.6	Téacsleabhair	83
5.5.7.	Dearcadh na Múinteoirí i leith na Scolaíochta agus na Gaeilge.	84
5.5.8.	Cúrsaí / Ceardlanna do Mhúinteoirí	84
5.5.9.	Moltaí na Múinteoirí.....	86
5.5.10.	An Taighde ar na Bunmhúinteoirí – Tátail	88
5.6.	Taighde nár cuireadh i gcrích de bharr COVID-19.....	88
6.	Bearta an Phlean.....	89
6.1.	Réamhrá.....	89
6.2.	Na Critéir Pleanála Teanga do Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta	90
6.3.	Struchtúr a Bhunú leis an bPlean Teanga a Chur i bhFeidhm.	92
6.4.	An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais).....	102
6.5.	Seirbhísí Cúraim Leanaí, Tacaíochta Teaghlaigh, Seirbhísí Tacaíochta Teanga...110	
6.6.	Seirbhísí don Aos Óg:.....	114
6.7.	Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais	119
6.8.	An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumann.....	123
6.9.	Na Meáin Chumarsáide	127
6.10.	Na Seirbhísí Poiblí	130

6.11.	An Phleanáil agus Forbairt Fhisiceach	131
6.12.	Na Clubanna Sóisialta agus Caitheamh Aimsire	133
6.13.	Staid na Gaeilge sa Limistéar	140
7.	Costais agus Maoiniú	143
8.	Forbairt Feasachta agus Poiblíocht.....	145
9.	Feidhmiú agus Monatóireacht.....	146
10.	Aguisíní / <i>Appendices</i>	149
10.1	Aguisín 1 <i>Appendix 1 - English Language Summary</i>	150
10.2.	Aguisín 2. An Ceistneoir ar an bPobal.....	163
10.3	Aguisín 3. Moltaí ón bPobal – Foghlaim na Gaeilge	171
10.4	Aguisín 4. Moltaí ón bPobal – An Ghaeilge agus an Saol Sóisialta.....	180
10.5.	Aguisín 5. Moltaí Ginearálta ón bPobal.....	186
10.6	Aguisín 6. An Ceistneoir – Príomhoidí Bunscoile.....	195
10.7	Aguisín 7. An Ceistneoir – Múinteoirí Bunscoile	198
10.8	Aguisín 8. An Ceistneoir – Príomhoide na h-Iarbunscoile	202
10.9	Aguisín 9. An Ceistneoir – Ionaid Cúraim Leanaí (Béarla)	206
10.10	Aguisín 10. Foinsí Taighde Tánaisteach / Leabharliosta	209
10.11	Aguisín 11. An Teimpléad Athbhreithnithe agus Monatóireachta (TAM).....	210
10.12	Aguisín 12. Costais an Phlean de réir Beart, Réimse agus Bliana.....	211

Liosta na nGiorrúchán

BCnaC	Bearna & Cnoc na Cathrach (LPT) <i>Barna & Knocknacarra (LPA)</i>
CCnaG	Comhairle Chontae na Gaillimhe – <i>Galway County Council</i>
CLG	Cainteoirí Laethúla Gaeilge – <i>Daily Speakers of Irish</i>
CNNG	Comhar Naíonraí na Gaeltachta – <i>Gaeltacht Preschool Support Organisation</i>
CPT	Critéir Pleanála Teanga – <i>Language Planning Criteria</i>
ED	<i>Electoral Division</i>
LPA	<i>Language Planning Area</i>
LPT	Limistéir Pleanála Teanga
OPT	Oifigeach Pleanála Teanga - <i>Language Planning Officer</i>
PCÁG	Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta <i>Galway County Council Gaeltacht Local Development Plan)</i>
POS	An Phríomh-Oifig Staidrimh – <i>Central Statistics Office:CSO</i>
PTBC	Pleanáil Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach – An Coiste a réitigh an plean <i>Barna Knocknacarra Language Planning Committee – The committee that prepared the plan</i>
RTCEGSM	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin – <i>Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media</i>
SCT	An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht <i>Comprehensive Study of the Use of Irish within the Gaeltacht</i>
SLG	Scéim Labhairt na Gaeilge <i>Grant paid to Gaeltacht parents who raise their children through Irish (discontinued in 2012).</i>
TAM	Teimpléad Athbhreithnithe agus Monatóireachta - <i>Review and Monitoring Template</i>
TR	Toghroinn
ÚnaG	Údarás na Gaeltachta

Ráiteas ó Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach

Ar an drochuair tá an mír seo á scríobh i mí Meán Fómhair 2020 ag am go bhfuil an tír agus a pobail ag tógáil céimeanna beaga chun éalú ó ghalar COVID-19. Tá an tír thíos leis an víreas seo i ngach earnáil agus beidh gnáthchúrsaí an tsaoil mall ag teacht chucu féin. Ní fada uainn géarchéim airgeadais agus fostaíochta agus le deacrachtaí den saghas seo íslítear slánú na Gaeilge mar thosaíocht ag leibhéal an Rialtais go ginearálta. Ach seachas a bheith éadóchasach tá éacht déanta ag pobail Bhearna agus Chnoc na Cathrach chun an Plean Teanga seo a chur i dtoll a chéile. Tá buíochas gan teora ag dul dóibh siúd uile a ghlac páirt fonnmhar sa chur chuige. Áirítear anseo pobal na Gaeilge féin agus pobal nach iad sa Limistéir Pleanála Teanga, cisteoirí reatha, iar-chisteoirí, na Cathaoirligh a rinne íobairtí pearsanta chun an próiseas a choinneáil sa tsiúl. Tá a fhios agaibh uile cé sibh féin!

Anois go bhfuil plean cuimsitheach againn, le tacaíocht agus dea-thoil an dá phobal, tá slógadh úr ag teastáil chun na ribíní dóchais teangeolaíocha seo a fhí le chéile. Beidh obair dhúshlánach i gceist ach san áit go bhfuil an toil agus an díograis bainfear na spriocanna amach.

Guím mo bhuíochas agus mo bheannachtaí pearsanta ar chuile dhuine a d'iompar cuid den ualach a bhain leis an tionscnamh seo. Buíochas d'oifigigh Údarás na Gaeltachta a choinnigh ar na ráillí muid agus oifigigh na Roinne Cultúr Oidhreachta agus Gaeltachta a thug an spreagadh cuí nuair a bhí sin ag teastáil. Buíochas ar leith do Cholm Ó Cinnseala, an comhairleoir teanga ag Plean Teanga Bhearna Chnoc na Cathrach a chuir a chroí agus a anam isteach sa tionscnamh seo agus a stiúraigh coiste PTBC trí cheo na héiginnteachta.

Gach rath ar an obair don todhchaí.

Uinseann Mac Thómais
Cathaoirleach.

Statement from the Barna / Knocknacarra Language Planning Committee

This introduction is being written in September 2020 at a time when regrettably, the country and its communities are taking small steps to escape from the COVID-19 virus. The country has suffered in every sector and the ordinary affairs of life will be slow to revive. A financial and employment crisis is not too distant and with challenges of this type Irish language matters slip down the order of priority in the country generally. Rather than being despondent, the communities of Bearna – Cnoc na Cathrach have singularly achieved a current language plan. Unlimited thanks is due to those people who enthusiastically took part in its preparation. Included here is the local Irish speaking cohort, other interested parties in the Language Planning Area, current and former committee members, Chairpersons who made personal sacrifices to keep the process going. You all know who you are!

Now that we have a comprehensive plan with support and goodwill from the two communities a fresh mobilisation is required to weave these threads of hope together. There is challenging work ahead but where there is will and enthusiasm the goals will be achieved.

I offer my personal thanks and my blessings to all those people who carried some of the burden of this project. Thanks to the executives of Údarás na Gaeltachta who kept us on the rails and the officers of the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht who gave the required encouragement when it was needed. Particular thanks to Colm Ó Cinnseala the language planning consultant to *Plean Teanga Bhearna – Chnoc na Cathrach* who steered the committee of PTBC through the fog of uncertainty.

Every good wish to the future work.

Uinseann Mac Thómais

Cathaoirleach.

Seo a leanas an tsamhail atá ag PTBC don bhliain 2028 ach obair na pleanála teanga a bheith ag leanacht ar aghaidh. Cuirtear an fhaisnéis seo i láthair i bhfoirm liosta, agus ní gá gur liosta teoranta atá ann, ach go mbeifear ag cur leis go rialta, ag eascairt as taithí, pleanáil don todhchaí agus méadú leanúnach ar rannpháirtíocht ó ghrúpaí pobail éagsúla thar speictream leathan aoisghrúpaí:

- i) Go mbeidh struchtúr buan ag Plean Teanga Bhearna - Chnoc na Cathrach idir choiste gníomhach, fhoireann, cheanncheathrú, phlean bliantúil agus bhuiséad cuí le spriocanna a bhaint amach.
- ii) Go mbeidh an dá phobal, Bearna agus Cnoc na Cathrach, agus comhdhéanamh an dá phobail, feasach agus compordach le haidhmeanna agus le spriocanna PTBC.
- iii) Go bhfeicfear tacaíocht/rannpháirtíocht ó gach earnáil sa phobal ag leibhéal fiúntach e.g. na hearnálacha gnó, eaglasta, sóisialta, stáit, spóirt, oideachais 's araile.
- iv) I gcomthéacs pleanála infreastruchtúr, imeachtaí, eagraíochtaí nua, go mbeidh stadas agus tosaíocht ag an bpleanáil teanga in aon imeacht/obair atá á phleanáil don dá phobal.
- v) Go mbeidh stadas nadúrtha agus inghlactha ag an aos óg maidir le nósmaireacht laethúil Gaeilge nó dátheangach ina n-iompar go ginearálta agus lasmuigh de bhallaí na scoileanna go sonrach.
- vi) Go mbeidh úsáid rialta ag na céadfaí radhairc agus cloisteála mar a bhaineann le Gaeilge sa timpeallacht e.g. comharthaíocht, córas fógartha poiblí, seirbhísí eaglasta, cruinnithe poiblí etc.
- vii) Go bhfeicfear ceannaireacht ón earnáil pholaitiúil agus cinnirí pobail i gcoitinne maidir le úsáid leanúnach don Ghaeilge os comhair an phobail agus na meán.
- viii) Go dtiocfaidh ardú 5% sa bhreis ar an gcéatadán reatha 5.9% (660 duine) den sciar daonra sa LPT atá ina gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais, go dtí 11.9% (i.e. 1219 duine) le linn shaolré an phlean teanga.

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

1.1. An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht

Sa bhliain 2007, foilsíodh an mórstaidéar **An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht** (SCT) (Ó Giollagáin et al.). Foilsíodh leagan uasdátaithe den staidéar (*Nuashonrú*) in 2015. Léirítear sa staidéar seo agus i dtaighde eile a foilsíodh roimhe agus ina dhiaidh sin go bhfuil an Ghaeilge go mór i mbaol agus í i gcontúirt mar phríomhtheanga pobail agus nach mairfidh sí thar an gcéad ghlúin eile mar ghnáth-theanga pobail sa Ghaeltacht. Moladh sa staidéar go ndéanfaí catagóirí ar na pobail Ghaeltachta ar bhonn úsáid na Gaeilge seachas ar bhonn tíreolaíoch amháin, mar a bhíodh go dtí seo. Tugtar míniú ar na catagóirí sa tábla thíos.

Catagóir	% Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG)	Míniú de réir an SCT
A	67% +	An tairseach le pobal bisiúil teanga a bheith ann. 'Léirítear san anailís seo go dtagann laghdú tobann ar úsáid na Gaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail nuair a thiteann líon na gcainteoirí laethúla i gceantar faoi bhun na teorann seo.' (2007: 146).
B	44% - 66.9%	'Tá staid na teanga sna ceantair seo fíor-leochaileach.' (ibid., 147)
C	Faoi bhun 44%	'Tugann an fhaisnéis le fios go n-úsáidtear an Ghaeilge mar nós mionlaigh.' (ibid., 148)

Tábla 1.1: Na Catagóirí Gaeltachta – Categories of Gaeltachtaí

1.2. An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

In 2010 d'fhoilsigh an Rialtas cáipéis – an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* - inar sonraíodh gurbh í aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná go méadófaí úsáid agus eolas ar an nGaeilge mar theanga pobail ar bhonn céimiúil. Sonraíodh sa *Straitéis* chomh maith go ndéanfaí forbairt ar chóras cuimsitheach pleanála teanga ag leibhéal an phobail sa Ghaeltacht chun a chinntiú go mairfeadh an Ghaeilge mar theanga pobail sa Ghaeltacht.

1.3. Acht na Gaeltachta 2012

Le struchtúr feidhmithe a thabhairt don Straitéis, achtaíodh Acht na Gaeltachta in 2012. Tugann an tAcht feidhm reachtúil don Phróiseas Pleanála Teanga faoina mbeidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i gceantair a bhfuil aitheantas tugtha dóibh faoin Acht mar Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta (LPT). Chuige sin tá an Ghaeltacht roinnte i 26 LPT agus réiteofar agus cuirfear i bhfeidhm plean teanga i ngach limistéar in am trátha.

Faoin Acht beidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéar tíreolaíoch faoi mar a bhíodh go dtí seo.

Tugadh deis d'eagraíochtaí iarratas a chur faoi bhráid ÚnaG le plean teanga comhtháite seacht mbliana a ullmhú do LPTanna, Bearna agus Cnoc na Cathrach ina measc. Is é ÚnaG atá freagrach as ceanneagraíocht pleanála teanga a roghnú le Plean Teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus é mar chúram ar an Údarás an eagraíocht is fearr a léirigh cumas chun úsáid na Gaeilge a mhéadú sa teaghlach, sa phobal, sa chóras oideachais agus i gcúrsaí gnó a roghnú.

Ar an 27 Aibreán 2017, d'eagraigh ÚnaG cruinniú poiblí in Óstán an Chlaí Bháin i gCnoc na Cathrach le ceist na pleanála teanga a phlé leis an bpobal. Bhí thart ar nócha duine i láthair. Bhí an tinreamh níos leithne ná pobal an LPT féin. Ar an 22 Meitheamh 2017, d'eagraigh ÚnaG cruinniú eile, arís in Óstán an Chlaí Bháin. Is é an aidhm a bhí leis an gcruinniú ná coiste áitiúil a chur le chéile agus go mbeadh an coiste seo mar cheanneagraíocht le plean teanga a dhréachtú don LPT ag baint úsáide as treoirínte pleanála teanga de chuid an RTCEGSM.

I mí Iúil 2017, tháinig an coiste le chéile den chéad uair agus roghnaíodh PTBC mar ainm na ceanneagraíochta.

Níl aon chomharchumann Gaeltachta ag feidhmiú san LPT, mar atá i nGaeltachtaí níos faide siar i gContae na Gaillimhe, agus is obair dheonach uilig a bhí i gceist le hobair an choiste.

1.4. An Plean Gníomhaíochta 2018-2022¹

I mí an Mheithimh 2018, d'fhoillsigh RTCEGSM an Plean Gníomhaíochta 2018–2022 agus Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030. Sa cháipéis seo léirítear polasaí reatha an stáit maidir leis an nGaeltacht agus leis an nGaeilge. Is iad príomhaidhmeanna na Straitéise (lch. 7) ná:

- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras oideachais a mhéadú go 250,000;
- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil sa Ghaeltacht a mhéadú fá 25%; agus
- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga a mhéadú.

Sa phlean gníomhaíochta (Lch. 39) tugtar aitheantas don phróiseas pleanála teanga nuair a deirtear:

¹ https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/06/ghaeltacht_report_screen.pdf

Ag croílár an phróisis seo, tá pobal na Gaeltachta, pobal na mbailte agus na líonraí araon, chomh maith leis na ceanneagraíochtaí pleanála teanga atá ag feidhmiú ar a son. Tá obair mhór déanta, idir lámha agus beartaithe ag na heagraíochtaí sin, chomh maith le heagraíochtaí agus coistí Gaeltachta agus Gaeilge eile trí chéile ar leas na teanga agus a gceantair trí chéile anuas trí na blianta. Is é an spiorad sin – spiorad na meithle – atá ag croílár an phróisis agus is cóir agus is ceart é sin a aithint agus leanúint lena tacú.

Tugtar aitheantas sa phlean gníomhaíochta do sheachadadh na Gaeilge ó ghlúin go glúin agus don Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (POG) go háirithe.

Dréacht

2. Sonraí na Ceanneagraíochta

Nuair a cuireadh tús le straitéis pleanála teanga don Ghaeltacht faoi choimirce Údarás na Gaeltachta ní raibh struchtúr forbartha pobail Gaeilge nó struchtúr don phleanáil teanga ag feidhmiú sna pobail i mBearna ná i gCnoc na Cathrach. I Meitheamh 2017 eagraíodh cruinniú poiblí in Óstán an Chlaí Bháin i gCnoc na Cathrach chun an cheist a chíoradh go ginearálta agus chun teacht ar réiteach ar an easnamh seo. D'fhreastail suas le 100 duine ar an gcruinniú sin agus díobh siúd a shínigh an liosta tinrimh ba léir go raibh ionadaíocht ó speictream leathan daoine a bhain leis an dá phobal i láthair. Ina measc bhí lucht na meán, scoileanna, lucht gnó, grúpaí sainspéise agus lucht tacaíochta na Gaeilge go ginearálta. As an bplé uile cuireadh coiste áitiúil le chéile chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhain le haitheantas mar cheanneagraíocht don bpleanáil teanga a shocrú.

Ó Mheitheamh 2017 ar aghaidh idir chruinnithe, mheitheal machnaimh, chomhfhreagras agus dréachtaí éagsúla, ullmhaíodh iarratas ar aitheantas a cuireadh faoi bhráid Údarás na Gaeltachta. Ní miste a mheabhrú gur baineadh an chéim shuntasach seo amach tré obair dheonach agus ar chostas na rannpháirtithe féin. Ina measc siúd a chuidigh leis an bpróiseas bunaithe, agus tá an dá phobal faoi chomaoin acu, bhí Eimear Ní Cheallaigh, Mairéad Ní Chonaola, Uinseann Mac Thómais, Dónal Ó Dálaigh, Éanna Mac Fhuaráin, Séamas Ó hIcí, Máire de Báicéir, Sinéad Ní Ghuidhir, Dolores de Bhál, agus Seán F. Ó Drisceoil. Bhí sé tábhachtach don choiste go mbeadh ionadaíocht cheart ann ón dá phobal agus baineadh an aidhm seo amach.

Cuireadh an dréacht deiridh den iarratas, an seachtú ceann, faoi bhráid Údarás na Gaeltachta i Mí Dheireadh Fómhair 2017. Tháinig an dea-scéala i Feabhra 2018 go raibh aitheantas faighte ag coiste PTBC mar cheanneagraíocht don dá phobal. Ó shin i leith tá coiste reatha PTBC (le tacaíocht ar leith ó Cholm Ó Cinnseala, comhairleoir pleanála teanga) ag obair as lámha a chéile chun Plean Teanga Bhearna Chnoc na Cathrach a thabhairt chun críche.


Is iad baill an choiste:

Cathaoirleach	Uinseann Mac Thómais
Rúnaí	Sinéad Nic Stiofáin
Cisteoir	Seán Mac Dhabhoc
Baill eile	Siobhán Uí Dhálaigh
•	Conchúr Ó Brolcháin
•	Seán F Ó Drisceoil
•	Éanna Ó Fuaráin

3. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

3.1. Topagrafaíocht

Cuimsítear trí thoghroinn (TR) i bpáirt nó ina n-iomláine sa LPT mar a léirítear i bhfigiúr 3.1.



Figiúr 3.1: Toghanna an LPT - Electoral Divisions in the LPA

Tá an Ghaeltacht aibhsithe i ndath uaine geal. Tá teorainneacha na dTR mar línte dearga.

1. Cuimsítear an TR1 '**Bearna (páirt tuaithe)**' ina iomláine sa LPT. San áireamh anseo tá sráidbhaile Bhearna agus an ceantar soir, siar agus ó thuaidh ón sráidbhaile. Is ceantair tuaithe atá sa TR seo.
2. Cuimsítear an taobh thiar de TR2 '**Bearna**' sa LPT. Is é seo an ceantar a nglaoítear 'Cnoc na Cathrach' air go coitianta, ceantar fo-uirbeach le dlús tithíochta.
3. Cuimsítear an taobh thiar de TR3 '**Cnoc na Cathrach**' sa LPT. Úsáideann an POS an téarma 'An Cnocán Carrach' agus tagairt á dhéanamh don TR seo ar a suíomh idirlín. Tá an sciar den TR atá sa LPT ceantar teoranta don taobh ó thuaidh de Bhá Roisín agus an chuid den TR, atá sa Ghaeltacht, ar bheagán daonra.

De réir na treoirlínte Pleanála Teanga a d'eisigh RTCEGSM (Leagan 5)² cuimsítear na toghranna (agus páirt-toghranna) seo a leanas i **LPT Bearna agus Chnoc na Cathrach**

1. An chuid sin de **TR1 cheantar Bhearna i gceantar tuaithe** i gContae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Áth an Ghlugair, Na hAcráí Corra, An Aill, An tÁth Buí, Áit Tí Seonac, An Baile Ard Thiar, An Baile Ard Thoir, An Baile Nua, Baile an Bhrúnaigh, An Bhuaile Bheag Thiar, An Bhuaile Bheag Thoir, Buaile na Sruthán, An Chloch Scoilte, Cnoc Odhráin, Cnoc na Cathrach, An Chorrhbhuaile (Lynch), An Chorrhbhuaile (Morgan), Corr Chuilinn, An Droim Thiar, An Droim Thoir, Na Foráí Maola Thiar, Na Foráí Maola Thoir, Rinn na Mara, An Leac Liath, An Léana Riabhach, Lisín an Chaoráin, Loch Inse, An Pollach, An Chéibh, Tóin na Brocaí, Troscaigh Thiar agus Troscaigh Thoir.
1. An chuid sin de **TR2 cheantar Bhearna i gceantar uirbeach** na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Cheapach, Baile na hAbhann, Baile na mBúrcach, An Léana Bodhar, An Coimín Mór, Baile an Mhóinín Thoir, Cluain na nGabhar (cuid), Gort na Leice, An Seanbhaile Dubh (cuid), Seanghort (cuid), Bearna (cuid) agus Baile an Mhóinín Thiar.
1. An chuid sin de **TR3 cheantar Chnoc na Cathrach** i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Cluain na nGabhar (cuid), An Seanbhaile Dubh (cuid), Seanghort (cuid), Bearna (cuid) agus An Roisín.

Tá TR1 Bearna (páirt tuaithe) faoi riar Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá toghroinn TR2 agus TR3 faoi riar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Is ag LPT BCnaC atá an daonra is airde de na LPT uile agus daonra (2016) de 11,696 sa LPT. Tá tromlach mhuintir an LPT ina gcónaí i mbruachbhaile de chuid chathair mhór rud nach mbaineann le mórán LPT eile.

Le cur le castacht riaracháin an LPT is aon pharóiste eaglasta amháin Bearna agus Na Forbacha, sin an ceantar siar uaidh. Mar thoradh air seo bíonn seirbhísí eaglasta agus clubanna spóirt comónta sa pharóiste, Club Sacair Bearna Na Forbacha Aontaithe agus Club Iománaíochta Bearna Na Forbacha mar shamplaí. Tá na Forbacha mar chuid de LPT Chois Fharraige (le ráta CLG don LPT de (2016) de 48.21%), LPT atá níos láidre ó thaobh na Gaeilge de ná LPT BCnaC (le ráta de CLG (2016) de 5.9%). Níl difríocht chomh mór céanna idir

² <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2019/02/treoirlinite-pleanala-teanga-eagran-5.pdf/>

céatadán na gCLG i dTR na bhForbacha (le ráta de CLG (2016) de 28.3%) agus i TR Bhearna Tuaithe (le ráta de CLG (2016) de 9.71%). Agus muid ag trácht ar CLG is cainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais atá i gceist.

3.2. Daonra³

Tá daonra de **11,696 sa LPT** de réir Dhaonáireamh **2016**, idir 5,490 fir agus 6,206 mná. Is ardú de 532 (4.76%) é seo ar an daonra de 11,164 a tuairiscíodh i nDaonáireamh 2011.

Is cuid de Chathair na Gaillimhe an chuid is mó (ó thaobh daonra de) den LPT agus ní mór tagairt a dhéanamh don fhás as cuimse a tháinig ar dhaonra na cathrach i gcomhthéacs náisiúnta, le roinnt blianta anuas.

Daonra Chathair na Gaillimhe agus Poblacht na hÉireann ⁴				
<i>Population growth in Galway City and in Republic of Ireland</i>				
	1966	2016	Athrú	% athrú
Cathair na Gaillimhe (bruachbhailte san áireamh)	25,997	79,934	+ 53,937	207.5%
Poblacht na hÉireann	2,884,002	4,761,865	+1,877,863	65.1%

Tábla 3.1: Daonra Chathair na Gaillimhe - Galway City population

Tá sé le feiceáil, sa chaoga bliain idir 1966 agus 2016, gur mhéadaigh daonra an stáit fá 65% ach gur tháinig méadú sa bhreis ar 200% ar dhaonra Chathair na Gaillimhe. Léiríonn an taighde (Tábla 5.5) nach as an nGaeltacht ó dhúchas (LPT BCnaC san áireamh) iad 81.5% d' áitritheoirí an LPT. De réir figiúirí Dhaonáirimh 2016 (Tábla 3.4) is daoine ó thar lear isteach iad 19.5% d'áitritheoirí an LPT. Dar ndóigh tá impleachtaí teangeolaíocha ag an ráta inimirce seo ag glacadh leis nach bhfuil Gaeilge ag na háitritheoirí nua seo.

Cuimsíonn an LPT TR amháin ina iomláine (Bearna Tuaithe) agus an chuid thiar de TR Bhearna (Uirbeach) agus an taobh ó dheas de TR An Cnocán Carrach*.

Daonra na dTrí TR (ina n-iomláine) atá mar chuid, nó mar pháirt-chuid de LPTBCnaC 2011 agus 2016 ⁵				
<i>Population of complete EDs which constitute (in total or in part) the LPA 2011-2016</i>				
	2011	2016	Athrú	% athrú

³ Fuarthas gach eolas sa chaibidil seo ó <http://census.cso.ie/sapmap/>

⁴ https://www.cso.ie/en/media/csoie/census/census1971results/volume1/C_1971_V1_T8.pdf

⁵ Léirítear daonra na TR ina n-iomláine. Níl ach cuid de TR Bearna Uirbeach agus Cnoc na Cathrach sa Ghaeltacht oifigiúil.

Bearna Tuaithe	3630	3727	+ 97	+2.67
Bearna Uirbeach (i.e. Cnoc na Cathrach)	14384	15185	+ 801	+5.57
Cnoc na Cathrach (TR iomlán)	1515	1490	- 25	- 1.65
Iomlán	21540	22418	+ 878	+ 4.07

Tábla 3.2: Daonra an LPT de réir TR (iomlána) - Population of LPA by complete ED

*is TR an-bheag cois cósta é 'Cnoc na Cathrach' a chuimsíonn Bá Roisín soir go dtí an Galfchúrsa i mBóthar na Trá.

Daonra LPT BCNAC 2016 de réir aoisghrúpa agus inscne <i>Population of the LPA by age group and gender 2016</i>			
Aoisghrúpa	Fireann	Baineann	Iomlán
0-4	455	447	902
5-9	463	458	921
10-14	431	425	856
15-19	438	418	856
20-24	267	289	556
25-29	244	307	551
30-34	352	502	854
35-39	501	578	1,079
40-44	446	570	1,016
45-49	433	497	930
50-54	385	439	824
55-59	325	380	705
60-64	252	297	549
65-69	179	220	399
70-74	138	166	304
75-79	86	112	198
80-84	61	58	119
85+	34	43	77
Iomlán	5,490	6,206	11,696

Tábla 3.3: Daonra de réir aoise - Population by age

Áitritheoirí LPT BCnaC de réir an áit a rugadh iad (daonáireamh 2016). <i>Residents of the LPA by country of birth (census 2016).</i>		
An tír inar rugadh áitritheoirí	Áit Líon	Áit %
Éire	9,327	80.56
An Ríocht Aontaithe	839	7.25
An Pholainn	251	2.17
An Liotuáin	66	0.57
Tír eile san AE	352	3.04
Áit eile	743	6.42
Gan a bheith ráite	0	0
Iomlán	11578	100.01

Tábla 3.4: An tír arb as áitritheoirí an LPT. Residents of the LPA by place of birth.

Feictear gur de bhunadh na hÉireann 80.56% den daonra. Is é an tábhacht atá leis an bhfigiúr seo, agus ag glacadh leis gur as Poblacht na hÉireann a bhformhór, ná go ndeachaigh na daoine seo tríd an gcóras oideachais áit ar fhoghlaim siad leibhéil éagsúla Gaeilge.

Is é an ráta de dhaoine nár rugadh in Éirinn agus a bhfuil cónaí orthu sa LPT ná 19.45%, ráta atá níos airde ná an ráta náisiúnta (2016) de 17.3%⁶.

3.2.1. Stádas Socheacnamaíochta an LPT⁷

Úsáidtear córas ar a nglaoitear innéacs *Hasse* air, le rachmas (nó a mhalairt) ceantair a thomhais. Sa chóras seo tugtar eolas ar choibhneas saibhris agus easnaimh socheacnamaíochta an cheantair de réir thorthaí an Daonáirimh. Tá an t-innéacs seo bunaithe ar na fachtóirí seo a leanas:

- athrú daonra
- cóimheas aoise is cleithiúnais
- cóimheas tuismitheora aonair
- líon na ndaoine le bunoidéachas amháin
- líon na ndaoine le hoideachas tríú leibhéal
- ráta dífhostaíochta
- líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta.

Maidir leis na scóir sa tábla thíos, tagraíonn:

- '0' don mheán náisiúnta.
- 0 go -10: beagán faoi bhun an mheáin náisiúnta
- 11 go -20: limistéar faoi mhíbhuntáiste
- 20 go -30: limistéar faoi mhór-mhíbhuntáiste
- 0 go +10, +11 go +20, 's araile, mar atá thuas, ach **os cionn** an mheáin náisiúnta.

Leibhéil buntáiste / míbhuntáiste 2016 – Toghranna BCnaC		
<i>Social advantage/disadvantage 2016 by Electoral Division (ED) within LPA</i>		
TR	Leibhéal 2016	Cur síos
Bearna Tuaithe	+ 10.71	rachmasach
Bearna Uirbeach	+ 9.14	beagán os cionn an mheáin náisiúnta
Cnoc na Cathrach	+12.48	rachmasach

Tábla 3.5: Leibhéil buntáiste / míbhuntáiste LPT BCNaC – Levels of social equality/inequality in the LPA


6

https://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/population/2017/Chapter_5_Diversity.pdf

⁷ Fuarthas gach eolas sa mhír seo ó pobal.ie ag: maps.pobal.ie/WebApps/DeprivationIndices/index.html


Plean Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach 2020- 2027. Lch. 17

Léiríonn an dath donn i bhFigiúirí 3.2 agus 3.3 na ceantair atá faoi, nó os cionn, an mheáin náisiúnta. Is é an líne glas teorainn na Gaeltachta. Léiríonn dath gorm ceantair atá go maith as. De réir mar a éiríonn an dath donn níos dorcha is ea is mó atá an ceantar faoin meán náisiúnta míbhuntáiste. Is é an leibhéal míbhuntáiste do Chontae na Gaillimhe mar aonad ná + 1.81. Feictear (Figiúr 3.2) go bhfuil LPT BCnaC níos fearr as, ó thaobh na heacnamaíochta de, ná na ceantair Ghaeltachta de chatagóir 'A' atá suite níos faide siar ná é i gContae na Gaillimhe.



Figiúr 3.2: Leibhéal buntáiste / míbhuntáiste in Iarthar na Gaillimhe.

Léirítear na leibhéil de mhíbhuntáiste de réir na ‘ceantair bheaga’ i LPT PTBC (agus sna ceantair máguaird) i bhfigiúr 3.3.



Figiúr 3.3: Leibhéal buntáiste / míbhuntáiste Ghaeltacht na Gaillimhe 2016 – Deprivation Index in the Galway Gaeltacht 2016

3.3. An Córas Oideachais

Is iad seo thíos na hinstiúidí oideachais atá ag feidhmiú sa LPT agus sna ceantair máguaird faoi láthair:

Scoileanna sa LPT. <i>Schools within the LPA.</i>			
Scoil / Ollscoil	Leibhéal	Suíomh	Líon Daltaí 2019/2020
Ollscoil na hÉireann	3	Gar don LPT	18,000 ⁸
Coláiste na Coiribe	2	Cnoc na Cathrach	590*
Gaelscoil Mhic Amhlaigh	1	Cnoc na Cathrach	595
SN Séamus Naofa	1	Bearna	266
SN Naomh Iosef (An Bhuaile Bheag)	1	Bearna	257*
<i>St John the Apostle</i>	1	Cnoc na Cathrach	422
Cuan na Gaillimhe CNS (<i>Steiner</i>)	1	Cnoc na Cathrach	54
<i>Educate Together</i>	1	Cnoc na Cathrach	160*
		Iomlán	2,344

Tábla 3.6: Scoileanna sa LPT - Schools in the LPA

(*Friothadh an t-eolas maidir leis an líon ar rolla ó shuíomh idirlín na scoileanna nó ó shuíomh idirlín na Roinne Oideachais agus Scoileanna ag www.education.ie/en/find-a-school).

. Tá gach scoil sa LPT luaite sa taighde seo agus aithnítear go bhfuil páistí nach bhfuil cónaí orthu sa LPT ag freastal ar na scoileanna sin. I gcás Choláiste na Coiribe mar shampla tagann na daltaí as ceantar tíreolaíoch i bhfad níos leithne ná an LPT féin. Tá Gaelscoil Mhic Amhlaigh, atá ag lorg aitheantais mar scoil Ghaeltachta, athlonnaithe agus anois ar imeall theorainn na Gaeltachta de bharr an gá a bhí le suíomh agus scoil níos mó le freastal ar an cheantar máguaird.

Is mar seo a leanas atá staid na Gaeilge sna scoileanna.

Scoileanna an LPT agus an Ghaeilge. <i>Irish and schools in the LPA</i>	
Scoil	Teanga Teagaisc
Coláiste na Coiribe	Gaeilge
Gaelscoil Mhic Amhlaigh	Gaeilge
SN Séamus Naofa	Gaeilge
SN Naomh Iosef	Béarla.
<i>St John the Apostle</i>	Béarla.
Pobalscoil Chuan na Gaillimhe	Béarla.
<i>Educate Together</i>	Béarla.

Tábla 3.7: Teanga teagaisc na scoileanna - Language of tuition within schools

⁸ <https://www.nuigalway.ie/student-life/about-galway/>

Tá rogha leathan iar-bhunscoileanna ar fáil do dhaltáí an LPT chomh maith agus níl siad lonnaithe rófhada ón LPT. Is iad sin:

Iar-bhunscoileanna in Iarthar Chathair na Gaillimhe. <i>Post-primary schools in Western Galway City</i>	
Scoil	Teanga Teagaisc
Salerno School , Br na Mine, Gaillimh.	Gan aon ábhar trí Ghaeilge
Coláiste Éinde, Br na Mine, Gaillimh	Gan aon ábhar trí Ghaeilge
Dominican College , An Bóthar Ard, Gaillimh	Gan aon ábhar trí Ghaeilge
St Mary's College , Br Mhuire, Gaillimh	Gan aon ábhar trí Ghaeilge
Coláiste Iognáid SJ, Br na Mara, Gaillimh	Roinnt ábhar trí Ghaeilge
Our Ladies College , Br na Toirbhearta, Gaillimh	Gan aon ábhar trí Ghaeilge
St Joseph's College , Oileán Altanach, Gaillimh.	Gan aon ábhar trí Ghaeilge

Tábla 3.8: Iar-bhunscoileanna in Iarthar Chathair na Gaillimhe - Post-primary schools in Galway City West

Tá Ollscoil na hÉireann Gaillimh, an ghar don LPT.

3.3.1. An Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022

I mí Dheireadh Fómhair 2016, seoladh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta, 2017-2022* (POG). Tugtar aitheantas sa pholasaí nua seo, don chéad uair ó bunaíodh an stát, do riachtanais éagsúla na ndaltaí scoile sa Ghaeltacht, iad sin atá á dtógáil le Gaeilge, agus iad siúd nach bhfuil ag sealbhú na Gaeilge ón mbaile. Faoin bpolasaí seo, tugadh cuireadh do bhunscoileanna agus don iar-bhunscoil atá lonnaithe taobh istigh de theorainneacha oifigiúla na Gaeltachta cur isteach ar aitheantas mar scoil Ghaeltachta, agus bronnfar an t-aitheantas seo de réir critéir a bhaineann le cúrsaí teanga sna scoileanna sin.

Tá trí cinn de na scoileanna (Coláiste na Coiribe, Gaelscoil Mhic Amhlaigh agus SN Naomh Séamus Naofa Bearna) ag lorg aitheantas faoin scéim. Níor roghnaigh na ceithre bhunscoil eile a bheith rannpháirteach sa scéim.

3.3.2. Deiseanna Foghlama Taobh Amuigh den Chóras Oideachais

Níl aon ionad oideachais do dhaoine fásta ag feidhmiú sa LPT ach tá mór ionad oideachais ag an GRETB i Institiúid Teicniúil na Gaillimhe ar Bhóthar an Athair Uí Ghríofa i lár Chathair na Gaillimhe. Dár ndóigh tá réimse leathan de chúrsaí tríú leibhéal ar fáil in Ollscoil Éireann Gaillimh, nach bhfuil i bhfad ón LPT.

Eagraítear ranganna Gaeilge go bliantúil do dhaoine fásta i nGaelscoil Mhic Amhlaigh agus i Scoil Bhearna.

3.4. Seirbhísí Cúraim Leanaí agus Tacaíochta Teanga

Is iad seo a leanas na hinstitiúidí atá ag feidhmiú in earnáil an luathoideachais agus cúram leanaí.

Institiúidí Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí i LPT BCNAC. <i>Preschools and childcare facilities in the LPA.</i>	
Institiúid	Áit
Naíonra Cháit	Bearna
Naíonra GS Mhic Amhlaigh	Cnoc na Cathrach
Naíolann GS Mhic Amhlaigh	Cnoc na Cathrach
<i>The Den</i>	Bearna
<i>Happy Feet Creche</i>	Bearna
<i>Naomi's Creche</i>	Cnoc na Cathrach
<i>Bubbles Creche</i>	Cnoc na Cathrach
<i>Bubbles Montessori</i>	Cnoc na Cathrach
<i>Slí Búrca Childcare</i>	Cnoc na Cathrach
<i>Play Together</i>	Cnoc na Cathrach
<i>Little Flower Montessori</i>	Cnoc na Cathrach
<i>Jack & Jill Montessori</i>	Cnoc na Cathrach
<i>Lilliput</i>	Cnoc na Cathrach
<i>Little Rascals Day Nursery & Montessori</i>	Cnoc na Cathrach
<i>Kinderstart Montessori</i>	Cnoc na Cathrach

Tábla 3.9: Institiúidí Réamhoideachais agus Cúram Leanaí i LPT BCnAC - Preschools and childcare facilities in the LPA

Tá sé le feiceáil go bhfuil an iliomad gnólachtaí / seirbhísí ag feidhmiú in earnáil an luathoideachais sa LPT. Is de bharr gur bruachbhaile de chuid Chathair na Gaillimhe, le dlús ard daonra, é an chuid thoir den LPT an ráta ard seo. Tá Naíonra agus Ionad Cúram Leanaí Ghaelscoil Mhic Amhlaigh agus Naíonra Cháit ag feidhmiú trí Ghaeilge. Taobh amuigh dóibh seo tá na hinstitiúidí luathoideachais eile san LPT ag feidhmiú trí Bhéarla. Tuairiscíonn naíolann amháin – *An Den* i mBearna - go n-úsáidtear roinnt Gaeilge ann.

3.5. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile:

3.5.1. An tAos Óg

Eagraíonn Cumann na bhFiann Club Óige i nGaeilge don aoisghrúpa 10 – 13 bliana d'aois agus club eile (trí Ghaeilge chomh maith) don aoisghrúpa 13 - 18 bl. go seachtainiúil. Is ar champas Ghaelscoil Mhic Amhlaigh atá na clubanna lonnaithe.

Tógadh club-theach do dhaoine óga faoi scáth na hEaglaise Caitlicigh, i mBearna i 2014. '*The Hub*' an t-ainm atá ar an ionad agus tá sé suite taobh le séipéal Bhearna. Déanann sé freastal ar riachtanais dhéagóirí Pharóiste Bhearna, i.e. na trí scoil-cheantar sa pharóiste, is iad sin Bearna, Na Forbacha agus An Bhuaile Bheag. Bíonn thart ar 25 páiste ag freastal ar an gclub agus iad ag freastal ar na luathbhlianta san iar-bhunoideachais suas go dtí an tríú bliain.

Imrítear cluichí agus spóirt faoi dhíon sa chlub, agus téann an grúpa ar thurais faoin tuath agus go dtí Gairdín na nAinmhithe agus a leithéid. Is cinnirí fásta deonacha a réachtálann an club agus tá Gaeilge ag roinnt acu, Béarla áfach a úsáidtear sa chlub.

3.5.2 Daoine Níos Sine/ Aosaigh

Tá dhá áras cónaitheacha príobháideacha do dhaoine níos sine, *Rushmore* ar an mBóthar Ard agus *St Davids* i gCnoc na Lios (*Gentian Hill*) i gCnoc na Cathrach. Níl aon cheann i mBearna.

Eagraíonn *Knocknacarra Active Retirement Association* (KARA) grúpa do dhaoine níos sine – ranganna ealaíne, scríbhneoireachta cruthaithí 's araile. Tá ballraíocht sa ghrúpa oscailte do dhaoine ó Bhearna chomh maith.

Tá brainse gníomhach de Bhaintreach na Tuaithe (an *ICA*) i mBearna agus is baill in aois an phinsin iad tromlach na mball.

3.6. An Earnáil Ghnó agus Fostaíocht

De réir Dhaonáirimh 2016 is mar seo a leanas a bhí cúrsaí fostaíochta / dífhostaíochta sa LPT.

Príomhstádas Eacnamaíochta an LPT, aois 15+ (Daonáireamh 2016)				
<i>Principal Economic Status of the LPT, aged 15+ CSO 2016⁹</i>				
%		% LPT	% Gaeltacht	% Náisiúnta
Ag obair <i>At work</i>	5332	59	48.8	53.4
Ag cuardach oibre <i>Looking For work</i>	69	0.76	0.7	0.8
Dífhostaithe <i>Unemployed</i>	466	5.17	7.9	7.1
Scoláire <i>Student</i>	1253	13.9	11.7	11.4
Cúramóir Tí <i>Home Carer</i>	583	6.5	8.1	8.1
Ar scor <i>Retired</i>	1042	11.5	17.9	14.5
Tinneas/míchumas <i>Sick / disability</i>	249	2.76	4.4	4.2
Eile <i>Other</i>	23	0.25	0.4	0.4
Iomlán <i>Total</i>	9017	100	100	100

Tábla 3.10: Fostaíocht / Dífhostaíocht 2016 - Employment levels in the LPA 2016

Léiríonn na figiúirí dea-scéal maidir le cúrsaí fostaíochta agus dífhostaíochta. Feictear go bhfuil an céatadán atá fostaíthe 59%, níos airde ná an ráta náisiúnta 53.4% agus níos airde ná an meán sa Ghaeltacht 48.8% ina iomláine. Feictear chomh maith go bhfuil an leibhéal dífhostaíochta sláintiúil go maith ag 5.17% ráta níos ísle ná an ráta náisiúnta de 7.1% agus níos ísle ná an ráta sa Ghaeltacht de 8.6%.

Tá sé mar straitéis ag ÚnaG tacú le cruthú agus cothú fostaíochta sna ceantair Ghaeltachta trí mhaoiniú a thabhairt do 'chliaintchomhlachtaí'. Is éard atá i gceist le 'cliaintchomhlacht' ná comhlacht a fhaighann tacaíocht ó ÚnaG atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta d'fhonn fostaíocht a chruthú agus a chothabháil sa gceantar. I gcás LPT BCnaC, cé gurb é an LPT is

⁹ http://census.cso.ie/sapmap2016/Results.aspx?Geog_Type=LPT2012&Geog_Code=4106B1F2-D45C-4D0D-873B-DC6342ACD9D4#SAPMAP_T8_801

mó é ó thaobh daonra de, níl ach 31 duine fostaithe (2019) i 11 cliaintchomhlachtaí de chuid an Údaráis ann.

3.6.1. An Earnáil Mhiondíola

Bhailigh baill den choiste agus an comhairleoir an t-eolas seo thíos. Tá an fhéidearthacht ann nach liosta iomlán é. Bhí sé i gceist fócasghrúpa a eagrú le bainisteoirí na ngnólachtaí ach níorbh fhéidir é sin a dhéanamh de bharr na héigeandála sláinte a bhain le COVID-19. Ní mór a rá go bhfuil mór-ionad siopadóireachta (Dunnes, B&Q 's araile) ar leac dorais an LPT i gCnoc na Cathrach ach nach bhfuil go tíreolaíoch sa LPT.

An Earnáil Mhiondíola- LPT Bhearna & Chnoc na Cathrach 2020			
The Retail Sector in Barna and Knocknacarra 2020			
Cnoc na Cathrach		Sráidbhaile Bhearna	
Ainm	Gnó	Ainm	Gnó
Br na Ceapaí		Clarkes SuperValu	Siopa
Cappagh Stores	Siopa	Oifig an Phoist	
Cappagh Asian	Bialann (<i>Takeaway</i>)	John Mulholland	Geallghlacadóir
Peter Gannon	Fiaclóir	Barna Vet Clinic	Tréadlia
Ionad Pobail		West Coast Vets	Tréadlia
Knocknacarra	Eaglais Chaitliceach	The Bakery Shop (The Twelve Hotel)	Bácús
Seacrest		Barna Dry Cleaners	Glantóirí Éadach
Richard Hughes	Radharceolaí	Pressed For Time	Glantóirí Éadach
Seacrest Café	Bialann	Design House Barna	Siopa Éadaí
Brian Fahy	Geallghlacadóir	Captain Tortue & Friendtex	Siopa Éadaí
Seacrest Surgery	Dochtúir	Ali's Fish Shop	Siopa Éisc
Molloy	Poitigéir	Texaco	Stáisiún Peitрил
Baile an Mhóinín (Uacht.)		Evergreen	Bianna Sláinte
French Vanoli	Folláine	O'Grady's on the Pier	Bialann
Raymond Skelton	Gruagaire	Donnelly's Bar and Restaurant	Bialann 's Bear
Angela Silke	Cúram Cnis	Spiced Barna	Bialann
Sean Ghort		Hooked	Bialann
Joyces	Ollmhargadh	The Twelve Hotel	Bialann + Óstan
O'Connors	Tirimghlantóirí	Pizza Dozzina	Bialann
Ground and Co	Siopa Caifé	Nourish	Bialann

Koztello	Gruagaire	Barcella	Bialann
Kingston	Fiaclóireacht	Morelli	Bialann
Leo Walsh	Poitigéir	Indi Garden Takeway	Bialann
Capones	Bialann	Amber Oriental Chinese Takeaway	Bialann
Educo	Halla Gleacaíochta	Amber Oriental Chinese Takeaway	Bialann
Polski	Siopa	Alchemy Hair Company	Áilleacht
Tanning Salon	Salón Griandathúcháin	Velvet Hairdressing	Áilleacht
Cláí Bán		Retro Hairdressing Salon	Áilleacht
Knocknacarra Medical	Ionad Leighis	The Hair Boutique	Áilleacht
Sheridans	Teach Ósta	Hidden Beauty, Beauty and Nail Studio	Áilleacht
Mc Sweeney	Poitigéir	CL Nails	Áilleacht
Beauty Spot	Áilleacht	Piorra Beauty	Áilleacht
Clybaun Stores	Siopa	Le Petit Spa, The Twelve	Áilleacht
Dentistry for kids	Fiaclóir	Lorraine's Beauty (At Retro)	Áilleacht
O'Neill	Áiseanna Éisteachta	Fat Tony's	Áilleacht
Clybaun Hotel	Óstán	Haven Pharmacy	Poitigéir
Des Kavanagh	Leictreach	Matt O'Flaherty's	Poitigéir
Taobh thoir		Barna Village Dental	Fiaclóir
Pure Skill	Ionad Spraoi	Seapoint Medical Centre	Ionad Leighis
Monkey Business	Ionad Spraoi	Barna Medical Centre	Ionad Leighis
Aldi	Ollmhargadh	Barna Opticians	Radharceolaí
First Stop Tyres	Boinn	Coiscéim Podiatry	Cosliacht
B&Q	Siopa cruaearraí	Tuairisc.ie	Nuachtán ar líne
New Look	Faisiún		
Next	Faisiún		
Mc Sharry	Poitigéir		
Koztello	Gruagaire		
Kozcafé	Caifé		
Gateway Retail	Siopaí Nua		
Pet Store	Siopa Peataí		
Evergreen	Bianna Sláinte		
Carraig Donn	Siopa Éadaí		
Boots	Poitigéir		
Harvey Norman	Earraí Tí		

Tábla 3.11: Gnólachtaí sa LPT – Retail business' in the LPA

3.7. Eagraíochtaí Pobail agus na Comharchumainn

Níl aon chomharchumann ná comhlacht forbartha Gaeltachta ag feidhmiú sa LPT. Is san earnáil spóirt atá pobail Bhearna-Chnoc na Cathrach, den chuid is mó, gníomhach i gcúrsaí forbartha pobail. Tá cumainn fholláine ag plé le peil, iománaíocht, sacar, camógaí, haca, srl. Baineann na clubanna seo úsáid rialta as na háiseanna imeartha spóirt atá sa dá phobal. Anuas ar na gníomhaíochtaí seo tá coistí paróiste, grúpa tacaíochta do sheanáirí agus líon maith de chumainn áitritheoirí. Níl struchtúr forbartha pobal *per se* e.g. comharchumann, eagraíocht forbartha pobail ann, agus is easnamh é seo i dtéarmaí an aitheantais atá ar fáil ó Ranna Stáit agus ó údaráis áitiúla. In ainneoin go bhfuil an chuid is mó den dá phobal i limistéar oifigiúil Gaeltachta (teorainneacha 1956), seachas an phleanáil teanga, ní léir go bhfuil láithreach Údarás na Gaeltachta le feiscint sa LPT. Níl aon eastáit tionsclaíoch de chuid ÚnaG lonnaithe sa LPT, mar shampla. Cé gur sa LPT seo atá an daonra is mó sa tír, is beag áiseanna pobail Gaeltachta atá le feiceáil ann e.g. téatar, leabharlann, nó aonaid cothaithe fiontair. Spreagfaidh feidhmiú an Phlean Teanga seo céimeanna chun an folús seo a líonadh.

3.8. Na Meáin Chumarsáide

Tá oifig Tuairisc.ie lonnaithe i sráidbhaile Bhearna. An Curadh Conachtach (*Connacht Tribune*) agus an *Galway Advertiser* na meáin chlóite áitiúla is coitianta a léitear sa LPT. Chomh maith leis na stáisiún raidió náisiúnta, éistear le *Galway Bay FM*, an stáisiún raidió áitiúil. Is lárionad eolais agus cumarsáide pobail é an leathanach Facebook - *Knocknacarra Residents*.

3.9. Seirbhísí Poiblí

Níl aon stáisiún de chuid an Garda Síochána ann agus is é stáisiún Bhóthar na Trá an stáisiún is giorra don LPT. Níl aon ionad leighis de chuid an FSS lonnaithe sa LPT ach déanann an tIonad Sláinte sa Seantalamh freastal ar phobal an LPT. Tá lear mór dochtúirí príobháideacha ag freastal ar riachtanais sláinte an phobail i mBearna agus i gCnoc na Cathrach agus Gaeilge ag cuid acu. Ritheann Bóthar Chois Fharráige – an R334 cois cósta tríd an taobh ó dheas den LPT agus Bóthar an Chlocháin – an R59 ó thuaidh. Cuireann an comhlacht *Citydirect* seirbhís an-rialta busanna, an 411, ar fáil idir lár na cathrach agus Cnoc na Cathrach. Déanann Bus Éireann amhlaidh idir Bearna agus Gaillimh agus bus rialta an 424 ag taisteal siar / soir trí Bhearna idir Gaillimh agus deisceart Chonamara.

Tá céibh bheag phoiblí agus sábháilte suite i mBearna.

3.10. Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach

3.11.1 Pleanáil – Ginearálta

Gné amháin den phleanáil teanga sa Ghaeltacht is ea an phleanáil fhisiciúil. Maidir le pleanáil fhisiciúil, ní aonad amháin atá i gceist leis an LPT de bharr go bhfuil TR Bearna (Tuaithe) faoi riar Chomhairle Contae na Gaillimhe agus go dtagann TR ‘Bearna’ (is é sin Bearna Uirbeach nó Cnoc na Cathrach mar a aithnítear é go hiondúil) agus TR Cnoc na Carrach, faoi riar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Faoi Chomhairle Contae na Gaillimhe (CCnaG) atá sé polasaí a shocrú agus a chur i bhfeidhm maidir leis an bpleanáil fhisiciúil sa Ghaeltacht. Chuige sin tá **Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta**¹⁰ ann agus is é an teideal atá ar an bPlean ná ‘Arthú (sic) Uimh. 2(b) ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 - Plean na Gaeltachta’. Tá an Plean seo, a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2018, á úsáid ag CCnaG mar threoir don chaoi a bpléitear le pleanáil fhisiciúil i nGaeltacht na Gaillimhe. Tá an Plean seo i bhfeidhm go dtí 2021. I bPCÁG cuimsítear LPTanna Chontae na Gaillimhe mar ‘dhúichí’ phleanála agus mar aonaid iontu féin (PCÁG: 5)

Tá sé dhúiche ar leith sa Phlean Gaeltachta reatha, is iad: *(Is athfhríotail ó na pleananna ábhartha atá sa mhéid atá aibhsithe i gcló gorm sa mhír seo)*

- ‘Iorras Aithneach/Camas/Ros Muc’;
- ‘Dúiche Sheoigheach’;
- ‘Ceantar na nOileán/An Crompán’;
- ‘Cois Fharraige’;
- ‘Oileáin Árann’;
- ‘Imeall na Cathrach’.

Sa Phlean aithnítear ‘Imeall na Cathrach’ (PCÁG: 9) mar aonad pleanála amháin agus é comhdhéanta de na bailte / ceantair seo a leanas: **Bearna**, Eanach Dhúin, Maigh Cuilinn,

10

[http://www.galway.ie/en/media/1.%20Athr%C3%BA%20Beartaithe%20Uimh.%202\(b\)%20ar%20PCFG%20-%20Plean%20na%20Gaeltachta.pdf](http://www.galway.ie/en/media/1.%20Athr%C3%BA%20Beartaithe%20Uimh.%202(b)%20ar%20PCFG%20-%20Plean%20na%20Gaeltachta.pdf)

Baile Chláir, Tulaigh Mhic Aodháin, Baile an Teampaill, Ceathrú an Bhrúnaigh, An Leacach Beag, An Carn Mór, agus Lisín an Bhealaigh. Feictear dúinn go bhfuil trí LPT i gceist le dúiche ‘Imeall na Cathrach’, is iad; a) An tEachréidh, b) Oirthear Chathair na Gaillimhe agus c) Bearna & Cnoc na Cathrach cé nach bhfuil Cnoc na Cathrach cuimsithe mar cheantar Gaeltachta de chuid na Comhairle Contae de bharr go dtagann sé faoi riar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

3.11.2. Plean Áitiúil Bhearna¹¹

Tá Plean Áitiúil ag Bearna ar a nglaoitear ‘Arthú (sic) Uimh. 2(a) ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021- Plean Bhearna’. Ag tagairt don Ghaeilge / Gaeltacht sa Phlean tá sé ráite go bhfuil sé mar Fhís Straitéiseach:

- ‘Tacú le comhshaol, oidhreacht, saintréith agus conláiste an tsráidbhaile agus iad a chosaint, go háirithe a stádas Gaeltachta, a hoidhreacht iascaireachta, saintréith an tsráidbhaile áitiúil agus an conláiste cósta.
- Braistint láidir phobail, mórtas cathartha, féiniúlacht áitiúil agus cuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn, agus stádas na Gaeilge i mBearna agus an méid a chuireann sí le hoidhreacht teangeolaíochta na Gaeltachta a chur chun cinn’.

Sa phlean áitiúil chomh maith (Lch. 11) luaitear mar chuspóir:

‘Cuspóir CH2 - An Ghaeilge’

‘An Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn mar an chéad teanga pobail i gceantar Bhearna, lena n-áirítear’:

- ‘A chinntiú go bhfuil ainmneacha forbairtí i nGaeilge amháin agus go léiríonn siad saintréith an cheantair’.

11

[http://www.galway.ie/en/media/1.%20Arth%C3%BA%20Uimh.%202\(a\)%20ar%20Phlean%20Fobartha%20Chontae%20na%20Gaillimhe%202015-21-Phlean%20Bhearna%20title.pdf](http://www.galway.ie/en/media/1.%20Arth%C3%BA%20Uimh.%202(a)%20ar%20Phlean%20Fobartha%20Chontae%20na%20Gaillimhe%202015-21-Phlean%20Bhearna%20title.pdf)

- ‘Forbairt saoráidí oideachais, áineasa, turasóireachta agus gnó a spreagadh a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge’.
- ‘Beidh comharthaíocht i nGaeilge go príomha le siombailí a aithnítear go hidirnáisiúnta’.

‘Cuspóir CH3 - Clásal Feidhme Teanga’

‘Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar sciar d’aonaid chónaitheacha i bhforbairt ina bhfuil dhá aonad nó níos mó i **mBearna**. 20% ar a laghad a bheidh sa sciar d’áiteanna cónaithe ina mbeidh clásal feidhme teanga i bhfeidhm nó an chomhréir de dhaoine a úsáideann an Ghaeilge go laethúil, de réir an Daonáirimh fhoilsithe is deireanaí, pé acu is mó’.

3.11.3 Plean Forbartha na Cathrach 2017 – 2023¹²

Tá caibidil i bPlean Forbartha na Cathrach – Caibidil 7 ‘Pobal agus Cultúr’ – ina ndéantar tagairt don Ghaeilge (151):

‘7.3 Cathair Dhátheangach’

‘Baintear úsáid as an nGaeilge ar bhonn laethúil sa chathair. Tá stádas Gaeltachta ag an gcathair agus is ionad seirbhíse an chathair do Ghaeltacht Chonamara. Tá daonra de 48,907 nduine i nGaeltacht Chonamara agus is ionann sin agus 48.5% de dhaonra iomlán na nGaeltachtaí sa stát. Cónaíonn tuairim is 15,300 duine den daonra sin i mbruachbhailte na cathrach. Sa daonáireamh in 2011, i measc chathracha an stáit, bhí an ráta is airde de Ghaeilgeoirí i gCathair na Gaillimhe (44.2%) agus is ann a bhí na sciar is mó den daonra a labhair Gaeilge gach lá (3.3%)’.

‘Maidir leis seo tá ról tosaíochta ag eagraíochtaí amhail Gaillimhe le Gaeilge, Taibhdhearc na Gaillimhe, OÉG, Áras na Gaeilge, TG4 agus Áras na nGael i gcur chun cinn na teanga sa chathair. Féadfaidh an Plean Forbartha tacú le soláthar úsáide talún agus an ghné spásúil a bhaineann le cothú agus cosaint oidhreacht chultúrtha na Gaeltachta. Leanfaidh an Chomhairle ag tacú le tionscnaimh ar bhonn náisiúnta agus




¹² https://www.galwaycity.ie/uploads/downloads/development_plan/2017-2023/CCG-PleanForbartha2017-2023.pdf

áitiúil chun stádas dátheangach na cathrach a dhaingniú, lena n-áirítear aidhmeanna Ghaillimh le Gaeilge d'fhonn an stádas oifigiúil 'Príomhchathair Dhátheangach na hÉireann' a bhaint amach. Cuideoidh tionscnaimh na Comhairle le baint amach na haidhme seo – mar shampla sráideanna nua a ainmniú, logainmneacha a bhaisteadh ar áiteanna cónaithe agus forbairt tráchtála trí Ghaeilge’.

‘Beartas 7.3 – Cathair Dhátheangach’
<ul style="list-style-type: none">• ‘Oidhreacht shaintréitheach chultúrtha agus theangeolaíoch Gaeltachta na cathrach a chosaint agus a chur chun cinn’.
<ul style="list-style-type: none">• ‘Úsáid na Gaeilge/na comharthaíochta dhátheangach a spreagadh i gcúrsaí tráchtála agus san fhearann poiblí’.
<ul style="list-style-type: none">• ‘Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn de réir mar atá forbairtí nua, bóithre nua agus páirceanna nua á n-ainmniú’.
<ul style="list-style-type: none">• ‘Éascú a dhéanamh ar fhorbairt bonneagair, a thacaíonn le cur chun cinn oidhreacht chultúrtha agus theangeolaíoch na cathrach, más iomchuí’.
<ul style="list-style-type: none">• ‘Féachfaidh an Chomhairle le Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta a shainiú sa chathair’.

Maidir le ‘Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta’ a shainiú sa chathair’ mar atá thuasluaite, ní dhéantar aon fhorbairt ar an ábhar seo i bPlean Forbartha na Cathrach.

3.13.4. Íomhánna de Phleananna Ábharta – Rialtais Áitiúla.



3.11. Seirbhísí Sóisialta agus Caithimh Aimsire

Tá pobal beo bríomhar agus earnáil dheonach láidir ag feidhmiú sa LPT. Is trí Bhéarla atá na n-eagraíochtaí ag feidhmiú cé go dtacaíonn cuid de na clubanna spóirt le húsáid na Gaeilge. Mar shampla, d’eagraigh Club Bearna-Na Forbacha Aontaithe campa sacair trí Ghaeilge do chailíní óga sa Samhradh 2020. Is iad seo a leanas na heagraíochtaí deonacha atá ag feidhmiú sa LPT:

Coistí agus Eagraíochtaí Pobail.	
Bearna	Cnoc na Cathrach
Bearna-Na Forbacha Aontaithe (club sacair)	<i>Knocknacarra Residents Association</i>
CLG Bhearna	<i>Salthill Knocknacarra GAA</i>
<i>Barna Ladies Gaelic Football Club</i>	<i>Knocknacarra Amateur Theatre Society</i>
Club Iománaíochta Bearna-Na Forbacha	
<i>Bearna Golf Club</i>	
<i>Barna Sports Park - Tennis and Playground</i>	
<i>Bearna Basketball Club</i>	
<i>Barna Irish Countrywomen’s Association (ICA)</i>	
Coiste Bhaile Slachtmhara Bhearna	

Tábla: 3.12 Eagraíochtaí Deonacha sa LPT - Voluntary Organisations in the LPA

Leathanaigh Facebook LPT BCnaC - Márta 2020 ina bhfuil na téarmaí - Cnoc na Cathrach / Bearna le braith.
Cnoc na Cathrach^{6.6}
<i>Knocknacarra Soccer</i>
<i>Soccer / Football Club</i>
<i>Knocknacarra Palestine Network</i>
<i>Knocknacarra Community Centre</i>
<i>Knocknacarra Residents</i>
<i>Knocknacarra Galway Buy and Sell</i>
<i>Comhaltas Salthill Knocknacarra</i>
<i>Knocknacarra Parkrun Galway</i>
<i>KATS Knocknacarra Amateur Theatre Society</i>
Bearna
<i>Buy Sell Give Bearna Na Forbacha</i>
CLG Bhearna
Bearna Na Forbacha Aontaithe
Scoil Shéamais Naofa Bearna
<i>Bearna Hoops</i>
BearnaBeo.com
<i>Bearna-Na Forbacha Hurling Club</i>
<i>Bearna Golf Club</i>
<i>Bearna Artisan Easter Fest</i>
<i>Barcella Bearna</i>
<i>Barna Furbo Play Ground</i>

Tábla 3.13: Leathanaigh Facebook áitiúla – Facebook pages in the LPA

CLG Bhearna

Faoi láthair tá os cionn 800 ball ag CLG Bhearna. Cuirtear foirne d'fhir agus do mhná chun páirce ag gach leibhéal ó aois faoi 6 suas go dtí na foirne sinsearacha. Chomh maith leis na foirne peile tá foireann Scór ag CLG Bhearna a chuireann an ceol traidisiúnta agus gnéithe eile den chultúr Gaelach chun cinn. Glacann an cumann páirt i gComórtas Peile na Gaeltachta, cuirtear campaí Samhraidh (CúlCamps) agus Campa Cásca ar siúl do pheileadóirí óga (buachaillí agus cailíní) an chumainn agus samhlaítear go mbeadh ról don Ghaeilge mar go bhfuil formhór na bpeileadóirí óga ag freastal ar bhunscoil a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Faoi láthair is i mBéarla a eagraítear na Cúlcampanna. Tá iarrachtaí ar siúl an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn sa gcumann le roinnt blianta anuas agus é anois cláraithe do Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonnacha, scéim Ghaeilge atá á reáchtáil ag Glór na nGael. Toisc go bhfuil beagnach 800 ball ag CLG Bhearna, samhlaítear go mbeadh na líonraí agus infreastruchtúr acu chun imeachtaí Gaeilge a reáchtáil agus poiblíocht a dhéanamh i measc a gcuid ball maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa cheantar.


Bailte Slachtmhara Bhearna

Is coiste nua-bhunaithe é seo atá ag iarraidh páirt a ghlacadh sa scéim náisiúnta “Bailte Slachtmhara”. Toisc daonra Bhearna a bheith os cionn 1,000 duine tá sé i gcatagóir an bhaile bhig ina mbíonn gníomhaíochtaí éagsúla le déanamh ag pobal an cheantair faoi 8 dtéama éagsúla. Tá caomhnú oidhreachta anois an-tábhachtach sa chomórtas seo lena n-áirítear 3 chineál oidhreachta (oidhrecht thógtha, oidhrecht nádúrtha agus oidhrecht chultúir). Bheadh tábhacht nach beag ag an stádas Gaeltachta agus cur chun cinn na Gaeilge sa bpobal i ngné na hoidhreachta cultúrtha. Bheadh féidearthachtaí anseo maidir le hiarrachtaí an phobail a dhíriú ar bhealaí éagsúla leis an nGaeilge a chur chun cinn. D'fhéadfaí plean a chur le chéile maidir le logainmneacha an cheantair, mar atá déanta i gceantair Ghaeltachta eile, comharthaí oifigiúla na comhairle contae a bheith nGaeilge agus comharthaí príobháideacha a bheith i nGaeilge nó dátheangach. Bheadh nascanna le scoileanna agus cumainn chultúrtha eile an-tábhachtach ar ndóigh. Tá rannóga gradaim ar leith den chomórtas d'iontrálaithe ón nGaeltacht chomh maith.

3.12. Staid na Gaeilge sa Limistéar

3.13.1. An Ghaeilge go Stairiúil.

I léarscáil (*Map 2*) a d'éisigh Coimisiún na Gaeltachta in 1926 is mar seo a léiríodh staid na Gaeilge sa cheantar sa bhliain 1925.



Figiúr 3.4: An Ghaeilge sa cheantar 1925 - Irish language ability in the area 1925

Céatadán de Chainteoirí Gaeilge thart ar Chathair na Gaillimhe 1925, de réir toghranna. Percentage of Irish Speakers in ED in the Galway area 1925.	
TR	Ráta
Bearna	96.7%
Cathair na Gaillimhe	46.9%
Gar don Chathair	74.2%

Tábla 3.14: % de chainteoirí Gaeilge i gceantar na Gaillimhe 1925 – Percentage of Irish speakers in Galway area 1925

Ag scríobh dó in 1963 agus é ar cur síos ar Ghaeltacht na Gaillimhe ag an am, bhí an méid seo le tuairisciú ag an údar agus gníomhaí Gaeilge Máirtín Ó Cadhain (2002, 56):

'As late as ten or twelve years ago one could find traditional Irish in Salthill and Taylor's Hill. In fact one can still find pockets in this area as in places at the back of built up areas further west towards Barna. But Irish has now been driven west to Barna and even beyond it, though there are still pockets everywhere. This whole area westwards to Spiddal, largely still intact, is immediately threatened and more and more English-speaking families are growing up or settling there.

Cé go raibh Hindley (1990) rúinín beag róluath agus é ag tuar bhás na Gaeilge sa Ghaeltacht, is mar seo a thuairisc sé faoin gceantar ina leabhar - *The Death of the Irish Language* (1990, 99):

'Proximity to Galway City makes this (Cois Fharráige) a favoured area for Gaeltacht investment, access to markets being well above average. Even Bearna/Barna with only 4.3% of deontas earners in 1981-82, has six minor enterprises in receipt of Údarás grants in 1985, all having presumably satisfied the language requirements.

Little time need be occupied pondering Bearna and Na Forbacha. Except among a few enthusiastic professional people there is no pretence that these are really still Gaeltacht places. Conscientiously Irish-speaking families exist at both, but not in much greater concentration than in the professional Dublin suburbs. Their Irish also tends to be the secondary literary Irish acquired at school, not from 'the hearth'. Naíonraí at both are effecting remedial action but can do nothing about native Irish in places where most of the people are urban incomers.

3.13.2. Staid Reatha na Gaeilge sa n LPT.

Is ón daonáireamh a bailítear faisnéis faoi chumas InGaeilge agus minicíocht úsáid na Gaeilge. Léiríonn figiúr 3.5 thíos na ceisteanna (Ceist 14, 1-5) a cuireadh i leith na Gaeilge ar fhoirm an daonáirimh i 2016.

14 An bhfuil Gaeilge labhartha agat?
Freagair má tá tú 3 bliana d'aois nó níos sine

1 Tá
2 Níl

Má 'Tá', an labhraíonn tú Gaeilge?
Marcáil i ngach bosca cuí

1 Go laethúil, sa chóras oideachais
2 Go laethúil, taobh amuigh den chóras oideachais
3 Go seachtainiúil
4 Ní chomh minic sin
5 Ní labhraíonn riamh í

Barcode: GH04
Foirm Theaghlaigh

Figiúr 3.5: Ceist na Gaeilge i bhfoirm an daonáirimh. - Questions regarding Irish on the 2016 census form.

Ní mór a nótáil nach gcuirtear aon cheist sa daonáireamh faoi leibhéal chumais na bhfreagróirí sa Ghaeilge, rud a déanadh sa taighde a bhain leis an togra pleanála teanga seo. Sa mhír seo déantar idirdhealú idir iad siúd a roghnaigh freagra **14 rogha 2** mar fhreagra. Glactar leo siúd mar chainteoirí gníomhacha, i.e. daoine a labhraíonn an teanga mar ghnáth-chuid dá saol **seachas daoine a labhraíonn an Ghaeilge anois is arís nó i gcomhthéacs na scoile amháin.**

3.13.3. Cainteoirí Laethúla Gaeilge (taobh amuigh den chóras oideachais)

Tá 'An tAmharcóir Pleanála Teanga'¹³ curtha ar fáil ar líne ag an RTCEGSM a thugann eolas ábhartha faoin nGaeilge sna Limistéir Pleanála Teanga (LPT) sa Ghaeltacht. Áiríonn an tAmharcóir Pleanála Teanga ach iad siúd a labhraíonn an Ghaeilge taobh amuigh den chóras oideachais, i.e. na 'cainteoirí gníomhacha'. Léiríonn an tábla thíos staid na Gaeilge sa LPT i gcomhthéacs náisiúnta Gaeltachta. Feictear dúinn gurb í LPT Bhearna & Chnoc na Cathrach an cheathrú LPT is laige ó thaobh labhairt na Gaeilge de sa tír.

¹³ <https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=7090794ee2ca4b53bb785b84c2bd9ad8>

Léiríonn an tábla thíos staid na Gaeilge i gcomhthéacs náisiúnta Gaeltachta. Feictear gurb é LPT BCNAC an ceathrú LPT is laige (as 26) ó thaobh labhairt na Gaeilge de sa tír.

Na Limistéir Pleanála Teanga de réir Chainteoirí Laethúla Gaeilge 2016 ¹⁴			
<i>LPA's by Daily Speakers of Irish 2016</i>			
LPT	Contae	Daonra	%CLG 3+
Toraigh	Contae Dhún na nGall	119	74.56
Ceantar na nOileán	Contae na Gaillimhe	2118	71.66
An Cheathrú Rua	Contae na Gaillimhe	2472	65.13
Oileáin Árann	Contae na Gaillimhe	1226	57.37
Conamara Láir	Contae na Gaillimhe	2935	56.15
Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir	Contae Dhún na nGall	5895	50.84
Cois Fharraige	Contae na Gaillimhe	6669	48.21
Árainn Mhór	Contae Dhún na nGall	469	47.2
Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaigh	Contae Dhún na nGall	4042	39.6
Ciarraí Thiar	Contae Chiarraí	6948	28.74
Na Déise	Contae Phort Láirge	1816	26.87
Cléire	Contae Chorcaí	147	24.8
Múscraí	Contae Chorcaí	3785	23.1
An Ghaeltacht Láir	Contae Dhún na nGall	1595	21.87
Ráth Chairn agus Baile Ghib	Contae na Mí	1857	15.93
Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh	Contae na Gaillimhe	3185	13.8
Dún na nGall Theas	Contae Dhún na nGall	3036	10.9
Tuaisceart Dhún na nGall	Contae Dhún na nGall	2818	9.06
Maigh Eo Thiar	Contae Mhaigh Eo	2141	8.62
Maigh Eo Thuaidh	Contae Mhaigh Eo	7199	8.08
Maigh Cuilinn	Contae na Gaillimhe	4470	6.98
Ciarraí Theas	Contae Chiarraí	1808	6.9
Bearna / Cnoc na Cathrach	Contae na Gaillimhe	11696	5.9
Na Rosa	Contae Dhún na nGall	5372	5.26
An tEachréidh	Contae na Gaillimhe	7999	2.91
Oirthear Chathair na Gaillimhe	Contae na Gaillimhe	7800	2.86

Tábla 3.15: LPTanna de réir láidreacht úsáid na Gaeilge - LPAs in order of strength of use of Irish.

¹⁴ Eolas bailithe ón Amharcóir Pleanála Teanga.

Limistéir Pleanála Teanga		
Limistéar Contae Cainteoirí Laethúla	BCnaC Contae na Gaillimhe	
	2016	2011
Cainteoirí Laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	5.9%	6.19%
Daonra Iomlán	11,696	11,164
Daonra Iomlán 3 bliana d'aois agus os a chionn	11,184	10,610
Líon na ndaoine le cumas labhartha Gaeilge	6,271	6,244
Líon na ndaoine gan cumas labhartha Gaeilge	4,706	4,263
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais	660	657
Athrú ar líon na gCainteoirí Laethúla taobh amuigh den chóras oideachais 2011-2016 i bhfoirm %	0.46%	

Tábla 3.16: CLG taobh amuigh den chóras oideachais – Numbers of daily Irish speakers outside the educational system.

3.13.4. Cainteoirí Laethúla Gaeilge (taobh amuigh agus taobh istigh den chóras oideachais)

Foilsíodh an 'SCT¹⁵ in 2007 agus rinneadh 'nuashonrú' air in 2015. Is tuairisc atá sa SCT ar an taighde cuimsitheach a déanadh ar fhigiúirí daonairimh 2002 agus 2006 chomh fada agus bhain siad leis an nGaeilge sna ceantair Ghaeltachta agus ar ábhar eile ábhartha. Sa SCT úsáideadh líon na ndaoine a labhair Gaeilge taobh istigh, **AGUS** taobh amuigh, den chóras oideachais le teacht ar fhigiúirí. Ní ionann an cur chuige seo agus an cur chuige a úsáidtear san Amharcóir Pleanála Teanga. An rud is suntasaí faoin staidéar ná gur dearnadh rangú ar na ceantair Ghaeltachta (de réir toghroinne) i dtrí chatagóir, A, B agus C. Tá cur síos ar na catagóir i mír 1.1.

Sonraítear sa tábla thíos faisnéis na dtoghranna de réir Dhaonáirimh 2011 (ag tógáil gach CLG, taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais, san áireamh) mar a tuairiscíodh (SCT (Nuashonrú): 72).

CLG de réir TR - LPT Bhearna Chnoc na Cathrach (SCT 2011)				
Daily speakers of Irish in the LPA by ED 2011				
TR:	Daonra 3+	#CLG	CLG%	Catagóir
Toghranna (an chuid sin den TR atá sa Ghaeltacht)				
Bearna (Tuaithe)	3417	944	27.3	C

¹⁵ http://www.udaras.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashonr%C3%BA_FULL_report_A4_FA.pdf

Bearna (Uirbeach) (i.e. Cnoc na Cathrach)	7037	1499	21.1	C
Cnoc na Cathrach	53	1	1.9	C

Tábla 3.17: Cainteoirí laethúla Gaeilge de réir an SCT 2011 - Irish speakers as per the SCT 2011

Feictear go bhfuil gach TR agus páirt-TR i LPT BCNAC rangaithe mar chatagóir 'C', is é sin an catagóir is ísle ó thaobh úsáid na Gaeilge de.

3.13.5 Teaghlaigh agus Scéim Labhairt na Gaeilge

Is éard a bhí i Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG), ná deontas a íocadh le teaghlaigh a chruthaigh go raibh an Ghaeilge á húsáid mar theanga baile leis na páistí a bhí faoi bhun 19 bliana d'aois. Cuireadh an scéim ar bun sna 1930í agus cuireadh deireadh léi in 2011. Is iad na tuismitheoirí iad féin a chuir isteach ar an scéim agus ní gach uile thuismitheoir a chuir isteach air. Tá an fhaisnéis sa tábla thíos bunaithe ar líon na dteaghlach a ghnóthaigh deontas iomlán faoin scéim mar chéatadán de líon na dteaghlach iomlán sa toghroinn a raibh páiste/í sa réimse aoise cuí acu. (SCT - nuashonraithe 2011¹⁶: 50-51).

Scéim Labhairt na Gaeilge 2010/11 sna TRanna Gaeltachta gar do Chathair na Gaillimhe			
Irish language family grants awarded by EDs near to Galway City 2010/11			
TR: Torthaí SLG	SLG 2010/11 Líon	SLG 2010/11 %	Catagóir
Na Forbacha	20	12.9	C
Sliabh an Aonaigh	3	3.6	C
Bearna (Tuaithe)	14	3.4	C
Maigh Cuilinn	7	3.0	C
Mionlach	3	0.9	C
Bearna (Uirbeach)	6	0.7	C
An Carn Mór	2	0.7	C
Baile Chláir	1	0.5	C
Cnoc na Cathrach	1	*	C


Tábla: 3.18: SLG LPT BCnaC 2011 - Irish language (family) grants in the LPA 2011

*Ní thugtar céatadán na dtorthaí SLG i gcás na toghroinne seo i ngeall nach bhfuil ach líon beag teaghlach sa TR a raibh clann acu i réimse aoise na Scéime.

¹⁶ <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2020/07/nuashonru-ar-an-staidear-cuimsitheach-teangeolaioch.pdf>

Feictear gur fíor-bheagán tuismitheoirí a ghnóthaigh deontas faoin scéim go háirithe nuair a chuirtear i gcomparáid le rátaí de 80%+ (m.sh. Garmna 87.5% agus Leitir Móir 80.6%) i dtoghanna níos faide siar i nGaeltacht na Gaillimhe i 2011. Is léiriú é seo ar cé chomh lag agus a bhí úsáid na teanga i ndiméin an teaghlaigh sa LPT sa bhliain 2011.

3.13.6. Léargas Ginearálta ar Staid Reatha na Gaeilge go náisiúnta agus i LPT BCnaC.



Figiúr 3.5: Staid na Gaeilge de réir LPT go náisiúnta 2016 - Daily speakers of Irish by LPA 2016

Tá an léarscáil thuas le fáil ar líne ag “An Amharcóir Pleanála Teanga” ag :

<https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=7090794ee2ca4b53bb785b84c2bd9ad8>

3.13.7 An Ghaeilge i LPT Bhearna & Chnoc na Cathrach – Roinnt ‘Cinnlínte’

- Is é mian uaimhianach an stáit (Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010: 17) méadú de 25% a chur le líon na gCLG sa Ghaeltacht. I gcás LPT BCnaC ciallaíonn sé seo gur chóir go mbeadh sé mar sprioc ag an bPlean Teanga 165 CLG breise a chur leis an bhfigiúr reatha de 660 CLG (2016) roimh 2030.
- Tá an mhian seo insroichte ach deiseanna foghlama éifeachtacha a chur ar fáil agus deiseanna úsáide a chruthú leis an mbearna eatarthu siúd a úsáideann an Ghaeilge go laethúil (660) agus iad siúd a deireann go bhfuil cumas acu sa Ghaeilge (6,271) a laghdú.
- Tá an Béarla go mór chun tosaigh san earnáil chúram leanaí agus gan ach dhá ionad as 13 de na hionaid ag feidmiú trí Ghaeilge.
- Tá an Béarla chun tosaigh sa chóras oideachais ag an mbunleibhéal agus gan aitheantas mar scoileanna Gaeltachta á lorg ach ag dhá bhunscoil as na cúig cinn atá ag feidmiú sa cheantar.
- Tá sé mar bhuntáiste teangeolaíoch go bhfuil an LPT buailte le LPTanna i gConamara atá láidir ó taobh na Gaeilge de agus go bhfuil daoine de bhunú na LPTanna seo ina gcónaí i LPT BCnaC. Sa suirbhé ar an bpobal thuairisc 19.5% de na rannpháirtithe gur tógadh i nGaeltacht na Gaillimhe iad.

4. Léargas ar Ullmhú an Phlean

4.1. Intreoir


I mí Feabhra 2018 Roghnaigh Údarás na Gaeltachta Coiste Pleanála Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach (PTBC) mar Cheanneagraíocht le plean teanga a dhréachtú don dá phobal atá sa LPT. Roghnaigh PTBC Colm Ó Cinnseala Comhairleoir sa Phleanáil Teanga le tacaíocht phroifisiúnta a thabhairt don choiste i Mí Iúil 2019. I rith an tsamhradh 2019 bhí sé i mbun taighde cainníochtúil. Tháinig coiste PTBC le chéile arís i mí Meán Fómhair 2019 agus tosaíodh ar an obair phleanála a bhain leis an taighde cáilíochtúil. Bhí na réimsí agus na huirlisí taighde, amchlár don obair thaighde, feachtais bolscaireachta i dtaobh an taighde, dearadh suirbhéanna (idir leictreonach agus cruachóipeanna), córas dáileacháin agus bailiúcháin 's araile i gceist. Bhí an coiste réidh le tabhairt faoin mórshuirbhé ar an bpobal i mí Dheireadh Fómhair agus bhí an suirbhé oscailte don phobal, ar líne go príomha, ó Mhí na Samhna go dtí an 16ú Nollag. Faoi dheireadh Eanáir 2020 bhí an anailís críochnaithe agus tuarascáil taighde réitithe. I rith Eanáir agus Feabhra 2020 bhí taighde ar bun in earnáil na bunscolaíochta agus na réamhscolaíochta, agus in earnáil an chúraim leanáí. Chríochnaigh an bailiúchán faisnéise ag deireadh Feabhra agus bhí pleanáil ar bun maidir le hobair thaighde san earnáil iarbhuideochais agus in earnáil na hóige i Mí an Mhárta. Ag tús Mhí Márta chomh maith bhí réamhphleanáil ar bun maidir le cruinnithe poiblí le a) torthaí an taighde a roinnt leis an mórphobal agus breis moltaí don phlean a lorg, b) cruinniú poiblí a eagrú le hoifigigh na neagraíochtaí sóisialta agus c) cruinniú a eagrú le bainisteoirí gnólachtaí áitiúla (le béim ar earnáil an mhiondíola).

I lár mhí an Mhárta bhris an éigeandáil sláinte COVID-19 amach agus shocraigh an coiste cloí le treoracha an Rialtais maidir le cruinnithe 's araile agus cuireadh stop tobann leis an iarmhéid taighde a bhí fós le chur i gcrích.

4.2. An Feachtas Bolscaireachta

Ó thús an phróisis, baineadh úsáid leanúnach as na meáin chumarsáide áitiúla chun rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas a spreagadh agus chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an phróisis. Dréachtaíodh plean bolscaireachta cuimsitheach inar cuimsíodh na meáin áitiúla uile. Déanadh agallaimh raidió le Raidió na Gaeltachta, le TG4 agus le *Galway Bay FM*. Foilsíodh ailt i *Galway Now* agus sa *Galway Advertiser*. Thacaigh na scoileanna leis an gCoiste trí théacsanna a sheoladh chuig tuismitheoirí le hiad a choinneáil ar an eolas faoi chruinnithe agus a leithéid. Cuireadh fógraí sna nuachtlitreacha eaglasta.

Bunaíodh suíomh idirlín PTBC.IE agus osclaíodh leathanach Facebook (PTBC) - le heolas a scaipeadh ar an bpobal go leictreonach.



Figiúr 4.1: Suíomh idirlín an Choiste - WWW.PTBC.IE - The Language Planning Committee's web page.

Dearadh (i gcomhar le ÚnaG) bileog eolais agus scaipeadh é go forleathan ar an bpobal áitiúil tríd siopaí, bialanna, scoileanna agus ag tríd na séipéil áitiúla. Tá íomhánna den bhileog léirithe ar na leathanaigh ar lean.

An Plean The Plan

Moltaí & Féidearthachtaí Suggestions & Possibilities

Ciorcail Chomhrá
Conversation
Circles

Ranganna Gaeilge
Irish Classes

Grúpaí Spreaí
Playgroups

Féidearthachtaí
Possibilities

Do bharúil?

Do bharúil?

Foghlaimoirí ag teacht le chéile
Learners get-together

Cainteoirí Dúchasacha / líofa ag teacht le chéile
Native/fluient speakers get-together

Déan Teagmháil Linn Contact Us

Oifig PTBC
Coláiste na Coiribe
Bóthar Bhaile na mBúrcach
Cnoc na Cathrach
Gaillimh
H91 RC97

☎ 089 6173978
✉ Pobal@PTBC.ie
🌐 www.ptbc.ie
📘 PTBC
📱 @CoistePTBC

Eolas le fáil faoi ócáidí / Information on upcoming events www.ptbc.ie

Más mian leat tú féin/grúpa/cumann/scoil /gnó a chur in aithne do nó a chlárú le PTBC, lean an nasc seo le'd' thoil nó iarr cóip chrua:

If you wish to introduce and register yourself/a group/club/school/business with PTBC please follow the link below or contact us for a hard copy:

<https://surveyhero.com/c/db340d1b>

Rúndacht / Confidentiality

Ní luafar aon sonraí pearsanta sa plean.
No personal details will be disclosed in the plan.

Pleanáil Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach



Plean Teanga - Céard a bhéas i gceist?

Deiseanna foghlamtha agus labhartha a chruthú don Ghaeilge i bpobal Bhearna & Chnoc na Cathrach. Oidhreacht shaibhir na teanga a chothú.

Úsáid na Gaeilge a mhéadú chun a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge inmharthana, feiceálach agus fréamhaithe inár bpobal.

A Language Plan - What will it involve?

Creating opportunities for learning and speaking Irish in the Bearn & Cnoc na Cathrach community.

Fostering our rich linguistic heritage.

Increasing the use of Irish to ensure that Irish is viable, visible and embedded in our community.

Lógó deartha ag an ealaíontóir Caoifhionn Ní Cheallaigh
Logo designed by the artist Caoifhionn Ní Cheallaigh

Gach rath ar PTBC

STANDARD
Printers
www.standardprinters.com

Figiúr 4.2.a.: Bileog eolais de chuid PTBC – Copy of publicity leaflet issued by PTBC.

Cén fáth Plean Teanga?

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, beidh Gaeltachtaí na tíre bunaithe ar chriteir theangeolaíocha, ní ar threolaíocht. Ciallaíonn sé sin go mbeidh pleanáil teanga ag leibhéal pobail léarnach i sainmhíniú na Gaeltachta. Caithfidh muid, dá bhrí sin, plean teanga a ullmhú agus a chur i gcrích chun aitheantas mar Ghaeltacht a choinneáil.

LE CHÉILE, IS FÉIDIR LINN É A DHEÁNADH

An Próiseas

The Process

1. Moltaí & Smaointe
Recommendations & Ideas
2. Plé & Tosaíochtaí
Discussion & Priorities
3. An Plean a Leagadh Amach
Designing a Plan
4. Cur i bhfeidhm
Implementation
5. Monatóireacht
Monitoring

Why a Language Plan?

Under the Gaeltacht Act 2012, Gaeltacht recognition will be based on linguistic criteria not on geographic areas. Language planning at community level will be central to the new definition of the Gaeltacht. Therefore, we must prepare and implement a language plan in order to retain recognition as a Gaeltacht area.

TOGETHER, WE CAN ACHIEVE THIS

An Próiseas

Tá suas le dhá bhliain ag an gCoiste Pleanála Teanga an plean teanga a ullmhú don cheantar.

- Beidh seacht mbliana ag an gCoiste an plean a chur i bhfeidhm.
- Beidh deis ag an bpobal smaointe, mianta agus tuairimí a roinnt agus a phlé mar bhunús don plean.
- Beidh deis ag pobal Bhearna & Chnoc na Cathrach seibh a ghlacadh ar phlean teanga a mbeadh éifeacht leis.
- Dáilfear is baileofar eolais trí chruinnithe poiblí, suirbhéanna agus ceistneoirí.
- Tá sé i gceist go mbeidh gach uile aoisghrúpa páirteach sa phróiseas seo.

The Process

- The Language Planning Committee has two years to prepare the language plan for the area.
- There is a seven year period in which to implement the findings.
- The community will have opportunities to share and discuss thoughts, desires and opinions as a basis for the plan.
- The Bearna & Cnoc na Cathrach community will be encouraged to take ownership of a language plan that is meaningful.
- Information will be disseminated and gathered through public meetings, surveys and questionnaires.
- The Committee will endeavour to involve all age groups in this process.

I OTCÉANNNA A CHÉILE IS FEARR CUID COLLECTIVELY WE PROSPER

Figiúr 4.2.b.: Bileog eolais de chuid PTBC – Copy of publicity leaflet issued by PTBC.

4.3. An Taighde

Is é an sprioc a bhí ag an taighde ná staid reatha na Gaeilge sa LPT a thomhais agus túsphointe don aistear pleanála teanga a aimsiú. Chomh maith le sin thapaigh an coiste an deis seans a thabhairt don phobal a mianta i leith na Gaeilge sa phobal a léiriú agus a roinnt leis an gcoiste. Sa mhír seo déantar cur síos ar an modheolaíocht a bhain le na réimsí difriúla taighde.

4.3.1. An Taighde Tánaisteach

Baineadh úsáid as foinsí cainníochtúla taighde mar chuid d'ullmhúchán an phlean. Ina measc bhí na foinsí seo a leanas:

- (i) Daonáireamh na hÉireann
- (ii) Staitisticí Scéim Labhairt na Gaeilge (go dtí 2011)
- (iii) an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007 agus 2015)

Tá roinnt uirlisí ar fáil ar líne agus baineadh an-úsáid as na huirlisí seo a leanas:

- (i) Córas Sapmap de chuid an POS
- (ii) An tAmharcóir Pleanála Teanga de chuid RCO&G
- (iii) An córas '*Pobal Maps*' atá curtha ar fáil ag an eagraíocht Pobal (féach - pobal.ie/about-pobal).

4.3.2. An Taighde Príomha.

Mar chuid den anailís shochtheangeolaíoch ar aon phobal ní mór breathnú ar na gnéithe seo a leanas: an teaghlach, an óige, saol sóisialta an phobail, saol na hoibre, seirbhísí áitiúla le béim ar an earnáil mhiondíola.

Roghnaíodh meascán de mhodhanna taighde, idir suirbhéanna, agallaimh agus grúpaí fócais. Tá breisluach ag baint le suirbhéanna mar is deis iad le haird a tharraingt i measc an phobail ar cheist na teanga. Seo a leanas an obair thaighde a bhí socraithe:

- **Suirbhéanna**
 - An mórshuirbhé ar an bpobal.
 - Bainisteoirí Naíonraí / Ionaid Cúraim Leanaí.

- Déagóirí i gColáiste na Coiribe*
- Príomhoidí agus múinteoirí na mbunscoileanna.
- Príomhoide Choláiste na Coiribe.
- **Grúpaí Fócais**
 - Fócasghrúpa le Lucht Ghnó*
 - Fócasghrúpa leis na hEagraíochtaí Deonacha / Sóisialta*
 - Déagóirí áitiúla i gColáiste na Coiribe agus sa *Hub* i mBearna*.

*De bharr na héigeandála sláinte a bhain leis an COVID-19 rinne an Coiste cinneadh i mí an Mhárta 2020 cruinnithe den choiste a chur ar cheal agus gan leanacht ar aghaidh le haon taighde ina raibh grúpaí daoine i gceist de bharr treoracha sláinte a d’eisigh an Rialtas.

4.3.3. An Suirbhé ar an bPobal

4.3.3.1. *Modheolaíocht*

Tá coiste PTBC comhdhéanta de bhaill éagsúla ón taobh thiar den LPT (Bearna) mar aon leis an taobh thoir den LPT (Cnoc na Cathrach). Tá 4,771 aonad tithíochta sa LPT agus cónaí i 4,389 acu. Is dlús tithíocht uirbeach atá i gceist sa taobh thoir den LPT agus patrún lonnaithe scaipthe tuaithe sa taobh thiar agus sa taobh ó thuaidh den LPT.

Ag deireadh 2018 d’eisigh Údarás na Gaeltachta cáipéis - *Moladh Taighde do na 3 LPT timpeall Chathair na Gaillimhe* – inar leagadh síos moltaí maidir le taighde a dhéanamh sna LPTanna atá buailte ar Chathair na Gaillimhe, is iad sin Oirthear Chathair na Gaillimhe agus an tEachréidh. Dréachtadh na moltaí tar éis don Údarás a bheith i dteagmháil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir leis an íosmhéid freagraí a theastaíonn le sampla ionadaíoch a chinntiú ag tógáil daonra (18+) na LPTanna san áireamh. I gcás LPT BCnaC is é an t-íosmhéid freagraí a luadh maidir le suirbhé randamach agus le sampla ionadaíoch a chinntiú ná **327**. Sa moladh a fuarthas ó ÚnaG moladh ceistneoirí a scaipeadh ar bhreis agus 1,250 duine ar bhonn randamach. Agus an suirbhé dá réiteach (Deireadh Fómhair – Meán Fómhair 2019) bhí seisear ball ar an gcoiste. Ag cruinniú den Choiste PTBC ar an 17/9/19 pléadh na mórcheisteanna Plean Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach 2020- 2027. Lch. 48

taighde, leagan amach an cheistneora agus córas dáileacháin agus bailiúcháin na gceistneoirí. Pléadh chomh maith, an cheist maidir leis an mbealach ab éifeachtaí leis an suirbhé a dhéanamh, ag cur ganntanas acmhainní daonna an choiste san áireamh. Glacadh leis nach raibh an cur chuige seo ag cloí le moltaí an Údaraís maidir le sampláil randamach ach, agus 4,389 ionad cónaithe i gceist, nach raibh sé d'acmhainn ag an gcoiste taighdeoirí a chur ó dhoras go doras ná fiú ceistneoirí a dháileadh ó dhoras go doras agus ceistneoirí comhlánaithe a bhailiú. D'fhág an cur chuige seo go raibh laige ann gurb iad na daoine a bhí bádhuil don Ghaeilge a bheadh níos tugtha leis an suirbhé a chomhlíonadh. Rinneadh iarracht an claonadh sa tsampláil a laghdú an oiread agus ab fhéidir trí fheachtas bolscaireachta forleathan a eagrú. Socraíodh ar chruachóipeanna a dháileadh sa dá shéipéal sa LPT agus ar roinnt eagraíochtaí pobail ar nós Baintreach na Tuaithe (an ICA) agus ar an ngrúpa 'Active Retirement' i gCnoc na Cathrach. Fógraíodh ar shuíomh idirlín PTBC go raibh cruachóipeanna ar fáil ach iad a iarraidh. Is beag éilimh a bhí orthu.

Dearadh leagan leictreonach den suirbhé ag úsáid an bogearra *SurveyMonkey* agus is ar an suirbhé leictreonach a bhí aird an phobail dírithe sa bhfeachtas bolscaireachta.

4.2.3.2 An Suirbhé ar an bPobal - Feachtas Bolscaireachta

- Rinne Cathaoirleach PTBC agallaimh raidió ar *Galway Bay FM* agus ar Raidió na Gaeltachta.
- Rinne ball den choiste agallamh teilifíse le Nuacht TG4
- Foilsíodh ailt sna meáin ar líne ar nós *Galway Daily & Bearna Beo*
- Foilsíodh ailt sna meáin chlóite sa Churadh Conachtach agus sna nuachtlitreacha eaglasta áitiúla.
- Eagraíodh feachtas ar Facebook ag úsáid seirbhísí shainchomhairleora proifisiúnta.
- Seoladh nasc chuig an suirbhé ar líne trí chórais téacsanna na scoileanna chuig tuismitheoir na ndaltaí sna scoileanna áitiúla.
- Crochadh bileoga sna siopaí áitiúla.
- Seoladh nasc chuig an suirbhé ar líne ar Twitter.
- Crochadh mórchomharthaí ar bhóithre an cheantair.



Figiúr 4.3: Baill den choiste agus mór phóstaer nua deartha



Figiúr 4.4: Samplaí d'ábhair bolscaireachta - samples of publicity materials

Sa suirbhé tugadh neart deiseanna don phobal a gcuid tuairimí a thabhairt i bhfoirm saorthéacs. Bhí trí théama i gceist leis an suirbhé, 1) **Cumas** an Phobail sa Ghaeilge, 2) **Dearcadh** an Phobail i leith na Gaeilge agus 3) an **Úsáid** a bhaineann siad as an nGaeilge.

Bhí 8 leathanach agus 23 ceist sa cheistneoir. Is ar bhonn rúndachta a déanadh an suirbhé.

Rinneadh cinneadh gan glacadh le haon cheistneoir nach raibh cónaí ar an bhfreagróir sa LPT ná nach raibh an fhoirm comhlánaithe den chuid is mó. Ní mhór a thuiscint go suíonn teorainn na Gaeltachta oifigiúil tríd eastáit tithíochta rud a fhágann go bhfuil teach uimhir X in eastáit tithíochta sa Ghaeltacht agus teach uimhir Y san eastáit céanna lasmuigh. Sa chás seo ghlac an Coiste leis go nglacfar leis an eastáit ina iomlána mar chuid den phróiseas pleanála teanga. D'fhág sin go raibh scaipeadh na bhfreagróirí bailí mar atá léirithe i dTábla 5.1.

Dreacht

4.3.4. An Suirbhé - Príomhoidí na mBunscoileanna.

Seoladh gearrcheistneoir (go leictreonach agus i bhfoirm Word) chuig príomhoidí na sé bhunscoil atá sa, nó atá buailte ar an LPT agus páistí an LPT ag freastal orthu. Is iad sin SN Séamus Naofa (Bearna), SN Naomh Iosef (Bearna - An Bhuaile Bheag), *St John the Apostle* (Cnoc na Cathrach), Cuan na Gaillimhe CNS (*Steiner* - Cnoc na Cathrach), *Educate Together* (Cnoc na Cathrach). Níor ghlac dhá bhunscoil páirt sa suirbhé.

4.3.5. An Suirbhé - Bunmhúinteoirí

Dearadh ceistneoir leictreonach ar SurveyMonkey do na bunmhúinteoirí sna bunscoileanna áitiúla agus iarradh ar na príomhoidí na múinteoirí a spreagadh leis an gceistneoir a chomhlánú. Ghlac 49 múinteoir as cúig cinn de na sé bhunscoil páirt sa suirbhé.

4.3.4. An Suirbhé – Coláiste na Coiribe.

Is é Coláiste na Coiribe an t-aon iar-bhunscoil atá ag feidhmiú sa LPT. Tá rogha leathan iar-bhunscoileanna eile ar fáil do thuismitheoirí an LPT i scoileanna atá buailte ar an LPT, an chuid is mó acu in Iarthar Chathair na Gaillimhe.

Tá bearna mhór dosheachanta san fhaisnéis sa phlean seo toisc nár éirigh linn an suirbhé ar an aon meánscoil sa cheantar, Coláiste na Coiribe, a chur i gcrích. Is cohórt fíor-thábhachtach an aoisghrúpa sa Choláiste don Phlean Teanga i gcoitinne. Beidh an-chuid béime ar bheartais don óige má tá éifeacht agus toradh le bheith ag an bPlean. Tháinig bacanna gan choinne roimh na cuspóirí teanga a bhí againn don Choláiste ach ní deireadh an tsaoil é toisc go mbeifear in ann atógáil faisnéise a dhéanamh ar lá níos faide anonn mar a bhaineann leis an aoisghrúpa na ndéagóirí.

4.3.5. An Suirbhé – An Earnáil Luathoidechais/Luathbhlianta.

Tá lear mór seirbhísí luathoideachais/luathbhlianta ag feidhmiú san LPT. Tá Naíonra amháin cláraithe le CNnaG, Naíonra Gaeilge eile nach bhfuil agus tá thart ar 13 réamhscoil Montessori, Naíolanna, Ionaid Cúraim Leanaí 's araile sa LPT, an tromlach acu suite i gCnoc na Cathrach. Tagann sé seo le staid Chnoc na Cathrach mar bhrúachbhaile de chuid Chathair na Gaillimhe. Seoladh (go leictreonach agus sa phost) ceistneoir chuig úinéirí/bainisteoirí na 15 sheirbhísí luathoideachais/luathbhlianta agus ghlac 7 gcinn páirt sa suirbhé.

4.3.6. Taighde nár Cuireadh i gCrích

Ag tús Márta 2019 bhí an Coiste i mbun phleanáil i dtaobh **fócasghrúpa** (chomh maith le suirbhé) a eagrú **le déagóirí** atá ag freastal ar an aon iar-bhunscoil áitiúil, i.e. Coláiste na Coiribe agus ar bhaill den Club Óige – *The Hub* – i mBearna. Bhí sonraí bailithe faoi na **heagraíochtaí sóisialta** agus na **gnólachtaí** in earnáil na miondíola atá ag feidhmiú agus i gceist **fócasghrúpa** a eagrú leo i mí an Mhárta. Chuir an éigeandáil sláinte a bhain le COVID-19 deireadh leis an obair sin.

4.3.7. Taighde – Suimiú.

Ag tabhairt san áireamh líon beag an choiste agus a laghad acmhainní daonna a bhí ar fáil tá an Coiste Stiúrtha sásta gur sáraíodh an t-íosmhéid freagraí a bhí ag teastáil leis an suirbhé ar an bpobal a bheith bailí. Tá an Coiste sásta go raibh an dáileacháin ionadaíoch ar an dá chuid den LPT, thoir agus thiar. Is ábhar sásaimh chomh maith an méid blúiríní eolais agus moltaí úsáideacha a tháinig mar 'shaorthéacs' ón suirbhé.

Táthar sásta leis an líon na stiúrthóirí naíonra, le líon na bpríomhoidí bunscoile agus le líon na mbunmhúinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé a bhain leosan.

Ar deireadh tá díomá ar an gCoiste nár críochnaíodh an taighde ina iomláine de bharr na srianta a bhain leis an víreas COVID-19.

5. Torthaí an Taighde

5.1. Réamhrá

Déanadh cur síos i Mír a 4 ar an taighde a cuireadh i gcrích. Cuireadh deireadh tobann le modhanna taighde ar nós cruinnithe poiblí agus fócasghrúpaí de bharr na sriannta a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhris an éigeandáil sláinte COVID-19 amach i mí an Mhárta 2020. Déanadh 4 phíosa taighde i bhfoirm suirbhéanna. Ba iad sin:

- An Mórshuirbhé ar an bpobal
- Suirbhé ar Úinéirí/Bhainisteoirí Sheirbhísí Luathoideachais
- Suirbhé ar Mhúinteoirí sna Bunscoileanna sa LPT.
- Suirbhé ar Bhainistíocht na mBunscoileanna

5.2. An Mórshuirbhé ar an bPobal

Is iad na 435 freagróir, a d'fhreagair go raibh cónaí orthu sa LPT (nó in eastáit tithíochta a raibh cuid den eastáit sa Ghaeltacht), agus iadsan amháin atá san áireamh i dtorthaí an tsuirbhé. Dar ndóigh, níor fhreagair gach duine den 435 gach ceist agus sna míreanna thíos **is ar an líon a d'fhreagair na ceisteanna** atá na torthaí agus na céatadáin bunaithe.

5.2.1. Áit Chónaithe na bhFreagróirí

Mar a tharlaíonn le haon suirbhé ar líne ghlac pobal níos leithne ná áitritheoirí an LPT páirt sa suirbhé. Is mar seo mar a bhí scaipeadh áit chónaithe na bhfreagróirí.

Freagróirí de réir TR. Respondents by ED.	Líon
Bearna (Páirt Tuaithe), i.e. Bearna	141
Bearna i.e. Cnoc na Cathrach agus cuid de TR Chnoc Na Cathrach	294
Iomlán bailí	435
Eile (taobh amuigh den LPT nó eile) ¹⁷	130
Iomlán	565

Tábla 5.1: Áit chónaithe na bhfreagróirí – place of residence of respondents

¹⁷ Is ábhar dóchais é gur léirigh 130 duine suim nach bhfuil cónaí orthu sa LPT sa suirbhé.

Glacadh le freagróirí a bhfuil cónaí orthu in eastáit tithíochta fiú muna bhfuil an eastáit ina iomláine sa Ghaeltacht oifigiúil. Ar an mbonn sin bhí 435 ceistneoir bailí. As an 435 suirbhé bailí, tháinig 141 (32.4%) as Bearna (TR Bhearna (Páirt Tuaithe)) agus 294 (67.6%) as Cnoc na Cathrach (TR Bhearna agus cuid de TR Chnoc na Carra).

Léiríonn an tábla thíos briseadh síos an daonra de réir TR agus de réir an ráta freagartha.

TR.	Daonra iomlán an LPT > 17.	% de dhaonra iomlán an LPT	% na gCeistneoirí a Fuarthas
Bearna (Tuaithe)	2,646	31.2	141 (32.4%)
Bearna (Uirbeach)¹⁸ i.e. Cnocán na Cathrach	5,839	68.8	294 (67.6%)
Iomlán (gach aoisghrúpa)	8,485	100.0	435 100%

Tábla 5.2: % de réir TR – percentage per ED

Feictear go bhfuil % na bhfreagróirí de réir TR gar go maith a bheith ionadaíoch ar % den daonra (>17) de réir TR.

De réir Dhaonáireamh 2016 tá daonra (18+) de 8,485 sa LPT. Bhí 435 suirbhé bailí, is é sin ráta freagartha de 5.13%.

5.2.2. Inscne na bhFreagróirí.

Inscne na bhFreagróirí <i>Responents by gender</i>				
Suirbhé (<i>iad siúd a d'fhreagair an cheist</i>)			% de réir Daonáireamh 2016 (>17)	
Inscne	Líon	%	Líon	%
Baineann / Female	290	67%	4621	54.5%
Fireann / Male	138	32%	3,864	45.5%
B'fhearr liom gan a rá / I'd prefer not to say.	5	1%		
Iomlán	433	100%	8,485	100%

Tábla 5.3: Inscne suirbhé vs. daonáireamh – Survey gender vs. census gender

Feictear go bhfuil céatadán na bhfreagróirí baineann níos airde ná an céatadán sa phobal mar a tuairiscíodh i nDaonáireamh 2016. Úsáideadh córas téacsála na scoileanna áitiúla mar mhodh amháin le poiblíocht a thabhairt don suirbhé. Bhí sa bhreis ar 2,000 tuismitheoir i

¹⁸ Tá an chuid sin de TR 'Cnocán Carrach' atá sa Ghaeltacht oifigiúil agus nach bhfuil ann ach cúpla teach agus daonra de 50 duine ann cuimsithe sa togra taighde seo agus cuimsithe mar chuid de TR Bhearna (Uirbeach).

gceist agus tar éis an cheist a phlé le príomhoidí na scoile tuairiscítear gur máithreacha iad formhór na dteagmhálaithe i gcórais téacsála na scoileanna.

5.2.3. Aois na bhFreagróirí.

Aois na bhFreagróirí Respondents by age group			
Suirbhé (iad siúd a d'fhreagair an cheist)		Daonáireamh 2016	
18-25	25 (5.75%)	18 - 24	880 (10.37%)
26-40	122 (28.05%)	25 - 39	2,484 (29.3%)
41-55	217 (49.9%)	40 - 54	2,770 (32.6%)
56-67	43 (9.9%)	55 - 64	1,254 (14.8%)
67+	28 (6.4%)	65 +	1,097 (12.9%)
Iomlán	435 (100%)		8,485 (100%)

Tábla 5.4: Aoisghrúpaí na bhfreagróirí – age of respondents

Tá sé le feiceáil anseo go bhfuil céatadán na ndaoine san aoisghrúpa 26-40 bliain a d'fhreagair an ceistneoir seo ag teacht le % den sciar chéanna den phobal sa daonáireamh. Tá ardú san aoisghrúpa idir 41 agus 55 bliana. Tá an Coiste den tuairim go raibh baint ag an ráta ard freagartha san aoisghrúpa seo le córas téacsanna na scoileanna chomh maith. De réir fhiigiúirí an Phríomh-Oifig Staidrimh¹⁹ (2018), is é 31.1 meánaois na máithreacha sin a raibh a gcéad páiste acu. Má chuirtear 5, an aois ag a dtosaíonn páistí sa gcóras oideachais go hiondúil, leis an meánaois sin tagtar ar fhiigiúr de 36.1. Bíonn páistí ar scoil, go hiondúil, go mbíonn siad 18 mbliana rud a thugann meánaois na máthar agus a céad pháiste ag fágáil na scoile ná 49.

5.2.4. Cé as do Phobal an LPT?

Is í an cheist a cuireadh ná 'Cén áit ar tógadh thú? i nGaeltacht na Gaillimhe, i nGaeltacht eile, i gContae na Gaillimhe (taobh amuigh den Ghaeltacht) nó i gContae eile (roghnaigh an contae le do thoil). Más thar lear, luaigh an tír.

Is mar seo a thuairisc na rannpháirtithe:


Cén áit ar tógadh thú? <i>Where were you reared?</i>		
	Líon	%
Cathair na Gaillimhe	89	20.46
Gaeltacht na Gaillimhe	85	19.5
Contae na Gaillimhe (ní Gaeltacht)	53	12.18
Baile Átha Cliath	28	6.4
Maigh Eo	25	5.74
Thar Lear (<i>ní sa Bhreatain</i>)	23	5.28
An Bhreatain	9	2.07
Áit eile in Éirinn*	123	28.27
Iomlán	435	100

Tábla: 5.5: Cá as do na freagróirí - *Place of origin of residents*

* Níorbh fhiú gach contae a lua mar, tar éis Contaetha na Gaillimhe, Bhaile Átha Cliath agus Mhaigh Eo, bhí dáileadh na gcontaetha an-scaipthe.

Tá sé le feiceáil go ndeachaigh 92.6% de na freagróirí tríd an gcóras oideachais in Éirinn rud a chiallaíonn go raibh teagmháil ag a bhformhór leis an nGaeilge agus iad ar scoil, rud a bhféadfaí tógáil air ach daoine a spreagadh le hí a athfhoghlaim nó a gcumas sa teanga a fheabhsú agus na deiseanna cuí a chur ar fáil don phobal le sin a dhéanamh.

5.2.5. Cumas Gaeilge na Rannpháirtithe.



Figiúr 5.1. Cumas sa Ghaeilge – Irish language ability.

Ní mór a chur san áireamh gur féintuairisciú atá i gceist leis na freagraí. Tuairiscíonn na rannpháirtithe go bhfuil Gaeilge líofa (idir cainteoirí dúchais (12%) agus cainteoirí líofa nach ón nGaeltacht iad) (16%) iad 28% acu, ráta atá i bhfad níos airde ná an **ráta úsáide** laethúil (taobh amuigh den chóras oideachais) de 5.9% de réir Dhaonáireamh 2016. Léiríonn an toradh seo go bhfuil gá le deiseanna a chruthú le mbeadh tuilleadh deiseanna ag na cainteoirí líofa agus ag daoine eile nach iad lena gcuid Gaeilge a úsáid, i.e. an bhearna idir an **ráta cumais** de 28% (ón suirbhé) agus an **ráta úsáide** (go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais) de 5.9% (de réir an daonáirimh) a laghdú.


5.2.6 Cúlra Teanga na Rannpháirtithe.

Cumais Gaeilge do thuismitheoirí? / Your parent's ability in Irish? (iad siúd a d'fhreagair an cheist)			
	Máthair / Mother	Athair / Father	Cúramóir Eile / Other Carer
CAINTEOIR DÚCHAIS GAEILGE NATIVE IRISH SPEAKER	48 (11.48%)	58 (14.15%)	12 (17.91%)
GAEILGE LÍOFA FLUENT IRISH	35 (8.37%)	40 (9.76%)	5 (7.46%)
GAEILGE MHEASARTHA REASONABLY GOOD IRISH	89 (21.29%)	66 (16.10%)	5 (7.46%)
AR BHEAGÁN GAEILGE A LITTLE IRISH	152 (36.36%)	138 (33.66%)	16 (23.88%)
GAN GHAEILGE / NO IRISH	94 (22.49%)	108 (26.34%)	29 (43.28%)
Iomlán	418 (100%)	410 (100%)	67 (100%)


Tábla 5.6: Cumais Gaeilge thuismitheoirí ná bhfreagróirí – respondents parent's ability in Irish.

Feictear gur cainteoirí dúchais nó líofa iad **19.86%** de mháithreacha na rannpháirtithe agus gur cainteoirí dúchais nó líofa iad **23.90%** dá gcuid aithreacha. Tuairiscíonn na freagróirí (figiúr 5.1) go bhfuil líofacht sa Ghaeilge ag **28.0%** acu, ráta níos airde ná a gcuid thuismitheoirí. Tá ábhar dóchais anseo sa mhéid is nach bhfuil titim i gceist sa ráta cumais ó ghlúin go glúin san aoisghrúpa seo.

5.2.7 An Teanga lenár Tógadh na Rannpháirtithe.




Figiúr 5.2: Gaeilge agus máthair an fhreagróra – respondents mother's Irish language ability



Figiúr 5.3: Gaeilge agus athair an fhreagróra – respondents father's Irish language ability

De réir an sampla a ghlac páirt sa suirbhé tuairiscíodh gur cainteoirí dúchais nó líofa iad 181 dá dtuismitheoirí as an iomlán de 828 tuismitheoirí, is é sin **21.86%** daoibh. Thuairisc na Plean Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach 2020- 2027. Lch. 60

rannpháirtithe gur labhair 87 tuismitheoirí Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó as an iomlán de 853 tuismitheoirí, i.e. ráta seachadta de **10.2%**. **De réir an tsuirbhé níor thóg ach níos lú ná ar leath de thuismitheoirí na rannpháirtithe, a bhfuil nó a raibh líofacht sa Ghaeilge acu, a gcuid páistí le Gaeilge.**




Figiúr 5.4: Tuismitheoirí agus an Ghaeilge agus an teanga lean tógadh a bpáistí – Language ability of parents and language of the home.

5.2.8 An Teanga a Labhraíonn na Rannpháirtithe lena bPáirtithe

Cuireadh an cheist ‘Má tá tú i gcleamhnas, cén teanga a labhraíonn tú le do pháirtí? *If you're in a relationship, what language do you normally speak with your partner?*

Is mar seo a freagraíodh an cheist;




Figiúr 5.5: Gaeilge agus teanga an chleamhnais – Irish as a language those in relationship

Astu siúd atá i gcleamhnas, tuairiscíonn 257 (as 389, i.e. **66%**) gur ‘Béarla amháin’ a labhraíonn siad lena bpáirtí. Tuairiscíonn 105 (as 389, i.e. **27%**) gur ‘Béarla den chuid is mó’ a labhraíonn siad lena bpáirtí. Níl ach **7%** (27 as 389) de fhreagróirí i gcleamhnas ina labhraíonn siad Gaeilge (Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó) lena bpáirtí cé gur cainteoirí líofa Gaeilge iad **28%** (figiúr 5.1) de na rannpháirtithe sa suirbhé. Léiríonn an ráta laghdaithe seo dúshlán do inbhuanaitheacht na Gaeilge mar theanga (nó mar cheann de theangacha) an phobail.


5.2.9 Páistí agus an Ghaeilge

5.2.9.1 An Teanga a Labhraítear le Páistí


Is í an cheist a cuireadh ná 'Cén teanga a labhraítear le do pháistí (má bhaineann)? / *What language is spoken with your children (if applicable)?*



Figiúr 5.6: An teanga a labhraíonn máthair lena páiste/í - language spoken to child/ren by mother



Figiúr 5.7: An teanga a labhraíonn athair lena pháiste/í - language spoken to child/ren by father



Figiúr 5.8: A An teanga a labhraíonn cúramóir le páiste/í - language spoken to child/ren by carer

Sa bhfaisnéis seo cuimsítear 295 máthaireacha, 303 aithreacha (**598 tuismitheoirí** san iomlán), agus **111 cúramóirí**. Is é sin mór-iomlán, idir tuismitheoirí agus caomhnóirí, de **709**.

An teanga a labhraítear le páistí (tuismitheoir agus cúramóirí le chéile) ²⁰ Language spoken to children (parents and guardians)							
	Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó		Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó		Teanga eile		Iomlán
	Líon	%	Líon	%	Líon	%	
Máthair	34	11.5	250	84.7	11	3.7	295
Athair	31	10.23	258	85.15	14	4.6	303
Cúramóir	16	14.4	91	82	4	3.6	111
Iomlán	81	11.4	599	84.5	29	4.1	709
Iomlán gach freagróir 81 + 599 + 29 = 709							

Tábla 5.7: An teanga a labhraítear le páistí (tuismitheoirí agus caomhnóirí)– language spoken to children by parents and guardians.

Feictear go bhfuil ráta cumais sa Ghaeilge ag freagróirí de 28% ach nach bhfuil an Ghaeilge á labhairt ach le 11.4% dá bpáistí. Is ráta laghdaithe é seo nach bhfuil inbhuanaithe má tá an teanga le seachadadh go dtí na glúnta atá le teacht. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an bhfaisnéis seo agus an próiseas pleanála teanga ar bun sa LPT agus gach iarracht a dhéanamh na cainteoirí líofa a spreagadh leis an nGaeilge a labhairt lena gcuid páistí, má tá páistí acu dar ndóigh.

²⁰ Is suirbhé ar líne den chuid is mó a bhí i gceist agus tá an fhéidearthacht ann gur fhreagair beirt tuismitheoirí an cheist seo agus dá bharr sin go bhfuil an líon michruinn. Ach fós is léiriú an céatadán ar an staid reatha.

5.2.9.2 An Teanga a Labhraíonn Páistí Eatarthu Féin


An teanga a labhraíonn do pháistí eatarthu féin ²¹ <i>Language spoken between siblings</i>						
Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó		Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó		Teanga eile		Iomlán
Líon	%	Líon	%	Líon	%	
13	4.8	254	91.7	10	3.6	277

Tábla 5.8: An teanga a labhraítear idir pháistí sa bhaile – language spoken between children at home.

Léirítear anseo titim ón bhfigiúr de **10.8%** de pháistí a bhfuil ar a laghad tuismitheoir amháin ag labhairt Gaeilge leo go **4.8%** a labhraíonn Gaeilge lena chéile i dteaghlaigh ina bhfuil níos mó ná páiste amháin ann. Mar mhíniú ar seo seans gurb é an príomhchúis ná an líon teaghlach ina bhfuil an bheirt pháirtithe (más sin atá i gceist) i gcleamhnas nach labhraíonn an Ghaeilge lena chéile ach go bhfuil páirtí amháin ag labhairt Gaeilge lena p/háiste/í.

5.2.9.3 Cinneadh Maidir le Cén Teanga a Labhraítear le Páistí

An cheist a cuireadh ná - An ndearna tú cinneadh d'aon turas maidir le cén teanga/acha a labhródh tú/sibh le bhur bpáiste/í?



Figiúr 5.9: Cinneadh maidir le teanga - decision regarding language of rearing

Beidh beart sa phlean le go ndéanfar idirghabháil luath le daoine atá in aois tuismitheoireachta, nó le tuismitheoirí atá ag súil le breith, maidir leis na roghanna teanga atá acu.

²¹ Mar atá i bhfonóta 18.

5.2.8 Úsáid na Gaeilge sa Phobal.

5.2.8.1 Minicíocht Labhairt na Gaeilge.

Minicíocht labhairt na Gaeilge sa LPT / Frequency of speaking Irish in the LPA		
Minicíocht	Líon	%
Go laethúil / Daily	150	34.56
Uair sa tseachtain / Once a week	36	8.29
In amanna / Occasionally	83	19.12
Go hannamh / Rarely	91	21
Riamh / Never	77	17.74
	437	100

Tábla 5.9: Minicíocht labhairt na Gaeilge sa LPT – Frequency of speaking Irish in LPA

As na 122 freagróirí, a thuairisc gur cainteoirí líofa Gaeilge iad (tábla 5.1), thuairisc 95 (77.86%) acu gur labhairt siad Gaeilge go laethúil.

5.2.8.2 Cén Áit a Labhraíonn Daoine Gaeilge?

An cheist a cuireadh ná ‘Má dúirt tú go labhraíonn tú Gaeilge cén áit / áiteanna a labhraíonn tú Gaeilge. Bhí an rogha ag na freagróirí níos mó ná rogha amháin a roghnú. Is 320 duine a d’fhreagair an cheist.


Cén áit a labhraíonn tú Gaeilge? Where do you speak Irish?		
	Líon	%
Ag Baile	201	28.07
Le daoine eile a bhfuil fhios agam go bhfuil Gaeilge acu	153	21.37
San ionad oibre	102	14.24
Ag an réamhscoil / scoil	92	12.85

Ag imeachtaí caithimh aimsire	68	9.5
I siopa/í	36	5.02
Le Seirbhísí Stáit	35	4.9
Eile	29	4.05
Iomlán	716	100

Tábla 5.10: An áit ina labhraítear Gaeilge – where Irish is spoken.

5.2.9 Foghlaim na Gaeilge

An cheist a cuireadh ná cuireadh ná ‘Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge’



Figiúr 5.10: Foghlaim na Gaeilge – learning of Irish.

Thuairisc do 70% de na freagróirí gur mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Léiríonn an toradh dearfach i leith fhoghlaim na teanga. Beidh soláthar deiseanna foghlama éifeachtacha lárnach sa Phlean Teanga má tá sprioc d’ardú ar líon na gcainteoirí líofa agus cumasacha le baint amach. San aiseolas, arís agus arís eile, déanadh tagairt do mhodhanna foghlama atá taitneamhach agus a chothaíonn misneach sa bhfoghlaim.

5.2.9.1 Modhanna Foghlama

An cheist a cuireadh ná - Más mian leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge cén cineál rang ar mhaith leat? Bhí rogha ag na freagróirí níos mó ná rogha amháin a roghnú.

Cúrsa / Imeacht - Course or Activity	Líon daoine	%
Ciorcal Comhrá / Conversation Group	154	26.64
Labhairt (Meán) / Speaking (Mid)	118	20.4
Labhairt (Bun) / Speaking (Basic)	99	17.13
Labhairt (Ard) / Speaking (Higher)	58	10.03
Ar mhaith leat cáilíocht sa nGaeilge a bhaint amach? / Would you like to achieve a qualification in Irish?	55	9.51
Grúpa gníomhaíochtaí trí Ghaeilge / Activities through Irish group	33	5.71
Grúpa Léitheoireachta / Reading Group	33	5.71
Grúpa Scríbhneoireachta / Writing Group	28	4.84
Iomlán	578	100

Tábla 5.11: Modhanna Foghlama – preferred learning methods.

Ní mór na riachtanais thuasluaite a chur san áireamh agus a chuimsiú agus an plean á chur i bhfeidhm.

5.2.9.2 Aiseolas Oscailte faoi Fhoghlaim na Gaeilge

Tugadh deis do fhreagróirí tuairim a thabhairt maidir leis an gcaoi is fearr le deiseanna foghlama Gaeilge a chur ar fáil. Thug 233 duine aiseolas. Tá an t-aiseolas ina iomláine le fáil in Aguisín 3. Is saorthéacs oscailte a bhí i gceist agus tugadh réimse an-leathan freagraí. Léiríonn an tábla thíos blaiseadh beag den aiseolas. Úsáidfear an t-aiseolas agus bearta dá réiteach sa Plean Teanga. Déantar iad a rangú sa tábla seo a leanas:

Deiseanna foghlama Gaeilge molta. Aon tuairimí agat maidir leis an gcaoi is fearr le deiseanna foghlama Gaeilge a chur ar fáil – Suggestions how learning opportunities can be provided	
Deiseanna Foghlamtha	Líon a mhol
Ranganna	101
Imeachtaí Sóisialta / Social activities	34
Ciorcail Comhrá / Conversation Groups	34
Breis Gaeilge sna Siopaí / I nGnólachtaí áitiúla	19
Sport / Spóirt	14

Tábla 5.12: Moltaí maidir le deiseanna foghlama Gaeilge - Recommendations as to how Irish could be learnt

Mhol 10 bhfreagróirí gur chóir go mbeadh na ranganna saor in aisce.

5.2.10. Dearcadh an Phobail i Leith na Gaeilge / na Gaeltachta.

Tugadh deis do fhreagróirí tuairim a thabhairt maidir le na mórcheisteanna Gaeilge a bhaineann leis an LPT. D'fhreagair 430 freagróirí an cheist i bpáirt nó ina iomlána.

Dearcadh faoi Cheisteanna Difriúla

	Aontaím go mór <i>Strongly agree</i>	Aontaím <i>I Agree</i>	Níl a fhios agam <i>I Don't know</i>	Easaontaím <i>Disagree</i>	Easaontaím go mór <i>Strongly Disagree</i>	Iomlán <i>Total</i>
Tá cónaí orm i gceantar Gaeltachta.	83 19.95%	156 37.5%	62 14.9%	94 22.6%	21 5%	416
Tá sé tábhachtach dom stádas Gaeltachta an cheantair seo a choinneáil.	195 47%	125 30%	59 14%	26 6.2%	11 2.6%	416
Ba mhaith liom dá mbeadh níos mó Gaeilge á labhairt sa cheantar seo.	195 46%	138 32.5%	61 14.3%	18 4.2%	13 3%	425
Ba mhaith liom dá mbeadh níos mó Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil sna gnólachtaí áitiúla.	191 45.3%	143 33.9%	55 13%	23 5.4%	10 2.4%	422
Ba mhaith liom dá mbeadh níos mó Gaeilge le feiceáil i saol sóisialta an cheantair áitiúil.	176 41.7%	155 36.7%	61 14.5%	21 5%	9 2.1%	422
Ba mhaith liom go mbeadh níos mó Gaeilge á húsáid i seirbhísí spioradálta nó reiligiúnda.	116 28%	107 25.8%	133 32%	37 8.9%	22 5.3%	415

Tábla 5.13: Dearcadh i leith na Gaeilge - attitudes towards Irish.

Tá sé soiléir go bhfuil dearfacht i leith na Gaeilge léirithe ag tromlach an phobail agus iad ag rá gur mhaith leo go mbeadh:

- A. Níos mó Gaeilge á labhairt sa cheantar seo (78.5%)
- B. Níos mó Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil sna gnólachtaí áitiúla (79.2%) agus
- C. Níos mó Gaeilge le feiceáil i saol sóisialta an cheantair (78.4%).

Is mór an buntáiste é an dearcadh dearfach seo agus Plean Teanga á réiteach agus dá chur i bhfeidhm sa cheantar.

5.2.11 An Saol Sóisialta agus an Ghaeilge

An cheist a cuireadh ná: Ar mhaith leat an Ghaeilge a bheith in úsáid ag ócáidí / i ngníomhaíochtaí sóisialta ina bhfuil spéis agat?

Ar mhaith leat an Ghaeilge a bheith in úsáid ag ócáidí / i ngníomhaíochtaí sóisialta? <i>Would you like to see Irish used on occasions or social activities in which you are interested?</i>		
	Líon	%
Ba mhaith / <i>I would</i>	257	61.5%
Is cuma liom / <i>Not important to me</i>	46	11%
Níor mhaith liom / <i>I would not</i>	115	27.5%
Iomlán / <i>Total</i>	418	100%

Tábla 5.14: An Ghaeilge agus an saol sóisialta – Irish and social activities

Léirítear an-dearfacht i leith úsáid na Gaeilge a fhorbairt i saol sóisialta an phobail agus 61.5% dearfach ina leith. Ní mór go dtabharfaí san áireamh go bhfuil gá le freastal ar riachtanais dhá sciar den phobal, is é sin cainteoirí líofa agus cainteoirí neamh-líofa le leibhéal difriúla líofachta. Tugadh an deis do na freagróirí chomh maith na hócáidí a shonrú. Ghlac 176 duine leis an deis aiseolas a thabhairt agus bhí cúpla moladh i gceist ag an gcuid is mó de na freagróirí. Tá an t-aiseolas ar fáil in Aguisín 4. Seo thíos achoimre ar an aiseolas mar léiriú ar mhian an phobail. San aiseolas tugadh réimse an-leathan moltaí agus níl sa tábla seo thíos ach achoimre. Léiríonn an tábla thíos blaiseadh beag den aiseolas. Úsáidfear an t-aiseolas agus bearta dá réiteach sa Phlean Teanga agus cuirfear na moltaí ina n-iomláine ar fáil don OPT. Cuireadh an-bhéim ar chúrsaí spóirt do gach uile aois ghrúpa.

Ócáidí / Imeachtaí a Moladh / <i>Recommended Areas of Interest.</i>	
Réimse	Líon
Spóirt (CLG, sacar, Park Run 's araile)	59
Siopaí / Gnólachtaí (Foireann le Gaeilge inaitheanta, fógraí dhátheangacha, 's araile)	54
Bialann/Teach Tábhairne (biachláir dhátheangacha, Pop-up Gaeltacht)	20
Seisiúin agus ranganna ceoil	18
Seirbhísí Eaglasta	14
Quiz / Tráth na gCeist	8

Tábla 5.15: Imeachtaí inar moladh go n-úsáidfí Gaeilge - Activities in which Irish could be included

5.2.12 An Ghaeilge agus Cúrsaí Oideachais

Do dhearcadh maidir leis na ráitis seo a leanas / Which best reflects your views on the following statements						
	Aontaím go mór	Aontaím	Níl a fhios agam	Easaontaím	Easaontaím go mór	Iomlán
Dá mbeadh páiste óg agam, bhainfinn úsáid as seirbhís cúraim leanaí lán-Ghaeilge dá mbeadh sé ar fáil go háitiúil.	165 (41.7%)	110 (27.8%)	59 (14.9%)	38 (9.6%)	24 (6.06%)	396
Chuirfinn mo pháiste chuig réamhscoil lán-Ghaeilge dá mbeadh sé ar fáil go háitiúil.	174 (44.5%)	102 (26.1%)	56 (14.3%)	38 (9.7%)	21 (5.4%)	391
Chuirfinn mo pháiste chuig bunscoil lán-Ghaeilge dá mbeadh sé ar fáil go háitiúil.	194 (49.5%)	85 (21.8%)	53 (13.52%)	41 (10.46%)	19 (4.85%)	392

Tábla 5.16: Oideachas agus an Ghaeilge – Irish and the Education system.

Léiríonn torthaí an tsuirbhé dea-thoil i leith, agus éileamh follasach, ar sheirbhísí chúram leanaí agus ar oideachas trí Ghaeilge dá gcuid páistí. Tá freastal maith ar an oideachas trí Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile agus dhá scoil as na chúig cinn sa LPT ag lorg aitheantas mar scoileanna Gaeltachta agus an t-aon iar-bhunscoil sa LPT ag lorg aitheantas mar scoil Gaeltachta chomh maith. Níl an tseirbhís chéanna ar fáil i réimse na réamhscolaíochta faoi láthair agus gan ach dhá naíonra ‘Gaelacha’ ag feidhmiú sa LPT. Níl aon Naíonra atá á reáchtáil trí Ghaeilge ag feidhmiú i mBearnna sa taobh thiar den LPT. As na 15 sheirbhísí luathoideachais sa LPT níl ach trí chinn ag feidhmiú trí Ghaeilge. Feictear sa tábla thuas go mbainfeadh thart ar 70% de na freagróirí úsáid as seirbhís cúram leanaí nó réamhscolaíocht i nGaeilge dá mbeadh sé ar fáil. Is dúshlán é don phróiseas pleanála teanga sa LPT an easpa seirbhísí luathoideachais agus cúram leanaí trí Ghaeilge atá ar fáil.

5.2.13 An Suirbhé ar an bPobal - Moltaí Ginearálta

Tugadh an deis don phobal a gcuid moltaí a thabhairt ag deireadh an cheistneora agus thapaigh 197 duine an deis a gcuid moltaí a roinnt. Bhí roinnt athrá idir na freagraí seo agus na freagraí a fuarthas sna ceisteanna oscailte eile. Léiríonn an tábla thíos blaiseadh beag den aiseolas. Úsáidfean an t-aiseolas agus bearta dá réiteach sa Phlean Teanga agus cuirfean na moltaí ina n-iomláine ar fáil don OPT. Tá na moltaí go léir liostáilte in Aguisín 5.

Ócáidí / Imeachtaí a Moladh / Recommended Areas of Interest.	
Réimse / Téama	Líon
Siopaí	29
Ranganna (spraíúil agus ag amanna difriúla)	28
Comharthaíocht	22
Gnólachtaí	14
Spóirt	7
Cúrsaí eaglasta	6
Lárionad Gaeilge	5


Tábla 5.17: Moltaí maidir le gníomhaíochtaí trí Ghaeilge - recommendations regarding activities through Irish

5.2.14 An Suirbhé ar an bPobal - Suimiú agus Tátail


Bailíodh an t-uafás eolais a bheas an-úsáideach agus bearta éifeachtacha á réiteach don Phlean Teanga. Spreagadh áitritheoirí chun smaoineamh ar cheist na Gaeilge agus ardaíodh plé faoi. Léiríodh na dúshláin agus na buntáistí a bhaineann le staid reatha na Gaeilge sa LPT mar seo:

Na Dúshláin:

- Easpa deiseanna úsáide.
- Easpa láithreachta don teanga sa ‘spás’ poiblí, i.e. sa saol sóisialta agus gnó.
- Nach n-aithníonn daoine le Gaeilge cainteoirí eile Gaeilge nach bhfuil aithne acu orthu.
- Easpa seirbhísí cúram leanaí / réamhscolaíochta i nGaeilge.
- A laghad páistí atá á dtógáil trí Ghaeilge.
- An líon íseal cainteoirí líofa atá i gcleamhnas ina labhraítear Gaeilge
- An ráta ard laghdaithe a léirítear sna figiúirí seo a leanas:



Figiúr 5.11: Ráta laghdaithe gach freagróir – rate of language attrition all respondents.



Figiúr 5.12. Ráta laghdaithe cainteoirí líofa amháin – rate of language attrition amongst fluent speakers.

Na Buntáistí:

- An líon ard cainteoirí líofa a bhfuil cónaí orthu sa LPT.
- An líon scoileanna áitiúla atá ag soláthar oideachas trí Ghaeilge.
- An dea-thoil a léiríodh sa suirbhé i leith na Gaeilge.
- An líon ard moltaí a roinneadh leis an gCoiste.
- An cíocras a léiríodh i measc foghlaiméirí an Ghaeilge a fhoghlaim nó/agus a gcuid Gaeilge a fheabhsú.
- Go bhfuil breis freagróirí ag labhairt Gaeilge lena bpáistí ná mar atá á labhairt lena bpáirtí.

5.3. Seirbhísí Luathoideachais / Luathbhlianta

Sa mhír seo úsáidtear an téarma ‘seirbhís(i) luathoideachais’ mar theideal ginearálta ar na sheirbhísí luathoideachais (naíonraí (idir cinn Gaeilge agus Béarla), ionaid cúram leanaí, seirbhísí cúraim iarscoile agus araile) atá ag feidhmiú sa LPT. As na 15 sheirbhísí luathoideachais ata i gceist tá 3 chinn acu ag feidhmiú trí Ghaeilge. Is iad sin an dhá Naíonra agus an tIonad Cúraim Leanaí atá lonnaithe ar champas Ghaelscoil Mhic Amhlaigh. Scaipeadh ceistneoir ar na 15 sheirbhísí luathoideachais.

5.3.1 Seirbhísí Luathoideachais atá ag Feidhmiú trí Ghaeilge.

Tá dhá naíonra, Naíonra Cháit agus Naíonra Ghaelscoil Mhic Amhlaigh, agus ionad cúram leanaí (atá lonnaithe ar champas Ghaelscoil Mhic Amhlaigh) ag feidhmiú trí Ghaeilge sa LPT. Tá Naíonra Ghaelscoil Mhic Amhlaigh cláraithe le CNnaG agus chuir siad an t-eolas seo a leanas ar fáil mar ionchur don togra pleanála teanga.

Ainm an Naíonra: Naíonra Mhic Amhlaigh	
1	An bhfuil an Naíonra cláraithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta? Tá
2	Líon foirne atá ag obair sa Naíonra? 7
3	An mbíonn aon deacracht agat baill foirne a earcú leis an gcumas cuí acu sa nGaeilge? <i>(Déan cur síos má bhíonn)</i> Bíonn. Tá sé deacair daoine a fháil a bhfuil Gaeilge líofa agus na cáilíochtaí riachtanacha acu.
4	An mbíonn aon deacracht agat baill foirne a choinneáil? <i>(Déan cur síos má bhíonn)</i> Ní bhíonn de ghnáth.
5	As na baill foirne atá fostaithe sa Naíonra cén líon acu a bhain a gcuid cáilíochtaí amach trí Ghaeilge? 66%
6	An bhfuil polasaí teanga/Gaeilge scríofa leagtha amach ag an Naíonra? Tá
7	Má ea (ceist 6), an dtugtar an polasaí seo do na tuismitheoirí? Tugtar.
8	Céard iad na deacrachtaí is mó, dar leat, a bhíonn ag an naíonra ó thaobh úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge de? Easpa Gaeilge sa bhaile ag na gasúir.
9	Cén teanga a úsáidtear agus sibh i dteagmháil (scríofa, téacs, araile) le tuismitheoirí/ caomhnóirí? Gaeilge amháin - Den chuid is mó. Dhátheangach - Roinnt foirmeacha/eolas dhátheangach againn ar éileamh. Béarla amháin - 0
10	Cén líon gasúir atá ag freastal ar do Naíonra sa scoilbhliain 2019/2020 62
11	I do thuairim, cén líon de na gasúir a bhfuil cumas maith labhartha Gaeilge acu ón mbaile? 10%

12	An bhfuil aon chúnaimh breise uait leis an Naíonra a reáchtáil trí Ghaeilge? (<i>Déan cur síos má tá</i>)	Níl.
13	An bhfuil aon mholtaí agat leis an nGaeilge a láidriú mar theanga baile agus pobail i mBearna agus i gCnoc na Cathrach? - Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí/caomhnóirí. Tá sé tábhachtach na buntáistí a bhaineann leis an teanga a léiriú dóibh.	

Tábla 5.18: Suirbhé / Survey Naíonra Mhic Amhlaigh.

Is mar seo a d'fhreagair Ionad Cúram Leanáí Ghaelscoil Mhic Amhlaigh.

Lonnaithe i?	Cnoc na Cathrach
Cén líon gasúir atá ag freastal ar do ionad sa scoilbhliain 2019/2020	Réamhscoil: 28 Cúram tar éis scoile: 172 Iomlán: 200
Go bhfios duit, cén líon de na gasúir a thagann chuig an ionad agus Gaeilge ón mbaile acu?	67% (idir cainteoirí dúchais agus Gaeilge mhaith)
Líon na bhfostaithe	10
Cumas Gaeilge na Foirne	Cainteoirí dúchais 9. Gaeilge mhaith 1.
An teanga a labhraítear leis na gasúir san ionad	Gaeilge amháin.
An bhfuil aon mholtaí agat don Phlean Teanga? Aon mholtaí ginearálta agat le cén chaoi leis an nGaeilge a chur chun cinn sa phobal áitiúil? “Níos mó daoine cáiliúla agus ‘réaltaí’ spóirt’ a bhfuil labhairt Gaeilge fógartha agus ag dul thart go dtí scoileanna. Beidh na páistí faoin tuairim go bhfuil sé ‘cúl’ Gaeilge a labhairt”.	

Tábla 5.19: Cúram Iarscoile Ghaelscoil Mhic Amhlaigh.

5.3.2 Seirbhísí Luathoideachais atá ag Feidhmiú trí Bhéarla.

Tá 12 ionad ag feidhmiú sa LPT trí Bhéarla (nó le roinnt Gaeilge) agus tá idir réamhscoileanna *Montessori*, creis, agus seirbhísí cúram iar-scoile i gceist. As na 12 ionad seo chomhlánaigh 4 cinn an ceistneoir a seoladh chucu.

Léiríonn an tábla thíos toradh an cheistneora.

An Earnáil Chúraim Leanáí sa LPT				
	Ionad 1	Ionad 2	Ionad 3	Ionad 4
Áit	Cnoc na Cathrach	Cnoc na Cathrach	Cnoc na Cathrach	Bearna
Líon páistí	Réamhscoil: 18 Iomlán: 18	Réamhscoil: 22 Théis scoile: 20 Iomlán: 42	Réamhscoil: 15 Creis: 7 Iomlán: 23	Réamhscoil: 26 Creis: 18 Iomlán: 44
Gasúir le Gaeilge (más eol)	3	Ní fios	2 as teaghlach dhátheangach	3

Líon na bhfostaithe	3	3	4	7
Fostaithe le Gaeilge	'Gaeilge mhaith': 2	'Gaeilge mhaith' :1	Gaeilge mhaith: 1 Beagán G.: 2 Gan Ghaeilge: 1	Líofa: 1 Gaeilge mhaith: 3 Beagán G.: 2 Gan Ghaeilge: 1
An teanga a úsáidtear le na páistí	Béarla den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla den chuid is mó
Ar mhaith leat eolas a fháil faoi bealaí le breis Gaeilge a chuimsiú i do Sheirbhís Luathoideachais	Ba mhaith	Ba mhaith	Ba mhaith	Ba mhaith
<p>Aon mholtaí ginearálta agat le cén chaoi leis an nGaeilge a chur chun cinn sa phobal áitiúil?</p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>If the use of Irish by the Community is linked to the use of Irish by the children in their school</i> • <i>It should start with business owners & staff – encourage use of some Irish with customers & clients. Provide Irish language signage with visual and phonetic translation. Many newcomer families are interested in Irish but cannot work out pronunciation through text alone.</i> 				

Tábla 5.20: Ceistneoir na naíolainne Béarla - questionnaire English language childcare facilities

Is iad seo thíos na pointí le suntas a chur iontu:

- **Na hIonaid Bhéarla**
 - Níor ghlac ach 4 (33%) de na 12 ionaid Bhéarla páirt sa suirbhé.
 - As na trí ionad (Béarla) a thuirisc faoi theanga baile na bpáistí tuairiscíodh, ón iomlán de 75, go raibh Gaeilge ón mbaile ag 6, i.e. ag 8% agus 2 (2.6%) ó chúrla dhátheangach.
 - Cuireadh an cheist faoi chumas Gaeilge na 17 fostaithe. Thug dhá cheann de na hionaid (agus 6 ball foirne acu) eolas faoi bhfoireann agus dúradh go raibh 'Gaeilge mhaith' ag 3 ball foirne acu ach níor tugadh eolas faoi na fostaithe eile. Sa dá chás eile (agus 11 ball foirne acu) tuairiscíodh go raibh 'cainteoir líofa' amháin ann, go raibh 'Gaeilge mhaith' ag 4 agus go raibh 5 gan, nó ar bheagán, Gaeilge. De bharr an easpa eolais iomlán a tugadh tá sé deacair conclúid chruinn eolaíoch a bhaint as an bhfaisnéis.

- D'fhreagair gach ionad gur Béarla 'den chuid is mó' a labhraítear leis na páistí. Thuairisc ceann de na hionaid go n-úsáidtear roinnt frásaí Gaeilge.
- Is ábhar dóchais é i gcomhthéacs na pleanála teanga gur léirigh gach ceann de na hionad spéis i bhfoghlaím faoi bhealaí le breis Gaeilge a chuimsiú ina n-institiúidí. Moltar go dtabharfar aghaidh ar an gceist seo agus go mbeadh sé mar bheart sa bPlean Teanga.

- **Na hionaid Ghaeilge**
 - As 62 páiste atá ag freastal ar an **Naíonra i nGaelscoil Mhic Amhlaigh** tuairiscíodh go raibh Gaeilge ón mbaile ag 6 pháiste, i.e. 10% acu.
 - Luaigh CNNG go raibh deacrachtaí ag baint le teacht ar fhostaithe (**sa Naíonra**) le Gaeilge líofa agus na cáilíochtaí riachtanacha acu.
 - Thuairisc an tIonad Cúraim Iarscoile i nGaelscoil Mhic Amhlaigh go bhfuil Gaeilge mhaith ag nó gur cainteoirí dúchais iad 67% den 200 páiste atá ag freastal ar an ionad.

5.4. An Taighde – Príomhoidí Bunscoileanna

Seoladh gearr-cheistneoir chuig Príomhoidí na sé bhunscoil atá sa, nó atá ag freastal ar dhaltáí scoile an LPT. Is iad sin, SN Séamus Naofa (Sráidbhaile Bhearna), SN Naomh Iosef (An Bhuaille Bheag, Bearna), *St John the Apostle NS* (Cnoc na Cathrach), Pobalscoil Chuan na Gaillimhe (Cnoc na Cathrach), Gaelscoil Mhic Amhlaigh (Cnoc na Cathrach) agus *SN Educate Together* (Cnoc na Cathrach). Níor chomhlánaigh gach scoil an suirbhé.

Léirítear sa dá thábla thíos torthaí an tsuirbhé.

Bunscoileanna an LPT agus an Ghaeilge (iad siúd a d'fhreagair)				
<i>Primary schools in the LPA and Irish.</i>				
Scoil	Scoil A.	Scoil B.	Scoil C.	Scoil D.
Líon daltaí	266	595	422	54
Daltaí le Gaeilge ón mbaile	13 (4.9%)	13 (2.18%)	0	1
Teanga Teagaisc na scoile	Gaeilge	Gaeilge	Béarla	Béarla
Gnáth theanga Cumarsáide na foirne	Gaeilge	Gaeilge	Meascán de Ghaeilge agus Béarla	Béarla
Teanga teagmhála le tuismitheoirí	Gaeilge	Meascán Gaeilge 's Béarla	Béarla amháin	Béarla
Polasaí Gaeilge	Tá	Tá	Tá	Níl
Aitheantas faoi POG	Tá	Tá	Níl	Níl
Moltaí don Phlean Teanga: 1.				
<ul style="list-style-type: none"> ○ Club Gaeilge, Spóirt trí Ghaeilge, Ealaíon trí Ghaeilge, Ranganna do thuismitheoirí. ○ Comórtais agus eile taobh amuigh den scoil a thugann seans dóibh teacht le chéile trí Ghaeilge – mar shampla tráth na gceist boird, dioscó, clubanna óige 7rl. Bheadh spreagadh ag teastáil len iad a fháil isteach – duaiseanna, turais, 7rl. ○ Club Óige, Drámaíocht trí Ghaeilge, Club Rothaíochta, Club Reatha, CLG (Gaeil na Gaillimhe), Imeachtaí Spóirt trí Ghaeilge, Club Ceoil, Grúpa Ceoil Gaelach, Club Fichille, Club Teicneolaíochta, Lego, Scratch, Dioscó Gaeilge. 				

Tábla 5.21: Bunscoileanna an LPT agus an Ghaeilge - Primary schools and Irish

Tá sé le feiscint thuas go dtuairiscítear go bhfuil 1337 (266 + 595 + 422 + 54) daltaí ag freastail ar na bunscoileanna a ghlac páirt sa suirbhé. Astu siúd bhí na príomhoidí den tuairim go raibh 26 páistí ag teacht chuig na scoile agus an Ghaeilge ón mbaile acu, is é sin ráta de thart ar 2%. Ní mhór a shoiléiriú, i gcás Choláiste na Coiribe, go dtagann na daltaí ó cheantair i bhfad níos leithne ná LPT BCnaC amháin.

Foirne na Scoile agus an Ghaeilge (iad siúd a d'fhreagair)				
<i>School staff members and Irish</i>				
Scoil	Scoil A.	Scoil B.	Scoil C.	Scoil D.
Múinteoirí Ranga	11 (11 líofa)	22 (22 Líofa)	16 (6 líofa, 10 le Gaeilge mhaith)	3 (3 le Gaeilge mhaith)
Cúntóirí Teanga	1 (1 líofa)	1 (1 líofa)	0	0
Múinteoirí Acmhainne / Tacaíochta Foghlama	4 (líofa)	7 (7 líofa)	12 (6 líofa, 3 le Gaeilge mhaith, 3 le Gaeilge réasúnta)	1 (1 gan Ghaeilge)
Foireann eile (oifig 's araile	5 (2 líofa, 2 le Gaeilge mhaith, 1 le Gaeilge réasúnta)	8 (7 líofa, 1 le Gaeilge réasúnta)	3 (3 gan Ghaeilge)	2 (2 gan Ghaeilge)
Iomlán na foirne	21	38	31	6

Tábla 5.22: Foireann na mbunscoileanna agus an Ghaeilge - primary school staff and Irish

Is iad na pointí le suntas a chur iontu:

- Níor tuairiscíodh go raibh Gaeilge ón mbaile ach ag 2% de iomlán na ndaltaí. I gcás SN Bhearna is 4.9% a bhí i gceist.
- Ní mór a thabhairt san áireamh go bhfuil roinnt mhaith páistí, nach bhfuil cónaí orthu sa LPT, ag freastal ar Ghaelscoil Mhic Amhlaigh.

5.5. An Taighde – Múinteoirí Bunscoile


Ghlac 49 múinteoir as 5 cinn de na 6 bhunscoil páirt sa suirbhé agus léirítear an ráta freagartha sa tábla seo thíos:

Scoil / School	Líon múinteoirí a ghlac páirt sa suirbhé Numbers of teachers who participated in the survey
Scoil A.	4
Scoil B.	23
Scoil C.	19
Scoil D.	2
Scoil E.	0
Scoil F.	1
Iomlán	49

Tábla 5.23: Bunmhúinteoirí - líon na rannpháirtithe - primary teachers - number of participants


Scaipeadh an t-eolas faoin gceistneoir trí phríomhoidí na scoileanna agus iarradh orthu na múinteoirí a spreagadh leis an suirbhé a líonadh. Is suirbhé ar líne (i bhfoirm SurveyMonkey) a bhí i gceist. Ní mór a thabhairt san áireamh go dtagann an chéad dhá scoil faoi scéim aitheantais POG, sin SN Séamus Naofa Bearna agus Gaelscoil Mhic Amhlaigh. Is scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán an Bhéarla atá sna ceithre cinn eile. Leis an téacs sa mhír seo a shimpliú úsáidtear an téarmaíocht ‘scoileanna POG’ agus ‘scoileanna Béarla’.

5.5.1 Cumas Gaeilge na Múinteoirí



Figiúr 5.13: Scoileanna POG Cumas Gaeilge na múinteoirí - POG schools teachers ability in Irish

Cumas Gaeilge na Múinteoirí (Scoileanna Béarla)



Figiúr 5.14: Cumas Gaeilge na múinteoirí scoileanna Béarla - teachers Irish language ability English medium schools

5.5.2. Cleachtas Teanga an Mhúinteora sa Seomra Ranga.

Cleachtas Teanga an Mhúinteora sa Seomra Ranga <i>Language of Tuition within the Classroom</i>				
	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó a labhraím	Béarla den chuid is mó a labhraím	Béarla amháin
Scoileanna POG	26	1		
Scoileanna Béarla			20	2

Tábla 5.24: Múinteoirí agus an Ghaeilge sa seomra ranga - Teachers and Irish in the classroom

5.5.3. An Teanga a Labhraíonn na Daltaí sa Seomra Ranga.

An teanga a fhreagraíonn daltaí nuair a labhraítear i nGaeilge leo sa rang. <i>(mar a d'fhreagair na múinteoirí).</i> <i>Language in which children respond in the class room</i>				
	Freagraíonn siad i nGaeilge i gcónaí	Freagraíonn siad i nGaeilge den chuid is mó	Freagraíonn siad i mBéarla den chuid is mó	Freagraíonn siad i mBéarla i gcónaí
Scoileanna POG	18	8	1	
Scoileanna Béarla	0	2	17	3

Tábla 5.25: An teanga ina bhfreagraíonn na páistí sa seomra ranga - response language of children in the classroom

5.5.4 An Teanga a Labhraíonn na Daltaí Eatarthu Féin sa Seomra Ranga.

An teanga is minice a labhraíonn na daltaí eatarthu féin taobh istigh den seomra ranga. (mar a d'fhreagair na múinteoirí) <i>Language most frequently spoken between children in the classroom</i>				
	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin
Scoileanna POG	6	17	4	
Scoileanna Béarla			10	12

Tábla 5.26: An teanga a labhraíonn na páistí eatarthu féin sa seomra ranga - language spoken by students amongst themselves in the classroom

5.5.5 An Teanga a Labhraíonn na Daltaí i Suíomhanna Difriúla.

An teanga is minice a labhraíonn na daltaí eatarthu féin i suíomhanna difriúla. (mar a d'fhreagair na múinteoirí). <i>Language most frequently used by pupils in differing scenarios</i>					
	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Béarla den chuid is mó	Béarla amháin	Ní fios
Scoileanna POG					
I gClós na Scoile	3	20	4		
Ag gníomhaíochtaí seach-churaclaim	8	14	4		1
Taobh amuigh de chomhthéacs na scoile	1	3	13	5	5
Scoileanna Béarla					
I gClós na Scoile		2	3	17	
Ag gníomhaíochtaí seach-churaclaim		1	10	11	
Taobh amuigh de chomhthéacs na scoile		1	7	13	1

Tábla 5.27: An teanga a labhraíonn na páistí eatarthu féin lasmuigh den seomra ranga - language spoken by students amongst themselves outside of the classroom

5.5.6 Téacsleabhair

Thuairisc na scoileanna Béarla nár baineadh úsáid ar bith as aon téacsleabhar Gaeilge, taobh amuigh den Ghaeilge mar ábhar. Thuairisc na scoileanna POG gur téacsleabhair Ghaeilge iad tromlach na dtéacsleabhar a úsáidtear ach go raibh roinnt úsáide á bhaint as téacsleabhair Bhéarla in ábhair mar ceol, stair agus eolaíocht.

5.5.7. Dearcadh na Múinteoirí i leith na Scolaíochta agus na Gaeilge.

Cuireadh dhá cheist ar na múinteoirí agus is mar seo a leanas a d'fhreagair siad:

Cé chomh mór agus a Aontaíonn na Múinteoirí leis na Ráitis seo a leanas (mar a d'fhreagair na múinteoirí). <i>Teachers response to various statements</i>					
	Aontaím go mór	Aontaím	Níl fhios agam / gan tuairim	Easaontaím	Easaontaím go mór
Bealach éifeachtach í an scolaíocht le cainteoirí nua líofa a chruthú					
Iomlán na Scoileanna (49)	23 (47%)	19 (38.7%)	6 (12%)	1 (2%)	
Scoileanna POG (27)	22 (81%)	5 (18.5%)			
Scoileanna Béarla (22)	1 (4.5%)	14 (63.6%)	6 (27.3%)	1 (4.54%)	0
Ba mhaith liom go mbeadh aitheantas ag an scoil seo mar Scoil Ghaeltachta (scoileanna Béarla) (22)		4 (18.2%)	7 (31.9%)	8 (36.4%)	3 (13.6%)
Is maith liom go bhfuil aitheantas ag an scoil seo mar Scoil Ghaeltachta (scoileanna POG) (27)	25 (95.6%)	2 (7.4%)			

Tábla 5.28: Dearcadh na múinteoirí i leith ceisteanna difriúla -teachers attitudes towards Irish in the school

5.5.8. Cúrsaí / Ceardlanna do Mhúinteoirí

Cuireadh dhá cheist ar na múinteoirí agus is mar seo a leanas a d'fhreagair siad:

An mbeadh suim agat freastal ar chúrsa/ar cheardlann ar aon cheann de na hábhair seo a leanas?

Would you be interested in attending training related to any of the following?

	Bheadh	B'fhéidir go mbeadh	Ní bheadh
Gaeilge (i.e. labhairt / gramadach / saibhreas teanga)			
Iomlán na Scoileanna (47)	32 (68%)	13 (27.6%)	2 (4.25%)
Scoileanna POG (25)	19 (76%)	5 (20%)	1 (4%)
Scoileanna Béarla (22)	13 (59%)	8 (36%)	1 (4.54%)
Ag múineadh trí mheán na Gaeilge			
Iomlán na Scoileanna (46)	26 (56.5%)	14 (30.4%)	6 (13%)
Scoileanna POG (25)	13 (52%)	9 (36%)	3 (12%)
Scoileanna Béarla (21)	13 (61.9%)	5 (23.8%)	3 (14.3%)
Feasacht Teanga			
Iomlán na Scoileanna (45)	22 (48.9%)	15 (33.3)	8 (17.7%)
Scoileanna POG (24)	12 (50%)	9 (37.5%)	3 (12.5%)
Scoileanna Béarla (21)	10 (47.6%)	6 (28.6%)	5 (23.8%)
Seisiún faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta			
Iomlán na Scoileanna (46)	14 (30.4%)	17 (37%)	15 (32.6%)
Scoileanna POG (25)	10 (40%)	10 (40%)	5 (20%)
Scoileanna Béarla (21)	4 (19%)	7 (33.3%)	10 (47.6%)

Tábla 5.29: breisoideachas do mhúinteoirí - Further education for teachers

5.5.9. Moltaí na Múinteoirí.

Tugadh an deis do na múinteoirí moltaí a dhéanamh. Is í an cheist a cuireadh ná – **“Amach leis! Aon tuairim agat maidir le bealaí leis an nGaeilge a chur chun cinn i measc na hóige i mBearna & Cnoc na Cathrach? Aon mholtaí agat don Phlean Teanga?”**. Thug 18 ionchur mar seo a leanas:

- Club Óige / club do thuismitheoirí a eagrú le Gaeilge a chur chun cinn. Gníomhaíochtaí eile a eagrú.
- Gníomhaíochtaí spóirt trí mheán na Gaeilge taobh amuigh de shuíomh na scoile. Níos mó deiseanna chun grúpaí spraoi a eagrú trí Ghaeilge do na clanna atá ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge.
- Ranganna drámaíochta, spóirt 's araile a chur ar fáil trí Ghaeilge lasmuigh den scoil b'fhéidir.
- “Níl cleachtadh acu Gaeilge a labhairt lasmuigh den scoil i ngníomhaíochtaí sóisialta. Sin an fhadhb. Tá an paróiste chomh mór sin nuair a théann siad ag gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil níl aithne acu ar chuid de na gasúir mar gheall nach bhfuil siad ar scoil leo agus ansin ceapann siad nach bhfuil Gaeilge acu! Sin an rud a fheicim le mo rang féin; tá ard-chaighdeán Gaeilge acu sa rang ach ceapann siad nach bhfuil ach Gaeilge sa suíomh seo. Pleanáil lasmuigh den scoil; chaith mé féin am ag traenáil páiste sa cheantar”.
- Tuismitheoirí a spreagadh chun an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh den scoil.
- Club Óige trí Ghaeilge a chruthú.
- Club Gaeilge le haghaidh na gasúir sna hard ranganna.
- Nasc idir scoileanna na cathrach agus scoileanna i gConamara i rith na bliana. Clubanna óige sa gceantar a rith trí mheán na Gaeilge. Cultúr na Gaeltachta a chur chun cinn sa cheantar trí bhéim a chur ar cheol, spóirt agus drámaíocht mar a dhéantar sna Gaeltachtaí. Tá go leor daoine ón nGaeltacht ina gcónaí sa cheantar seo....caithfear ócáidí a thabhairt dóibh sa gcaoi go mbeidh siad ábalta teacht le chéile agus an Ghaeilge a labhairt agus seans dá gclann óg í a labhairt.
- Comórtais spóirt, quiz boird & rí idir-scoile le scoileanna Gaeltachta eile go gcloisfeadh na páistí páistí eile ag labhairt Gaeilge go nádúrtha agus le taispeáint dóibh nach iad an t-aon scoil atá ag labhairt Gaeilge.
- Tá na páistí ag labhairt Gaeilge níos minice anois ná mar a bhí. Freagraíonn roinnt mhaith acu mé i nGaeilge anois. Bíonn meascán Gaeilge & Béarla (*múinteoir i rang na naíonáin bheaga*).

- Níos mó ranganna agus clubanna cosúil leis an gClub Gaeilge, go bhfaighfidh na páistí seans an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil
- Teagmháil le déagóirí a bhfuil Ghaeilge acu. Clubanna Gaeilge a chur chun cinn do pháistí nach bhfuil Gaeilge líofa acu
- Club Gaeilge. Spóirt trí Ghaeilge. Club ceoil traidisiúnta le Gaeilge mar príomhtheanga.
- Tuismitheoirí a mhealladh chun an Ghaeilge atá acu a labhairt. Is mór an trua nach bhfuil siad muiníneach an beagán (dar leo!) Gaeilge atá acu a úsáid ag geataí agus doirse na scoile. Is minic a iompaíonn na páistí ar an mBéarla agus iad ag siúl amach geataí na scoile. Ceist 6 & 7 - Ag braith ar cén chúlra luath-oideachais atá ag na páistí. D'fhéadfá na páistí freagairt as Béarla ag tús na bliana agus iompaíonn siad ar an nGaeilge go nádúrtha de réir a chéile nuair atá tuiscint níos fearr acu - caithear an teanga a mhúineadh dóibh i dtosach ach cabhraíonn sé go mór má tá cúlra luath-oideachais Naíonra acu.
- Ógras! Scannáin ar fáil trí Ghaeilge! Campas Gaelach! Maidir le c13 (*Bealach éifeachtach í an scolaíocht le cainteoirí nua líofa a chruthú*) Aontaím go mór leis an ráiteas más Gaelscoil a bhí i gceist. Ní aontaím leis an ráiteas seachas sin!
- Club Óige Ionad 'Buail Isteach'.

5.5.9.1. Moltaí na Múinteoirí – Suimiú.

Leag na múinteoirí béim ar chomhthéacsanna a chruthú ina mbeadh deis ag na daltaí an Ghaeilge a chleachtadh taobh amuigh de gheataí na scoile. Cuireadh béim ar spóirt i measc imeachtaí eile agus dúradh nach bhfuil deis ag páistí le Gaeilge bualadh le chéile sna clubanna spóirt áitiúla trí Ghaeilge. Ní mhór gréasáin nua taitneamhacha agus spraiúla Gaeilge a chruthú do na daoine óga agus 'spás a chruthú do dhaoine óga leis an nGaeilge a úsáid i gclubanna áitiúla sean-bhunaithe'.

5.5.10. An Taighde ar na Bunmhúinteoirí – Tátail

Léiríonn torthaí an tsuirbhé difríochtaí suntasacha idir na scoileanna atá ag feidhmiú trí Ghaeilge agus na cinn nach bhfuil.

Tuairiscíonn 100% de na múinteoirí i scoileanna POG go bhfuil siad líofa i nGaeilge. Sna scoileanna Béarla tuairiscítear go bhfuil 22% líofa sa Ghaeilge, 23% eile atá ‘iomlán ar a gcompord i nGaeilge’ agus 55% a bhfuil ‘Gaeilge mhaith’ nó ‘réasúnta’ acu. Níl ach 18.2% de na múinteoirí sna bunscoileanna Béarla ar mhaith leo go mbeadh a scoil páirteach sa POG. Ní mór é seo a chur san áireamh agus ceist scoileanna eile sa LPT a bheith rannpháirteach sa POG á phlé amach anseo.

Tá úsáid na Gaeilge ag na múinteoirí sa seomra ranga mar a bheifí ag súil leis sa dá chineál scoile, i.e. úsáidfear an Ghaeilge mar theanga teagaisc sna scoileanna atá aitheantas á lorg acu faoin bPOG agus an Béarla mar theanga teagaisc sna scoileanna eile.

Tá úsáid na Gaeilge ag na daltaí taobh amuigh de chomhthéacs na scoile i bhfad níos ísle ná mar atá sa scoil. Is dúshlán a bheidh ann agus an Plean á chur i bhfeidhm, deiseanna úsáide Gaeilge a chruthú do dhaoine óga, agus iad a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid, taobh amuigh de chomhthéacs na scoile.

Léirítear éileamh ar chúrsa/í i nGaeilge (i.e. labhairt / gramadach / saibhreas teanga) agus 68% de na múinteoirí á rá go bhfuil spéis acu ina leithéid. Ní mór freastal a dhéanamh ar an éileamh seo sa bPlean Teanga.

5.6. Taighde nár cuireadh i gcrích de bharr COVID-19.

- Fócasghrúpa leis na hEagraíochtaí Pobail
- Fócasghrúpa leis an Earnáil Mhiondíola
- Fócasghrúpa (agus suirbhé) le déagóirí áitiúla atá ag freastal ar Choláiste na Coiribe
- Fócasghrúpa (agus suirbhé) le déagóirí áitiúla atá ag freastal ar an ngrúpa ‘The Hub’ i mBearna

6. Bearta an Phlean

6.1. Réamhrá

Is LPT neamhghnách é LPT Bearna & Chnoc na Cathrach sa mhéid is gur bruachbhaile de chuid Chathair na Gaillimhe é tromlach an cheantair agus gur ceantar uirbeach nó fo-uirbeach atá ann gan na gnáth-thréithe a bhaineann le ceantar Gaeltachta ar nós Coláiste Samhraidh, Comharchumann Gaeltachta ná mórán infheistíochta i bhfostaíocht de chuid Údarás na Gaeltachta ann. Nuair a tarraingíodh teorainneacha na nGaeltachtaí i gcaogaidí an chéid seo caite is ceantair tuaithe ar dhaonra íseal a bhí i gceist ach tá Cathair na Gaillimhe tar éis leathnú siar isteach sa cheantar ó shin. Bhí daonra de 21,219 ag Cathair na Gaillimhe nuair a socraíodh teorainneacha na Gaeltachta i 1956. Bhí daonra de 78,668 sa chathair i 2016, sin méadú de 371%. Níl aon fhianaise ann gur ón nGaeltacht a tháinig tromlach na náitritheoirí nua seo agus tuairiscítear²² gur inimirceoirí eile ó thíortha thar lear 25% de dhaonra na cathrach. Ní bhfeifeá ag súil go mbeadh Gaeilge ag an sciar seo den phobalcu.

Agus duine ar cuairt ar shiopaí agus ar ionaid siamsaíochta (e.g. bialanna, beáir, ionaid aclaíochta 's araile) agus ag caitheamh súil ar na meáin áitiúla, tá sé soiléir go bhfuil an Béarla mar theanga tosaigh an phobail áitiúil. Níl aon éalú ón bhfírinne ach go bhfuil an Ghaeilge ruaigthe den chuid is mó ag an mBéarla mar theanga an phobail agus is é seo an comhthéacs ina bhfuil an Plean seo le feidhmiú. Mar sin féin, níl sé neamhghnách an Ghaeilge a chloisteáil de bharr lonnaithe an LPT ar theorainn cheantair Ghaeltachta láidre Chontae na Gaillimhe.

Ag glacadh leis na fíricí teangeolaíochta seo, ní mór mar sin, teacht ar spriocanna réadúla agus insroichte a bhaineann le spriocanna athbheochana teanga seachas cothabháil pobail teanga. Ní mór béim faoi leith a chur ar dheiseanna éifeachtacha sealbhaithe teanga agus deiseanna úsáide teanga a chruthú do dhaoine, idir óg agus aosta.

Maidir leis an óige, tá an Ghaeilge réasúnta láidir sa chóras oideachais ach lag sa chóras cúram leanaí agus i saol sóisialta na hóige taobh amuigh den chóras oideachais.

Déantar cur síos sa mhír seo ar bhearta an Phlean Teanga. Tá go leor de na bearta seo mar fhreagra ar na dúshlán a léirigh an taighde do shláinte na Gaeilge mar cheann de roghanna teanga an phobail áitiúil. Sonraítear ar dtús roinnt beart a bheidh riachtanach le cinntiú gur féidir an Plean a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach agus comhordaithe.

Déantar bearta eile an Phlean Teanga a rangú de réir na **réimsí** atá leagtha amach sna *Treoirínte Pleanála Teanga (Eagrán 5 – Eanáir 2019)*²³, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, 2019: 60).

²² www.irishtimes.com/news/galway-pips-dublin-as-most-international-city-1.509495

²³ <https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2019/02/treoirinte-pleanala-teanga-eagran-5.pdf>

- A. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- B. Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
- C. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile;
- D. Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais;
- E. An Earnáil Ghnó;
- F. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn;
- G. Na Meáin Chumarsáide;
- H. Seirbhísí Poiblí;
- I. Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach;
- J. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire;
- K. Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith.

Sonraítear faoi gach beart an réimse nó na réimsí agus na critéir pleanála teanga lena mbaineann an beart, aidhm an bhirt agus cur síos ar a bhfuil i gceist leis. Luaitear le gach beart chomh maith na páirtithe leasmhara uile a bheidh i gceist, scála ama, costas, dúshláin a d'fhéadfadh eascairt as an mbeart agus na bealaí trína ndéanfar monatóireacht ar an mbeart. Tá sé i gceist gur 'clár oibre' réalaíoch a bheidh sa Phlean don fhoireann a bheidh fostaithe in Oifigí Pleanála Teanga CSPTBC amach anseo.

6.2. Na Critéir Pleanála Teanga do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta

Déantar na critéir pleanála teanga a rangú de réir na **critéir** atá leagtha amach sna *Treoirlínte Pleanála Teanga (Eagrán 5 – Eanáir 2019: 60, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta)*

1. Eagraíocht, arna roghnú ag Údarás na Gaeltachta faoi fho-alt (6), (10)(a) nó (13)(a), de réir mar is cuí, d'alt 7 d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa limistéar iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa limistéar iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíochta agus sóisialta ar an limistéar iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa limistéar iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa limistéar iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa limistéar iomchuí.
8. Socruithe cuí a bheith sa limistéar iomchuí chun tacú le húsáid na Gaeilge ag leanaí ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga labhartha atá sa bhaile acu.

9. Socruithe cuí a bheith sa limistéar iomchuí chun tacú le foghlaim na Gaeilge ag leanaí réamhscoile, d'fhonn tacú le rollú i mbunscoileanna Gaeilge.
10. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa limistéar iomchuí.
11. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
12. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa limistéar iomchuí.
13. Cuideachtaí agus gnóthaí a bheith ann a sholáthraíonn seirbhísí trí mheán na Gaeilge don phobal sa limistéar iomchuí.
14. Beartais fostaíochta agus earcaíochta a bheith ann atá á gcur i ngníomh ag cuideachtaí agus gnóthaí sa limistéar iomchuí ar mhodh a chinntíonn go bhfuil ar a gcumas seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar.
15. A mhéid a úsáideann eagraíochtaí pobail agus comharchumainn an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
16. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa limistéar iomchuí.
17. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa limistéar iomchuí.
18. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa limistéar iomchuí.
19. An méid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa limistéar iomchuí leis an bPlean Teanga.

6.3. Struchtúr a Bhunú leis an bPlean Teanga a Chur i bhFeidhm.

Nuair a cheadófar an plean, déanfaidh baill de PTBC **comhlacht** a chlárú a fheidhmeoidh mar **cheanneagraíocht** d'fheidhmiú an phlean. Ceapfar roinnt baill de PTBC mar **stiúrthóirí** ar an gcomhlacht nua seo. Beidh sé mar dhualgas ag an ceanneagraíocht an plean teanga a chur i bhfeidhm agus le duine a fhostú le feidhmiú mar Oifigeach Pleanála Teanga éifeachtach i LPT BCnaC. Beidh an ceanneagraíocht seo mar chomharba ar an gcoiste a chur an plean seo le cheile.

Beart 6.3.1 Struchtúr a bhunú leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm.			
Réimse:	K	CPT	1, 19
Eolas breise faoin mbeart:	De bharr nach bhfuil Comharchumann Gaeltachta ag feidhmiú sa LPT moltar go mbeidh an Cheanneagraíocht cláraithe mar comhlacht le go mbeadh stádas agus cúraimí fostóra aige. Chomh maith le cúraimí fostaíochta, beidh cúraimí bainistíochta, riaracháin agus monatóireachta ar an gcomhlacht chomh maith. Leagfaidh an ceanneagraíocht plean oibre amach, i bpáirt leis an OPT, bunaithe ar an bplean seo, ach gan a bheith teoranta don phlean amháin. Aontófar aon athruithe ar an bplean oibre le hÚnaG roimh a gcuirtear i bhfeidhm iad. Moltar go mbunófar Coiste Stiúrtha le comhoibriú leis an gCeanneagraíocht obair an OPT a bhainistiú agus a stiúradh. Beidh an coiste stiúrtha ionadaíoch ar an dá phobal sa LPT, is iad sin Bearna agus Cnoc na Cathrach.		
Aidhm:	An Plean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach le hionchur leanúnach ó phobal an LPT.		
Príomhúinéir an bhirt	An ceanneagraíocht.		
Páirtithe leasmhara:	An OPT, ÚnaG, RTCEGSM, Pobal an LPT.		
Saolré:	7 mbliana.		
Costas measta iomlán:	Bliain 1 €10,000 Costais a bhaineann le comhlacht a bhunú, seirbhísí corparáideacha srl.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1 amháin atá i gceist		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM, ÚnaG		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas ar bhonn leanúnach a éascú. Réiteach: An pobal a spreagadh le bheith gníomhach sa ceanneagraíocht agus sa choiste stiúrtha. Teagmháil leanúnach leis an bpobal, ar líne go háirithe. 'Buanna luatha simplí' a bhaint amach agus a phoibliú le muinín an phobail sa phróiseas a chothú.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Cuirfidh an OPT tuairisc ar éifeacht an Phlean Teanga ar fáil don ceanneagraíocht ag cruinniú rialta uair sa mhí . Beidh cruinniú ráithiúil idir an OPT, an ceanneagraíocht, agus ÚnaG le dul chun cinn a mheas. Eagrófar cuinniú bliantúil ag a dtabharfar tuairisc		

	chuimsitheach do phobal an LPT ar dhul chun cinn an togra pleanála teanga ina iomláine.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil in éifeacht na mbeart uile sa bPlean Teanga.

Beart 6.3.2 Oifigeach Pleanála Teanga a Earcú agus Fhostú.			
Réimse:	K	CPT	1, 19
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Oifigeach Pleanála Teanga (OPT).</p> <p>Beidh fíor-thábhacht ag baint leis an duine is feiliúnaí a earcú mar is acu a bheidh an cúram an plean a chur i bhfeidhm. Moltar go mbeidh cáilíocht tríú leibhéal sa phleanáil teanga ag an OPT mar aon le taithí ar obair forbartha pobail.</p> <p>Beidh sé mar chúram ar an OPT na bearta atá sa Phlean a chur i gcrích thar thréimhse seacht mbliana agus teacht ar bhearta nua de réir mar is cuí (agus a aontófar leis an gceanneagraíocht agus le hÚnaG) le húsáid na Gaeilge a láidriú sa LPT. Beidh an OPT freagrach don ceanneagraíocht.</p> <p>Leagfaidh an cheanneagraíocht plean oibre amach, bunaithe ar an bplean seo, ach gan a bheith teoranta don phlean amháin, i bpáirt leis an OPT. Aontófar aon athruithe ar an bplean oibre le hÚnaG roimh a gcuirtear i bhfeidhm iad.</p> <p>Moltar go gcothófaí gaol le hOPTanna sna LPTanna máguaird (Cois Fharraige agus Maigh Cuilinn) agus leis an bhfostaí a bheas ag obair ar an togra a bhaineann le Gaillimh a bheith mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.</p>		
Aidhm:	An Plean Teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach le hionchur leanúnach ó phobal an LPT.		
Príomhúinéir an bhirt	An cheanneagraíocht.		
Páirtithe leasmhara:	OPT, ÚnaG, RTCEGSM, Pobal an LPT.		
Saolré:	7 mbliana.		
Costas measta iomlán:	<p>Pá + 11% (ÁSPC)</p> <p>Bliain 1 €35,000 + 11% = €38,850</p> <p>Bliain 2 €37,500 + 11% = €41,625</p> <p>Bliain 3 €40,000 + 11% = €44,400</p> <p>Bliain 4 €42,500 + 11% = €47,175</p> <p>Bliain 5 €45,000 + 11% = €49,950</p> <p>Bliain 6 €47,500 + 11% = €52,725</p> <p>Bliain 7 €50,000 + 11% = €55,500</p> <p>Iomlán Pá. €330,225</p> <p>Costais taistil €1,000 in aghaidh na bliana = €7,000</p> <p>Fo-iomlán Pá: €340,225</p>		

Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 4. €47,175.
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM, ÚnaG.
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Iarrthóirí don phost mar OPT leis na cáilíochtaí agus taitní cuí (sa phleanáil teanga nó/agus forbairt pobail) a earcú. Réiteach: Ollscoil na hÉireann Gaillimh le leanúint orthu ag soláthar oiliúint sa Phleanáil Teanga le go mbeadh sruth daoine cáilithe ar fáil agus/nó iarrthóirí le cáilíocht agus/nó taitní sa bhforbairt pobail a bheith ar fáil.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Cuirfidh an OPT tuairisc ar éifeacht an Phlean Teanga ar fáil don cheanneagraíocht ag cruinniú rialta uair sa mhí . Beidh cruinniú ráithiúil idir an OPT, an cheanneagraíocht agus ÚnaG le dul chun cinn a mheas. Eagrófar cruinniú bliantúil ag a dtabharfar tuairisc chuimsitheach do phobal an LPT ar dhul chun cinn an togra pleanála teanga ina iomláine.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cuirfidh an cheanneagraíocht tuairisc ar fheidhmiú an Phlean Teanga ar fáil do ÚnaG uair sa ráithe agus don phobal go bliantúil.

Dreac

Beart 6.3.3 Cóiríocht Oifige			
Réimse:	K	CPT	1, 19
Eolas breise faoin mbeart:	Beidh cóiríocht oifige ag teastáil don OPT. Moltar go mbeadh an oifig lonnaithe ar champas Ghaelscoil Mhic Amhlaigh i gCnoc na Cathrach.		
Aidhm an bhirt:	Cóiríocht mhaith oifige le bheith ag an OPT mar chúnamh dó/di na spriocanna oibre mar atá leagtha síos sa chlár oibre a bhaint amach.		
Príomhúinéir an Bhirt:	ÚnaG, an cheanneagraíocht.		
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, OPT.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: Oifig agus trealamh oifige don OPT (e.g. cíós oifige, ríomhaire, fón, idirlín ar ard-luas, árachas, teas, leictreachas, 's araile) a sholáthar. Bliain 2-7: Costais oifige leanúnach.		
Costas measta iomlán:	Bliain 1: Costais tosaigh. €5,000 (Trealamh oifige aon uair m.sh deasc, ríomhairí, fón, suíomh idirlín 's araile). Costais reatha €2,800 (árachas, cuntais fón, teas, idirlíon, leictreachas 's araile). Cíós €7,200²⁴ (€600 in aghaidh na míosa x 12). Fo-iomlán: €15,000. Bliain 2-7: Costais leanúnacha riaracháin oifige (árachas, cuntais fón, teas, leictreachas, cothabháil idirlín 's araile) €2,800 bliantúil . Cíós, 600 míosúil x12 = €7,200 bliantúil . Fo-iomlán bliantúil €10,000. Fo-iomlán blianta 2-7 (10,000 x 6) = €60,000. Bliain 1 = €15,000 + Bliain 2-7 €60,000 = Mór-iomlán €75,000.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Mór-iomlán €74,300 ÷ 7 = €10,614.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt. Réiteach: Ní bhaineann.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Plé ar chóiríocht oifige ag na cruinnithe míosúla idir an OPT agus an cheanneagraíocht agus ag na cruinnithe ráithiúla idir an OPT, an cheanneagraíocht agus ÚnaG.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cinnteoigh an cheanneagraíocht, ar bhonn leanúnach, go bhfuil an chóiríocht sásúil ag na cruinnithe ráithiúla (OPT agus an cheanneagraíocht).		

²⁴ Is é seo an cíós atá á íoc ag PTBC ar lóistín sealadach ar champas Ghaelscoil Mhic Amhlaigh faoi láthair.

Beart 6.3.4 Scoláireacht a bhronnadh – Cáilíocht sa Phleanáil Teanga			
Réimse:	A, D, K	CPT	1, 19
Eolas breise faoin mbeart	<p>Scéim a eagrú le tacú le daoine Cáilíocht sa Phleanáil Teanga a bhaint amach. Moltar go mbronnfaí scoláireacht in aghaidh na bliana ar chainteoir líofa Gaeilge le tabhairt faoin Máistreacht sa Léann Teanga (Pleanáil Teanga) in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. €6,015 táillí ollscoile an chúrsa</p> <p>Nóta: Tá rogha ann scoláireacht (dioplóma) a bhronnadh sa Phleanáil Teanga ar dhuine feiliúnach. Tá costas de €1,500 (táillí ollscoile – dhá bhliain) ag baint leis an rogha seo.</p> <p>Bheadh sé mar choinníoll den scéim go ndéanfadh an duine seo a t/haithí oibre i LPT BCnaC.</p>		
Aidhm an bhirt:	Acmhainní daonna sár-oilte a chur ar fáil don phróiseas pleanála teanga sna blianta atá amach romhainn.		
Príomhúinéir an bhirt	OPT		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, ÚnaG, RTCEGSM, Rannóg na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, scoláirí ollscoile, pobal an LPT.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1–7:		
Costas measta iomlán:	€42,105 (€6015 x 7)		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€6,015 táillí an chúrsa.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Rannpháirtithe feiliúnacha a earcú a mbeadh suim acu dul ag obair in earnáil na Pleanála Teanga in LPTanna i gCo. na Gaillimhe.</p> <p>Réiteach: Feachtas poiblíochta ag leagan béim ar na deiseanna fostaíochta.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Mar atá ag éirí leis na céimithe dul i bhfeidhm ar an LPT tar éis filleadh ón gcúrsa. Ní bheidh fios go ceann 5 bliana.</p> <p>Coinneoidh an OPT taifead de na scoláirí agus mar atá ag éirí leo sa Choláiste.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	<p>An an cheanneagraíocht a bheith sásta go bhfuil céimithe ag glacadh le scoláireachtaí agus ansin a bhfuil de na céimithe seo ag filleadh chun oibre sa LPT.</p> <p>Bainfear úsáid as an Teimpléad Athbhreithnithe agus Monatóireachta (An TAM as seo amach - Aguisín 11) le tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bhirt seo.</p>		

Beart 6.3.5 Córas Bainistíochta agus Tacaíochta			
Réimse:	F, K	CPT	1, 19
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Córas bainistíochta agus tacaíochta a chruthú le go mbeadh cleachtais oibre éifeachtach ag an OPT.</p> <p>Pleananna oibre gearrthéarmacha, ráithiúla, bliantúla agus straitéiseacha a leagan amach don OPT agus aontaithe le hÚnaG.</p> <p>Spríocanna le leagan amach i bpáirt leis an OPT. Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn obair an OPT.</p> <p>An OPT le bualadh le hionadaí/ionadaithe na ceanneagraíochta go míosúil ar a laghad agus níos minice más gá.</p> <p>Baill den cheanneagraíocht agus an OPT le freastal ar sheisiúin traenála / eolais sa phleanáil teanga a eagraíonn ÚnaG.</p> <p>An cheanneagraíocht le tuairisc bhliantúil a réiteach agus a chur i láthair an phobail.</p>		
Aidhm an bhirt:	Coinníollacha maithe agus éifeachtacha oibre a bheith ag an OPT le go bhféadfadh sé/sí a spríocanna oibre mar atá leagtha síos sa chlár oibre a bhaint amach.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An cheanneagraíocht.		
Páirtithe leasmhara:	OPT, CSPTBC, ÚnaG.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1 - 7: Obair leanúnach.		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo.</p> <p>Réiteach: Ní bhaineann.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe míosúla (OPT agus CSPTBC) agus na cruinnithe ráithiúla (OPT, CSPTBC agus CSPTBC)		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	<p>Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (OPT, an cheanneagraíocht, ÚnaG)</p> <p>Bainfear úsáid as an TAM (Aguisín 11) le tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bhirt seo agus é comh-shínithe ag an OPT agus ag Cathaoirleach na ceanneagraíochta go bliantúil.</p>		

Beart 6.3.6 Córas Monatóireachta Leanúnach			
Réimse:	K	CPT	1, 19
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Monatóireacht éifeachtach agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga.</p> <p>Coinneoidh an OPT taifead cruinn cuimsitheach ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm an Phlean.</p> <p>Beidh sé mar ghnáth-nós foirmeacha aiseolais a bhailiú nuair a fheileann sin i.e. ag deireadh sraith ranganna agus tar éis imeachtaí nó sraith d'imeachtaí, más fearr a fheileann. Cuirfear an t-aiseolas seo ar fáil don cheanneagraíocht. Glacfar miontuairiscí ag na cruinnithe thíosluaite.</p> <p>Eagrófar cruinniú míosúil idir an OPT, agus ionadaí den cheanneagraíocht le dul chun cinn a mheas agus le moltaí chun feabhais a thabhairt.</p> <p>Eagrófar cruinniú ráithiúil idir an OPT, an cheanneagraíocht agus oifigigh de chuid ÚnaG le dul chun cinn a mheas agus le moltaí chun feabhais a thabhairt.</p> <p>Eagrófar Cruinniú Cinn Bhliana den cheanneagraíocht. Beidh an OPT agus oifigigh de chuid ÚnaG i láthair le dul chun cinn a mheas agus le moltaí chun feabhais a thabhairt. Cuirfidh an OPT tuairisc iomlán agus cuimsitheach ar fáil don cheanneagraíocht mí ar a laghad roimh an gcruinniú cinn bhliana. Úsáidfear an teimpléad caighdeánach – an TAM (Aguisín 11) don mhonatóireacht i gcomhar le hÚnaG agus RTCEGSM i leith chuile bheart agus an tuairisc bhliantúil á réiteach.</p> <p>Moltar go dtabharfaí deis don phobal páirt a ghlacadh sa chruinniú cinn bhliana le hionchur a thabhairt, le moltaí a dhéanamh agus le rannpháirtíocht an phobail sa togra pleanála teanga a éascú agus a spreagadh.</p> <p>Déanfar mór-athbhreithniú ar dhul chun cinn an phlean i mbliain a trí ag baint úsáid as figiúirí Dhaonáirimh 2021 agus as fianaise ábhartha eile. Beidh an RTCEGSM páirteach san athbhreithniú seo. Moltar díoscúrsa poiblí áitiúil a éascú, foirmeacha aiseolais a dháileadh ar agus a bhailiú ó na hearnálacha difriúla agus an Plean a leasú (i bpáirt le hÚnaG) más gá.</p> <p>I mbliain a trí déanfaidh RTCEGSM athbhreithniú ar an bplean.</p>		
Aidhm an bhirt:	<p>Feidhmiú éifeachtach an Phlean a léiriú agus a chinntiú agus fianaise a chur ar fáil ina leith.</p> <p>Tuairisciú macánta ar aschuir na mbeart agus ar bhaint amach spriocanna an Phlean.</p> <p>Láidreachtaí agus laigí a aimsiú agus a aithint agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a aimsiú agus a chur i bhfeidhm nuair is gá.</p>		
Príomhúinéir an Bhirt:	An cheanneagraíocht.		
Páirtithe leasmhara:	OPT, an cheanneagraíocht, ÚnaG, bainistíocht na scoileanna áitiúla, gnólachtaí áitiúla, eagraíochtaí sóisialta agus an pobal áitiúil go ginearálta.		

Saolré an bhirt:	Bliain 1: Taifead cruinn á choinneáil ar ghníomhaíochtaí an OPT agus CSPTBC. Bliain 2-7: Feidhmiú agus tuairisciú mar atá thuas. Bliain 4: Mór-athbhreithniú ar éifeachtacht an Phlean.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo. Réiteach: Ní bhaineann.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann.

Dréach

Beart 6.3.7 Bunachar Sonraí Teagmhálaithe Ábhartha a Fhorbairt			
Réimse:	K	CPT	1, 19
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Tá tábhacht ag baint le sonraí a bhailiú agus a coinneáil chun dáta agus a choinneáil cruinn, maidir le teagmhálaithe ábhartha agus na hacmhainní daonna atá ar fáil leis an nGaeilge a chur chun cinn sa LPT. Moltar bunachair sonraí mar seo a leanas a thógáil:</p> <p>A). Tuismitheoirí atá nó a bhfuil sé i gceist acu, a b/páistí a thógáil le Gaeilge (Beart 6.5.2).</p> <p>B). Daoine le Gaeilge a bhfuil scileanna acu i gcaithimh aimsire difriúla agus atá sásta na scileanna sin a roinnt le háitritheoirí óga áitiúla (beart 6.6.4).</p> <p>C). Daoine le Gaeilge a bhfuil scileanna acu i gcaithimh aimsire difriúla agus atá sásta na scileanna a roinnt le háitritheoirí fásta áitiúla (bearta 6.7.1, 6.12.2, 6.12.5 agus 6.12.6).</p> <p>D). Daoine atá oilte mar theagascóirí Gaeilge do dhaoine fásta (beart 6.7.3).</p> <p>E). Daoine a bhfuil suim acu sa togra agus ar suim leo páirt a ghlacadh ann.</p> <p>I ngach cás ní mhór forálacha Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh.</p>		
Aidhm an bhirt:	Acmhainní daonna a bheith ar fáil le haidhmeanna an Phlean a chur chun cinn agus teagmháil leanúnach a choinneáil leis an bpobal. (Bainfear úsáid as an mbunachar sonraí agus na bearta a bhaineann le míreanna 6.5.1, 6.5.2, 6.6.4, 6.9.1 agus 6.12.1 dá fheidhmiú.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, ÚnaG, an pobal áitiúil.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: An bunachar sonraí a chur le chéile. Bliain 2-7: An bunachar sonraí a choinneáil suas chun dáta agus cruinn.		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Ní mheastar go mbeidh dúshlán ag baint le cur i bhfeidhm an bhirt seo. Réiteach: Ní bhaineann.		

Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní bhaineann

Beart 6.3.8. Seoladh an Phlean Teanga			
Réimse:	K, G	CPT	2, 12, 13, 16, 19
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Agus an OPT ceaptha, moltar mór ócáid clainne, spleodrach agus samhlaíoch, a eagrú i sráidbhaile Bhearna agus i lárionad in iarthar Chnoc na Cathracha leis an bPlean a sheoladh agus le aird an phobail a tharraingt ar cheist na teanga agus leis an OPT a chur in aithne dóibh.</p> <p>Feachtas feasachta comhordaithe le heagrú nuair atá an plan faofa ag RTCEGSM agus nuair atá an OPT ceaptha.</p> <p>Bileog dhátheangach tharraingteach (le grafaicí agus grianghraif) a léiríonn go hachomair torthaí dearfacha an taighde le scaipeadh tríd na scoileanna, siopaí, ionaid oibre, bialanna, pubanna agus clubanna sóisialta.</p> <p>Suaitheantais do charranna le dearadh agus le scaipeadh.</p> <p>Ábhar na bileoige foilsithe ar na meáin leictreonacha agus thraidisiúnta áitiúla.</p> <p>Beidh eolas faoi shonraí na hoifige pleanála teanga agus an OPT cuimsithe sa bhileog mar aon le plé ar ról an duine aonaraigh sa phróiseas PT.</p>		
H	Feasacht faoin bPlean a scaipeadh agus rannpháirtíocht an phobail sa togra a spreagadh.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht. ÚnaG. An OPT. An pobal. Scoileanna áitiúla. Eagraíochtaí áitiúla. Grúpa ar nós Fíbin.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: Bliain amháin atá i gceist		
Costas measta iomlán:	€3,000. Mór-ócáid shamhlaíoch clainne (drumadóirí, féile sráide, aisteoirí, mórphuipéid agus a leithéid). Priontáil agus scaipeadh leabhráin, suaitheantais/greamáin do charranna agus póstaer. €2,000.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1: €5,000.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM, CCNaG, Foras na Gaeilge, <i>Leader</i> .		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: COVID-19. Réiteach: Coinníolacha sláinte an rialtais a leanúint.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tuirisc ar an seoladh agus ar na fo-imeachtaí, mar atá luaite thuas, cuimsithe i dtuirisc an OPT. Taifead coinnithe ag an OPT de thagairtí (sna meáin áitiúla) d'ócáidí atá bainteach leis an lánseáil agus ar an líon freastail.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Scrúdóidh an cheanneagraíocht na taifid thuasluaite agus, ag baint úsáid as an TAM, tuairisc le réiteach mar chuid den tuarascáil bhliantúil.		

6.4. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

In éagmais sciar substaintiúil de thuismitheoirí sa LPT a bheith ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge tá ról lárnach ag na hinstitiúidí oideachais (naíonraí, bunscoileanna, iarbhunscoileanna), agus ag na seirbhísí luathoideachais agus ag na múinteoirí / stiúrthóirí atá ag obair iontu i gcothú cainteoirí óga Gaeilge sa LPT.

I mí Dheireadh Fómhair 2016 foilsíodh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (POG as seo amach). Bunghné amháin a bhaineann leis an bPOG is ea an bhéim a leagtar ar go nglacfaidh scoileanna agus naíonraí páirt sa phróiseas pleanála teanga. Tá roghanna maithe oideachas trí Ghaeilge á gcur ar fáil do dhaltáí scoile an cheantair agus dhá bhunscoil as cúig cinn ag feidhmiú faoi bhrat an POG. Léiríonn an fhaisnéis a bailíodh ón suirbhé ar an bpobal, ó na scoileanna agus ón naíonra (Táblaí 5.7, 5.18, 5.20 agus 5.21) go bhfuil an líon páistí atá á dtógáil le Gaeilge mar theanga an tigh íseal, agus dá bharr sin titeann an cúram ar na scoileanna cumas sa Ghaeilge a fhorbairt i measc óige an LPT. Bheadh sé ina chabhair ollmhór chun an Ghaeilge sa LPT a chur chun cinn dá mbeadh aitheantas mar scoileanna Gaeltachta ag scoileanna uile an LPT.

Beidh tasc fíorthábhachtach ag an OPT agus ag an cheanneagraíocht teacht ar ais chuig an gceist seo agus tuismitheoirí, boird bhainistíochta agus foirne na scoile, nach bhfuil rannpháirteach sa POG a mhealladh agus a spreagadh le bheith páirteach sa POG. Mura n-éiríonn leis an mbeart beidh sé fíor-dheacair an Ghaeilge a athréimniú mar theanga tí i sciar de theaghlach an LPT, mar cheann de theangacha pobail áitritheoirí an LPT an lae inniu agus mar theanga na nglúnta atá romhainn agus cothaíonn sé an dainséar go bhfágfaí an Ghaeilge mar theanga chaithimh aimsire ag sciar áirithe de phobal an LPT.

Moltar gach deis comhpháirtíocht a chothú idir an cheanneagraíocht agus tuismitheoirí, bainistíocht agus foirne na n-institiúidí oideachais leis an nGaeilge a chur chun cinn sa LPT agus le cur le rannpháirtíocht bhreise scoileanna sa POG.

Beart 6.4.1 Rannpháirtaíocht sa Pholasáí Oideachas Gaeltachta a Spreagadh sa LPT			
Réimse:	A, C	Critéir Pleanála Teanga	5
Eolas breise faoin mbeart:	Cruinnithe a eagrú le tacaíocht tuismitheoirí, bainisteoirí agus foirne na n-institiúidí a spreagadh chun tacú leis na scoileanna aitheantas a lorg faoin POG, ar bhonn céimiúil, a bhaint amach.		
Aidhm an bhirt:	Go mbeadh oideachas trí Ghaeilge ar fáil d'óige an LPT le go mbeadh ardleibhéal cumais sa Ghaeilge ag óige an cheantair. Go gcruthófaí an fhéidearthacht go gcothófaí glúin nua leis an gcumas agus an toil acu a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht , COGG, ÚnaG. Tuismitheoirí daltaí scoile agus réamhscoile, bainisteoirí agus foirne na n-institiúidí oideachais sa LPT.		
Saolré an bhirt:	7 mbliana.		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Daoine (tuismitheoirí agus bainistíocht agus foirne na scoile) a spreagadh le bheith páirteach sa POG.</p> <p>Réiteach: Suim a spreagadh trí na rannpháirtithe a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le haitheantas Gaeltachta a bhaint amach. Béim a chur ar A) buntáistí an dátheangachais ar B) na marcanna breise a bhaineann le scrúduithe na hArdteistiméireachta a dhéanamh trí Ghaeilge agus C) na deiseanna fostaíochta breise atá ag daoine a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar líon na scoileanna atá páirteach sa scéim.</p> <p>Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An cheanneagraíocht leis na taifid thuasluaite a scrúdú agus, ag baint úsáid as an TAM, an OPT le tuairisc a réiteach mar chuid den tuarascáil bhliantúil (feic beart 6.3.6).		

Beart 6.4.2 Fóram Gaeilge na Scoileanna sa LPT			
Réimse:	A, C	Critéir Pleanála Teanga	5
Eolas breise faoin mbeart:	Fóram /Ceardlann / Seimineár do bhainisteoirí (Boird Bainistíochta san áireamh) agus do phríomhoidí agus do mhúinteoirí na sé scoil sa LPT faoi stiúir éascaitheora oilte) le heagrú le deis a thabhairt d'ionadaithe na scoileanna ceist na Gaeilge a phlé agus a gcuid rannpháirtíochta sa phróiseas pleanála teanga a spreagadh. An beart seo le heagrú gach dara bliain.		
Aidhm an bhirt:	Go mbeadh cur chuige comóna ag na scoileanna a bheadh ina chabhair leis an mórsprioc i.e. an Ghaeilge a chur chun cinn i measc óige an LPT, a bhaint amach. Go mbeadh ról na scoileanna sa togra pleanála teanga soiléir dóibh.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, boird bhainistíochta, príomhoidí agus foirne na n-institiúidí oideachais sa LPT agus éascaitheoir oilte, saineolaí sa phleanáil teanga.		
Saolré an bhirt:	Bliain 2, 4, 6.		
Costas measta iomlán:	€4,900 (€700 x 7).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€700 Seimineár bliantúil (cíos ionaid €150, sólaistí €350, + costais éascaitheora oilte €200. Iomlán €700.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Rannpháirtíocht a spreagadh. Réiteach: Na hócáidí a phoibliú go héifeachtach agus ócáidí tairbhiúla, gairmiúla agus taitneamhacha a eagrú.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead ar an tinreamh coinnithe ag an OPT. Ceistneoirí aiseolais le líonadh ag rannpháirtithe agus tuairisc réitithe ag an OPT bunaithe ar na ceistneoirí. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe bliantúla ina eagraítear na ceardlanna.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An cheanneagraíocht leis na taifid agus na ceistneoirí thuasluaite a scrúdú agus an OPT (ag baint úsáid as an TAM) le tuairisc a réiteach (feic beart 6.3.6) i mBlianta 2, 4, agus 6).		

Beart 6.4.3 Gaol a chothú idir na bunscoileanna a thagann faoin POG agus scoileanna Gaeltachta eile.			
Réimse:	A, C, K	Critéir Pleanála Teanga	5, 6.
Eolas breise faoin mbeart:	Le féiniúlacht Gaeltachta a láidriú, úsáid na Gaeilge a normalú agus cumas sa Ghaeilge a fheabhsú, moltar gaol agus ceangailtí le scoileanna i nGaeltachtaí níos láidre a spreagadh agus a chothú. Moltar gach deis a thapú le rannpháirtíocht na scoileanna in imeachtaí scoil-bhunaithe Gaeltachta a fhorbairt, imeachtaí ar nós comórtais díospóireachta, spóirt, drámaíocht agus cuairteanna stairiúla 's araile. Páirt a ghlacadh i gcomórtais spóirt le scoileanna Gaeltachta, Scléip na hÓige. Gaol a chothú le hógchlub atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa cheantar. Daltaí na scoile a bheith páirteach sa 'Scéim Neartú' de chuid Ealaín na Gaeltachta ²⁵ .		
Aidhm an bhirt:	Cumas sa Ghaeilge a mhéadú agus úsáid an teanga a normalú i measc daltaí na scoileanna POG sa LPT.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT .		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht , príomhoidí agus foirne na scoile, bainistíocht scoileanna Gaeltachta, Óige na Gaeltachta, Tuismitheoirí na Gaeltachta, an Cumann Scoildrámaíochta.		
Saolré an bhirt:	7 mbliana.		
Costas measta iomlán:	Bliain 1: Réiteach agus ullmhúcháin. Bliain 2-7: €12,600. (€2,100 x 6).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,100. Trí ócáid in aghaidh na bliana ag €700 an ócáid. Mionbhus - €400, costais iontrála €100, sólaistí €100, duaiseanna 's araile €100) Fo-íomlán €700 x 3 = €2,100.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán 1: Caigneán Gaeilge na ndaltaí. Réiteach 1: De réir mar a théann an POG ar aghaidh ó bhliain go bliain, bheifí ag súil go mbeadh cumas Gaeilge na ndaltaí ag feabhsú. Dúshlán 2: Suim a spreagadh. Réiteach 2: Ócáidí thaitneamhacha a eagrú.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tairfead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar líon na scoileanna atá páirteach sa scéim. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

²⁵ <https://ealain.ie/tacaiocht-ata-ar-fail/>

Beart 6.4.4 Láithreacht na Gaeilge a Neartú sna Bhunscoileanna Béarla			
Réimse:	A, C, K	Critéir Pleanála Teanga	5, 6.
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Tá an beart seo dírithe ar na ceithre bhunscoileanna nach bhfuil páirteach sa POG, is iad sin, SN <i>St John the Apostle</i>, SN Oideachas le Chéile, Cuan na Gaillimhe CNS agus SN na Buaille Bige.</p> <p>Imeachtaí a chur sa tsiúl (taobh amuigh d’am scoile) ar nós:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Aoichainteoirí spreagúla le labhairt faoin nGaeilge. 2. Imeachtaí seach-scoile (m.sh. millín péinte, lá eachtraíochta ‘s araile) trí Ghaeilge a aimsiú agus a éascú nuair is féidir é. 3. Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh ar nós An Gaelbhratach. 4. Gaol a chothú le Coláistí Samhraidh Gaeltachta le cur le líon na scoláirí ón LPT a dhéanann freastal ar na Coláistí. 5. Gaol a chothú le hógclub a fheidhmíonn trí Ghaeilge sa LPT. 		
Aidhm an bhirt:	Cumas sa Ghaeilge a mhéadú agus úsáid an teanga a normalú i measc daltaí sna scoileanna Béarla sa LPT. Dea-thoil i leith na Gaeilge a chothú.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, príomhoidí, foirne agus daltaí na mbunscoileanna Béarla sa LPT.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7:		
Costas measta iomlán:	€5,250 (€750 x 7).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Aoichainteoirí (le Gaeilge) le labhairt leis na daltaí, duine in aghaidh na bliana sna trí scoil. €250 (costais taistil san áireamh) x 3 = €750 .		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán 1: Rannphairtíocht a spreagadh.</p> <p>Réiteach 1: Na buntáistí cognaíocha, sóisialta & oideachais atá ag baint le páistí a bheith dhátheangach a léiriú.</p> <p>Dúshlán 2: Easpa suime na ndaltaí sa cheist.</p> <p>Réiteach 2: Ócáidí taitneamhacha agus tairbhiúla a eagrú.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí agus ar líon na ndaoine a d’fhreastail orthu.</p> <p>Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.4.5 Tacaíocht a thabhairt do na hInstitiúidí Oideachais le Polasaithe Teanga a Fhorbairt agus a chur i bhFeidhm.			
Réimse:	A	Critéir Pleanála Teanga	5, 6, 12, 19.
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Na hinstitiúidí oideachais (Naíonraí, Bunscoileanna agus an Iarbhunscoil) le polasaithe praiticiúla agus éifeachtacha faoi úsáid na Gaeilge a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm sna hinstitiúidí. Beidh gá le polasaithe difriúla ag glacadh le staid reatha na Gaeilge sna scoileanna agus sna naíonraí difriúla eatarthu siúd atá ag lorg aitheantas faoin POG, agus iad siúd atá ag feidhmiú trí Bhéarla.</p> <p>An OPT le cruinnithe a eagrú chun an cheist a phlé le bainistíocht na scoileanna agus le cúnamh a thabhairt dóibh polasaithe a dhréachtadh bunaithe ar eiseamláir an dheá chleachtais.</p>		
Aidhm an bhirt:	Úsáid na Gaeilge a láidriú sna hinstitiúidí oideachais.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, príomhoidí agus foirne na n-institiúidí oideachais sa LPT. Saineolaithe sa phleanáil teanga, tuismitheoirí. CNNG.		
Saolré an bhirt:	<p>Bliain 1: Réiteach agus pleanáil.</p> <p>Bliain 2–4: Polasaithe curtha i bhfeidhm.</p> <p>Bliain 4: Athbhreithniú ar na polasaithe.</p> <p>Bliain 5-7: Polasaithe leasaithe (más gá) dréachtaithe agus curtha i bhfeidhm.</p>		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.3.1		
Foinsí maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.3.1		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Príomhoidí / foirne na n-institiúidí a spreagadh le suim a chur sa cheist.</p> <p>Réiteach: An OPT le bualadh le bainistíocht na n-institiúidí leis an tábhacht a bhaineann le polasaí éifeachtach Gaeilge a a phlé leo.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha, ar líon gcruinnithe agus ar pholasaithe.</p> <p>Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe bliantiúla (feic beart 6.3.6).</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.4.6 Cúrsa i Saibhriú na Gaeilge a chur ar fáil do mhúinteoirí sa LPT			
Réimse:	A	Critéir Pleanála Teanga	5
Eolas breise faoin mbeart:	<p>I mír 5.5.8 feictear gur léirigh 32 múinteoirí bunscoile suim i bhfreastal ar chúrsa i 'labhairt, gramadach, saibhreas cainte na Gaeilge'. D'fhreagair 13 eile go m'fhéidir go mbeadh suim acu ina leithéid de chúrsa.</p> <p>Moltar cúrsa a eagrú a thabharfadh deis do mhúinteoirí feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge (labhairt, gramadach, saibhreas cainte srl.) le go mbeadh sé ina chabhair dóibh na scileanna seo a seachadadh chuig a gcuid daltaí</p> <p>Tum-sheisiúin le teagascóir oilte de thrí uair a chloig atá i gceist i scoileanna difriúla.</p>		
Aidhm an bhirt:	Caighdeán Gaeilge múinteoirí agus daltaí a ardú.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, Bainistíocht agus foirne na mbunscoileanna áitiúla agus an iarbhunscóil, an Roinn Oideachais agus Scileanna, , GRETB agus Institiúidí tríú leibhéal.		
Saolré an bhirt:	<p>Bliain 1: Pleanáil.</p> <p>Bliain 2-7: Cúrsaí á n-eagrú go bliantúil.</p>		
Costas measta iomlán:	€6,000. (€1,000 x 6)		
Costas measta in aghaidh na bliana:	(Teagascóir oilte a earcú ag €30 in aghaidh na huair agus 10 seisiúin trí uair a chloig @ €100 (€30 san uair don teagascóir x3 agus €10 sólaistí) a eagrú in aghaidh na bliana). €100 x 10 = €1,000.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Ní mheastar go bhfuil dúshlán ag baint leis an mbeart seo de bharr go bhfuil spéis léirithe ag múinteoirí ina leithéid de chúrsa (féach mír 5.5.8).</p> <p>Réiteach: Ní bhaineann.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Taifead coinnithe ag an OPT ar líon na gcúrsaí, ar an líon freastail agus ceistneoirí aiseolais le líonadh isteach ag na rannpháirtithe ag deireadh an chúrsa.</p> <p>I mblianta 3 agus 6 an OPT an OPT le haiseolas a bailiú ó na cheistneoirí aiseolais agus le plé le na rannpháirtithe go díreach, maidir le tionchar fadtréimhseach an chúrsa ar na múinteoirí agus ar a gcumas agus a gcleachtas teanga. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe bliantiúla (feic beart 6.3.6) i mblianta 3 & 6.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.4.7 Seisiún faoin bhFeasacht Teanga d'Óige an cheantair.			
Réimse:	A	Critéir Pleanála Teanga	5
Eolas breise faoin mbeart:	<p>1. Eagrófar modúl don idirbhliain agus ceardlanna (do na ranganna eile) i gColáiste na Coiribe bunaithe ar chúrsaí feasachta teanga, ar mhionteangacha i gcomhthéacs domhanda, ar an bpleanáil teanga, ar athneartú teangacha agus ar an tsochtheangeolaíocht.</p> <p>2. I mbunscoileanna (ranganna 5 agus 6) an LPT, déanfar ábhar agus pointí plé a ullmhú a chuideoidh le múinteoirí seisiúin shamhlaíocha a eagrú sa seomra ranga le plé a dhéanamh ar oidhreacht Ghaelach an cheantair, ar chúrsaí teanga comhaimseartha go hidirnáisiúnta, go náisiúnta agus sa LPT.</p>		
Aidhm an bhirt:	Feasacht ar chúrsaí teanga a ardú i measc óige an LPT agus 'cinnirí teanga' a chothú.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, bainistíocht, foirne na scoileanna áitiúla agus óige an cheantair.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: Pleanáil Bliain 2-7: Cúrsaí á n-eagrú go bliantúil.		
Costas measta iomlán:	€3,000. (€500 x 6).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€500 (Ábhar a réiteach agus a phriontáil).		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Suim sa togra a spreagadh i measc na ndaltaí Réiteach: Seisiúin spráúla agus samhlaíocha a dhearadh i bpáirt le múinteoirí na scoileanna.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar líon na seisiúin, ar an líon freastail agus ceistneoirí aiseolais le líonadh isteach ag na rannpháirtithe ag deireadh na seisiún. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

6.5. Seirbhísí Cúraim Leanaí, Tacaíochta Teaghlaigh, Seirbhísí Tacaíochta Teanga.

Is iad na teaghlaigh atá ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge, nó a bhfuil sé i gceist acu é seo a dhéanamh, an lóchrann dóchais is gile, ó thaobh na Gaeilge de, sa LPT. Tá fíor-thábhacht ag baint leis an mbeart – bunachar sonraí a chruthú de na teaghlaigh atá ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge (beart 6.3.6.A) – chun léargas cruinn, macánta a fháil ar líon na dteaghlach ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt. Is gá chuile aoisghrúpa a chuimsiú ach béim faoi leith a chur ar theaghlaigh ina bhfuil páistí in aois na réamhscolaíochta agus na scolaíochta. Moltar don OPT an t-eolas a bhailiú ag baint úsáide as chuile uirlis taighde agus cumarsáide atá ar fáil le teacht ar an eolas. Tuairiscítear (mír 5.2.6.3) nach ndéanann 62% de thuismitheoirí, a ghlac páirt sa suirbhé, cinneadh i leith na teanga lena dtógtar páistí. Moltar go dtarraingeofaí aird an phobail ar an gceist seo agus go spreagfaí breis thuismitheoirí óga le cinneadh a ghlacadh lena bpáiste/í a thógáil le Gaeilge.

Nóta: Cuimseofar ranganna do thuismitheoirí i mír 6.7.

Beart 6.5.1 Tuismitheoirí a spreagadh le Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí			
Réimse:	K	Critéir Pleanála Teanga	2, 6, 7
Eolas breise faoin mbeart:	<p>1. An OPT le bileoga eolais (agus ábhar ábhartha eile) faoi bhuntáistí an dátheangachais a scaipeadh ar thuismitheoirí áitiúla atá ag súil le páiste. Déanfar é seo, mar shampla, i ranganna réamhbhreithe, i gclínici leighis agus tríd an gcléir (baistí 's araile). Tá pacáistí feiliúnacha curtha ar fáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus ag ÚnaG.</p> <p>2. An OPT le himeacht teaghlaigh bliantúil a eagrú le buntáistí an dátheangachais agus na dúshlán a bhaineann le páistí a thógáil le mionteanga a phlé le thuismitheoirí óga nó iad siúd atá in aois tuismitheoireachta.</p>		
Aidhm an bhirt:	Cur le líon na dteaghlach a dhéanann cinneadh Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí le go dtiocfaidh ardú ar líon na gCLGanna amach anseo.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, thuismitheoirí nó iad siúd atá in aois na tuismitheoireachta sa LPT, ÚnaG, Ionaid Sláinte agus an chléir. Glór na nGael, Tuismitheoirí na Gaeltachta, <i>Mothertongues</i> ²⁶ .		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7		
Costas measta iomlán:	€5250 (€750 x 7).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ócáid eolais do thuismitheoirí nó do dhaoine in aois na tuismitheoireachta (Ionad €150, aoichainteoir €300, costais taistil €100, sólaistí €200) fo-iomlán €750).		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		

²⁶ <https://mothertongues.ie>

Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Tuismitheoirí a mhealladh i dtreo a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge. Réiteach: Ócáidí eolais taitneamhacha agus tairbhiúla a eagrú.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar líon na ndaoine a d'fhreastail. Foirmeacha aiseolais le scaipeadh agus le bailiú. An OPT le teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí tar éis roinnt blianta agus tuairisc a réiteach (gan ainm aon duine a lua) maidir le líon na dtuismitheoirí a d'úsáid an Ghaeilge lena gcuid páistí agus na dúshlán a bhain leis an gcinneadh a chur i bhfeidhm. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.

Beart 6.5.2 Tacaíocht a thabhairt do Theaghlaigh atá ag Tógáil a gcuid páistí le Gaeilge			
Réimse:	B, K	Critéir Pleanála Teanga	2, 6, 7
Eolas breise faoin mbeart:	Ag úsáid bunachar sonraí 6.3.7.A. - Tacaíochtaí a chur ar fáil do na teaghlaigh seo le cúnamh a thabhairt dóibh i leith na mbealaí le dul i ngleic leis na dúshlán a bhaineann le páistí a thógáil le Gaeilge. Imeachtaí (seisiúin eolais, cóisirí, ócáidí Nollag agus Samhna, picnicí, 's araile) feiliúnacha a eagrú don sciar seo den phobal i bpáirt le Glór na nGael faoin scéim Teanga Tí ²⁷ . An OPT le plé a dhéanamh le Tuismitheoirí na Gaeltachta maidir lena ngíomhaíocht sa LPT.		
Aidhm an bhirt:	Go dtabairfáil gach tacaíocht do thuismitheoirí le go dtógfaidh siad páistí a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, Tuismitheoirí sa LPT, Glór na nGael, Tuismitheoirí na Gaeltachta, <i>Mother Tongues</i> .		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7		
Costas measta iomlán:	€14,000. (€2,000 x 7).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Seisiún eolais do thuismitheoirí ar an téama – ‘Ag tógáil páistí le mionteanga’. Ionaid a eagrú (€50) agus aoichainteoir a íoc @ €300 (costais taistil san áireamh) uair in aghaidh na bliana. Iomlán: €350. Ionad agus ábhar a chur ar fáil d'ócáidí do theaghlaigh Gaelacha le gasúir - Nollaig, Samhain, picnic agus a leithéid ceithre ócáid in aghaidh na bliana. Cíos seomra - €50 + siamsóir do pháistí - €100 + sólaistí - €50. Iomlán €200 an ceann x 4 = €800). Fo-iomlán €800. Mór iomlán - €1,150.		

²⁷ www.glornangael.ie/teaghlaigh

Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán 1: Tuismitheoirí a aimsiú. Réiteach 1: Poiblíocht éifeachtach a thabhairt don cheist. Dúshlán 2: Tuismitheoirí a mhealladh chuig ócáidí. Réiteach 2: Ócáidí taitneamhacha agus tairbhiúla a eagrú agus a phoibliú.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar an líon daoine a d'fhreastail. Foirm aiseolais le líonadh isteach ag rannpháirtithe go bliantúil. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.

Beart 6.5.3 Staidéar Féidearthachta – Naíonra Gaeilge a bhunú i mBearna.			
Réimse:	B	Critéir Pleanála Teanga	7, 8, 9.
Eolas breise faoin mbeart:	Níl aon Naíonra atá á réachtáil trí Ghaeilge ag feidhmiú sa taobh thiar den LPT cé go bhfuil Naíonraí sa taobh thoir den LPT, ar champas Ghaelscoil Mhic Amhlaigh agus Naíonra Cháit. In aiseolas ón bpobal (Aguisín 5 #16) léiríodh éileamh ar Naíonra Gaelach a bhunú i mBearna. An OPT le cruinniú/cruinnithe a ghairm i mBearna leis an cheist a phlé le tuismitheoirí agus staidéar féidearthachta a réiteach i gcomhar le CNNG.		
Aidhm an bhirt:	Tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh atá ag úsáid na Gaeilge mar theanga baile lena gcuid gasúir. Páistí ó theaghlaigh nach bhfuil an Ghaeilge á labhairt iontu a ullmhú le freastal ar oideachas Gaeltachta.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, CNNG, tuismitheoirí i mBearna.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: An OPT leis an gceist a phlé le CNNG. Cruinniú poiblí a ghairm faoin gceist. Bliain 2-7: Má tá éileamh ann plean gníomhaíochta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.3.1		
Foinsí maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.3.1		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Ní mheastar go bhfuil dúshlán ag baint leis an mbeart seo. Réiteach: Ní bhaineann.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar an líon freastail ar an gcruinniú poiblí agus an staidéar féidearthachta réitithe aige/aici.		

	Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo, i mBliain 2, ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.

Beart 6.5.4 An Ghaeilge a Láidriú in Earnáil na Sheirbhísí Luathoideachais Béarla			
Réimse:	B	Critéir Pleanála Teanga	7, 8, 9.
Eolas breise faoin mbeart:	Tá 12 sheirbhísí luathoideachais ag feidhmiú sa LPT trí Bhéarla. Moltar go rachaidh an OPT chun cainte le bainisteoirí na seirbhísí reatha le ceist na Gaeilge a phlé leo le feiceáil an bhfuil aon fhéidearthacht ann an Ghaeilge a chur chun cinn san earnáil seo. An OPT le seimineár a eagrú le húinéirí na seirbhísí luathoideachais reatha agus saineolaí teangeolaíoch sa luath-oideachas ar nós 'Mothers Tongues', CNNG agus TnaG le buntáistí an dátheangachais a phlé.		
Aidhm an bhirt:	An Ghaeilge a láidriú sa réimse seo de shaol an phobail. An Ghaeilge a láidriú sna bunscoileanna (de bharr cumas Gaeilge na bpáistí a bheith feabhsaithe sna hinstiúidí luathoideachais).		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, úinéirí na n-instiúidí luathoideachais reatha, tuismitheoirí sa LPT, <i>Mothers Tongues</i> .		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: Seimineár eagraithe leis an gceist a phlé le húinéirí na n-instiúidí luathoideachais agus an t-éileamh ar a leithéid de sheirbhís a mheas. Tuarascáil réitithe roimh dheireadh na bliana. Plean gníomhaíochta réitithe bunaithe ar thorthaí na tuarascála. Bliain 4: Seimineár eile eagraithe ar an téama céanna.		
Costas measta iomlán:	€3,200. (€1,600 Bliain 1 agus €1,600 bliain 4).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1 + Bliain 4 Seimineár (€300 aoichainteoir, €100 taisteal, €100 cíós ionaid, sólaistí €100) – iomlán €600. Ábhar i nGaeilge a chur ar fáil do na hinstiúidí luathoideachais, e.g. póstaer, míreanna meara, fuaimrian, ábhar físe 's araile - €1,000. Iomlán €1,600.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán 1: Suim na n-úinéirí reatha sa togra a spreagadh. Réiteach 1: Tuiscint ar, agus rannpháirtíocht sa mhór-thogra teanga a spreagadh. Seimineár eolais a eagrú, buntáistí an dátheangachais a léiriú.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar lucht freastail na seimineár. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo, i mBlianta 1 agus 4, ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

6.6. Seirbhísí don Aos Óg:

Agus an Plean seo á réiteach tá dhá bhunscoil (GS Mhic Amhlaigh agus SN Bhearna) sa LPT páirteach sa bPOG agus mar thoradh ar sin bheifí ag súil go mbeadh ardchaighdeán cumais ag na daltaí seo sa Ghaeilge. Tá fíor-thábhacht ag baint le deis a thabhairt do dhaoine óga sóisialú a dhéanamh trí Ghaeilge taobh amuigh de shaol na scoile. Tá club óige faoi scáth Choláiste na bhFiann ag feidhmiú ar Champas Ghaelscoil Mhic Amhlaigh le roinnt blianta anuas. Cuimsithe san earnáil seo moltar go mbunófaí ógclub i mBearna chomh maith agus go ndéanfaí freastal ar riachtanais agus ar chearta teanga na ngasúr áitiúil sna heagrais chaithimh aimsire agus spóirt áitiúla.

Aithnítear ról fíor thábhachtach déagóirí sa phleanáil teanga. Tá agus beidh sé mar aidhm lárnach ag an bplean teanga seo earcaíocht a dhéanamh ar dhéagóirí chun críche an phlean. Áirítear anseo, bunaithe na struchtúir óige atá sa bheartas seo, ná tionscnaimh iniúlachta, ina n-áirítear tionscnaimh dhigiteacha, chun spéis agus rannpháirtíocht aois-ghrúpa déagóirí a mhealladh agus a chinntiú. Cuirfear an-bhéim ar shóisialú trí Ghaeilge in sna meithealeacha a chuirfear le chéile.

Beart 6.6.1. Club Óige Gaeilge a bhunú i mBearna.			
Réimse:	C, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 6, 10, 11, 12
Eolas breise faoin mbeart:	Moltar staidéar féidearthachta a dhéanamh maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann le club óige a bhunú sa taobh thiar den LPT i mBearna. Ó tharla gur paróiste amháin é Bearna / Na Forbacha ní mhór pobal na bhForbacha a thabhairt san áireamh sa phlé. Moltar go rachaidh an OPT chun cainte le daltaí bunscoile agus meánscoile i gceantar Bhearna agus na bhForbacha maidir lena gcuid mianta faoin gceist seo agus ansin go bpléifí an cheist le soláthraithe seirbhísí san earnáil.		
Aidhm an bhirt:	Labhairt na Gaeilge a normalú i measc na hóige lasmuigh den chóras oideachais go háirithe. Tearmainn teanga agus gréasáin Ghaeilge a fhorbairt do dhaoine óga. Imeachtaí / Gníomhaíochtaí tarraingteacha trí Ghaeilge a chur ar fáil don óige.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, Muintearas, óige an cheantair, tuismitheoirí, Óige na Gaeltachta, Cumann na bhFiann ²⁸ , óg-eagrais eile agus LPT Chois Fharraige.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: Staidéar Féidearthachta.		

²⁸ www.colaistenabhfiann.ie

	Bliain 2: Club a bhunú agus a reáchtáil sa taobh thiar den LPT i bpáirt le Cumann na bhFiann nó le soláthraí eile seirbhísí don óige agus le Óige na Gaeltachta.
Costas measta iomlán:	€22,200. (€3,600 x 6 +€600)
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 2: Barr chostais trealamh, €600. Blianta 2-6. Cíos ar ionad €50 x 20 seisiúin in aghaidh na bliana = €1,000. Íocaíocht do fheighlithe x 2 @ €40 an duine @ €20 san uair) x 20 seisiún = €1,600 in aghaidh na bliana. Árachas, trealamh, mionbhus, imeachtaí agus turais = €1,000. Fo-iomlán bliantúil €3,600.
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán 1: Easpa éilimh ar a leithéid. Réiteach 1: ‘Bréag chlubanna’ a chur sa siúl sna scoileanna le suim a spreagadh. Dúshlán 2: Easpa cinnirí clubanna óige le Gaeilge. Réiteach 2: Gaol a chothú leis an eagraíocht Cumann na bhFiann agus Óige na Gaeltachta nó le soláthraí eile sheirbhísí Gaeilge don óige le cinnirí a chur ar fáil.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar an líon daoine a d’fhreastail ar na clubanna. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.

Beart 6.6.2. Scoláireachtaí a Bhronnadh - Cúrsaí Gaeltachta Samhraidh			
Réimse:	C, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 8, 10, 11, 12
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Scoláireachtaí x 3 a chur ar fáil in aghaidh na bliana do dhaoine óga le cur ar a gcumas freastal ar Choláistí Samhraidh Gaeilge a chuireann béim ar fhorbairt scileanna cinnireachta. Moltar cóimheas urraíochta de 80% (PT) 20% (tuismitheoirí) a bheith i gceist.</p> <p>Moltar chomh maith iarrachtaí a dhéanamh le leibhéal freastal na ndaltaí ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht go ginearálta a ardú trí cuairt a thabhairt ar scoileanna agus eolas faoi na choláistí a scaipeadh. Buaiteoirí na scoláireachtaí le cur i láthair a dhéanamh lena gcomhdhaltaí ag déanamh cur síos ar a dtaithí sa Ghaeltacht.</p>		
Aidhm an bhirt:	Cinnirí Gaeilge a fhorbairt i measc na hóige. Leibhéal cumais sa Ghaeilge a ardú.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, óige an cheantair, tuismitheoirí, Óige na Gaeltachta, Cumann na bhFiann, Spleodar.		
Saolré an bhirt:	Bliain 2-7:		
Costas measta iomlán:	€14,400 (€800 x 3 = €2,400 x 6).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,400 (€800 x 3)		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Easpa suime ag daoine óga sa togra.</p> <p>Réiteach: Margaíocht éifeachtach a dhéanamh ar na cúrsaí agus eispéiris thaitneamhacha a phoibliú.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Na rannpháirtithe le foirmeacha aiseolais a líonadh.</p> <p>Taifead coinnithe ag an OPT ar na daoine a d'fhreastal ar scoláireachtaí agus ar líon na ngasúr eile ón LPT a fhreastalaíonn ar Choláistí Samhraidh Gaeltachta. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.6.3. Polasaí Gaeilge a Dhréachtú agus a chur i bhFeidhm i gClubanna Seanbhunaithe sa LPT.

Réimse:	C, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 10, 11, 12
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Is i mBéarla atá na clubanna spóirt ag feidhmiú sa LPT cé go bhfuil ardchumas sa nGaeilge ag cuid mhór de na páistí áitiúla de bharr iad a bheith ag freastal ar scoileanna POG.</p> <p>Moltar go dtabharfaidh an OPT cúnamh do na clubanna pleananna teanga a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.</p> <p>Moltar go pléfidh an OPT an cheist le na clubanna d'fhonn liosta d'acmhainní daonna Gaeilge na gclubanna a liostáil agus na hacmhainní seo a bheith dírithe (mar thús) ar bhail óga na gclubanna atá in aois scoile.</p> <p>Moltar go n-eagrófaí seisiúin (cuimsithe i mbeart 6.7.1) le téarmaíocht ábhartha i nGaeilge a mhúineadh do thraenáilaithe, ach éileamh a bheith ar a leithéid.</p>		
Aidhm an bhirt:	<p>Úsáid na Gaeilge a normalú i saol na hóige.</p> <p>Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú do dhaoine óga.</p>		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, óige an cheantair, tuismitheoirí, oifigigh Gaeilge na gclubanna, traenáilaithe agus cóitseálaithe spóirt, Glór na nGael.		
Saolré an bhirt:	<p>Bliain 1: Taighde agus plé leis an óige</p> <p>Bliain 2-7: bliana</p>		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Teacht ar Chóitseálaithe / Thraenáilaithe le Gaeilge.</p> <p>Réiteach: Feachtas poiblíochta le acmhainní daonna feiliúnacha a earcú.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.6.4. Club Iar-scoile Gaeilge a chur ar fáil i mBearn			
Réimse:	C, J	Critéir Pleanála Teanga	6, 8, 10, 12
Eolas breise faoin mbeart:	Tá club iar-scoile ag feidhmiú ar champas Ghaelscoil Mhic Amhlaigh. Ag úsáid bunachar sonraí 6.3.6.B moltar Club Gaeilge Iar-scoile do ghasúir atá ag freastal ar scoil Bhearna a bhunú ina dtabharfar leath den am do ranganna spraiúla Gaeilge agus leath eile do chluichí / ghníomhaíochtaí taitneamhacha trí Ghaeilge, m.sh. bÁCáil, drámaíocht, díospóireacht, códáil, garchabhair 's araile. Seisiúin dhá uair a chloig a bheidh i gceist.		
Aidhm an bhirt:	Úsáid na Gaeilge a normalú i saol na hóige. Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú do dhaoine óga.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, múinteoirí, tuismitheoirí, áisitheoirí le Gaeilge.		
Saolré an bhirt:	Bliain 2-7:		
Costas measta iomlán:	€31,200 (€5,200 x 6).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,000. (Bliain 2 ar aghaidh) (Cíos/teas/árachas €50, áisitheoirí €50 x 20 = €100 x 20 sheisiúin = €2,000. Trealamh, ábhar €600. Iomlán 2,600 in aghaidh na scoile x 2 scoil. Fo-iomlán de €5,200 in aghaidh na bliana.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Teacht tar Áisitheoirí le Gaeilge. Réiteach: Mórfheachtas poiblíochta le teacht ar áisitheoirí. Áisitheoirí a thraenáil.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An liosta (i.e. bunachar sonraí 6.3.6.B) a chur le chéile i mBliain 1. Taifead coinnithe ag an OPT ar gníomhaíochtaí ábhartha agus ar thinreamh. Foirmeacha aiseolais le líonadh ag na rannpháirtithe. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

6.7. Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais

Léiríodh sa taighde (mír 5.2.9) ar an bpobal go bhfuil an-spéis ag an bpobal i bhfeabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó í a fhoghlaim ón mbun aníos.

Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge? <i>Would you like to improve your Irish?</i>		
	Líon	%
Ba mhaith / <i>I would</i>	294	70
Níor mhaith / <i>I would not</i>	73	17
Níl fhios agam / <i>I don't know</i>	56	13
	423	100

Tá sonraí faoi na leibhéil dhifriúla ranganna agus imeachtaí eile (Ciorcail Comhrá, Grúpaí Léitheoireachta / Scríbhneoireachta agus eile) le fáil i mír 5.2.8.1.

Beart 6.7.1 Deiseanna Foghlama Éifeachtacha a Chur ar Fáil agus a Bhainistiú			
Réimse:	D, J.	Critéir Pleanála Teanga	10, 11, 12
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Ag úsáid bunachair sonraí 6.3.6.C agus 6.3.6.D – Sraith seisiúin dírithe ar leibhéal dhifriúla cumais a eagrú a chuirfidh ar chumas áitritheoirí sa LPT an Ghaeilge a úsáid agus páirt a ghlacadh i saol an phobail trí Ghaeilge. Chomh maith le ranganna ginearálta Gaeilge moltar go n-eagrófaí:</p> <p>Sain-chúrsa/í a eagrú bunaithe ar riachtanais tuismitheoirí.</p> <p>Sain-chúrsa/í a eagrú do lucht gnó / miondíola (Beart 6.8.1).</p> <p>Sain-chúrsa/í a eagrú do thraenáilaithe agus do chóitseálaithe spóirt (Beart 6.6.3).</p> <p>Na ranganna a bheith céimíúil, i.e. bogadh ar aghaidh, ó bhun, go meán, go hard ar bhealach struchtúrtha (Mar shampla, TEG A1 – C1)²⁹. An OPT le taighde a dhéanamh ar riachtanais foghlama eile agus cúrsaí cuí eile a chur ar fáil ach éileamh a bheith orthu.</p>		
Aidhm an bhirt:	<p>Líon na gcainteoirí le líofacht sa Ghaeilge a ardú.</p> <p>Úsáid na Gaeilge a normalú i ngach réimse de shaol an phobail.</p> <p>Áit na Gaeilge sa teaghlach a threisiú.</p>		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, gnólachtaí agus muintir an LPT i gcoitinne, clubanna spóirt.		
Saolré an bhirt:	<p>Bliain 1: Taighde agus ullmhúchán.</p> <p>Bliain 2-7: Feidhmiú an bhirt</p>		
Costas measta iomlán:	€42,000. (€7,000 x 6)		
Costas measta in aghaidh na bliana:	5 sheisiúin (2 uair) @ €50 pá múinteora x 20 seachtain = €5,000. + €2,000 (múineadh Gaeilge / téarmaíocht Ghaeilge do ghrúpaí sainspéise e.g. tuismitheoirí le páistí san hinstiúidí luathoideachais nó i mbunscoil, oibríthe san earnáil mhiondíola 's araile. Fo-iomlán €7,000.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Teacht ar Mhúinteoirí / áisitheoirí.</p> <p>Réiteach: Gach deis a thapú le teacht ar mhúinteoirí / áisitheoirí.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Bheifí ag súil go mbeadh éifeacht an bhirt seo le feiceáil san athrú ar líon na gcainteoirí gníomhacha Gaeilge. Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar thinreamh. An OPT le taifead a choinneáil d'aon phoiblíocht sna meáin a bhaineann le na seisiúin. Bileoga aiseolais (ina gcuimseofar minicíocht labhairt na Gaeilge (taobh amuigh den rang) le plé le na rannpháirtithe ag tús agus ag deireadh gach téarma agus an OPT leis an aiseolas a chur le chéile agus éifeacht an bhirt le plé ag na cruinnithe míosúla a luaitear i mBeart 6.3.6. An clár foghlama a leasú más gá bunaithe ar an aiseolas.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.7.2 Club Sóisialta do Fhoghlaimeoirí a bhunú.			
Réimse:	D, J, K.	Critéir Pleanála Teanga	10, 11, 12
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Club Sóisialta do Fhoghlaimeoirí a bhunú ar bhonn píolótach. Tá a leithéid i gceantar Chois Fharraige, féach Club Foghlaimeoirí Chois Fharraige mar shampla. Eagraítear ranganna Gaeilge, club leabhair, turais, gearrdhrámaí, amhránaíocht 's araile i gcomhthéacs 'neamhbhagrach' tacúil.</p> <p>Moltar áitritheoirí sa LPT a bhfuil suim acu ina leithéid de thogra a thabhairt ar cuairt chuig an gClub thuasluaite nó ar chlub eile dá leithéid.</p>		
Aidhm an bhirt:	<p>'Spás sábháilte' a chruthú do fhoghlaimeoirí Gaeilge. Líon na gcainteoirí le líofacht sa Ghaeilge a ardú.</p>		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht , Club Foghlaimeoirí Chois Fharraige, an pobal áitiúil.		
Saolré an bhirt:	<p>Bliain 1: Réiteach agus ullmhúcháin. Blianta 2-7: Club ag feidhmiú.</p>		
Costas measta iomlán:	€12,000 (€2,000 x 6).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 2 ar aghaidh. €100 (Cíos/teas/árachas/sólaistí/leabhair 's ábhair eile). 100 x 20 sheisiúin in aghaidh na bliana = €2,000.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Rannpháirtithe a earcú. Réiteach: Poiblíocht éifeachtach a thabhairt don togra.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar thinreamh. An OPT le taifead a choinneáil d'aon phoiblíocht sna meáin a bhaineann le na seisiúin Bileoga aiseolais le bailiú ag deireadh gach téarma agus an OPT leis an aiseolas a chur le chéile agus éifeacht an bhirt le plé ag na cruinnithe míosúla a luaitear i mBeart 6.3.6.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6 i mbliain 2.		

Beart 6.7.3 Cúrsa Oiliúna do Oiliúnoirí			
Réimse:	D, J.	Critéir Pleanála Teanga	10, 11
Eolas breise faoin mbeart:	Cé go bhfuil painéal teagascóirí Gaeilge ag ÚnaG moltar go gcuirfí le líon na dteagascóirí Gaeilge atá lonnaithe sa LPT. Cuireann TEG ‘ An Teastas ar líne i Múineadh na Gaeilge d’Aosaigh ’ cúrsa ar fáil ar líne ³⁰ . Moltar scoláireacht a bhronnadh le freastal ar an gcúrsa ach meamram tuisceana a bheith sínithe idir an t-oiliúnoir agus CSPTBC go n-oibreoidh an t-oiliúnoir sa LPT ar feadh dhá bhliain. Mar thoradh ar an mbeart seo bheifí ag súil go mbeadh fáil ar agus úsáid dá bhaint as, teagascóirí cumasacha Gaeilge do dhaoine fásta sa LPT. Cuirfear ainm na ndaoine cáilithe leis an mbunachar sonraí 6.3.7 D.		
Aidhm an bhirt:	Múineadh na Gaeilge a bheith chomh héifeachtach agus is féidir agus líon na gcainteoirí le líofacht sa Ghaeilge a ardú.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, múinteoirí Gaeilge, TEG.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: Scoláireacht do bheirt. Blianta 2: Scoláireacht do dhuine amháin. Bliain 4: Scoláireacht do dhuine amháin.		
Costas measta iomlán:	€2,200. An Teastas ar líne i Múineadh na Gaeilge d’Aosaigh €400 Scrúdú TEG B2 €150. Fo-iomlán €550 x 4 = € €2,200		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1: €1,100. Bliain 2: €550. Bliain 4: €550.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Teacht ar Mhúinteoirí / áisitheoirí. Réiteach: Poiblíocht a thabhairt don deis agus don traenáil.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Foirmeacha aiseolais le líonadh ag na ‘scoláirí’ a dhéanann freastal ar chúrsa TEG agus ag na daltaí atá ag freastal ar a gcuid ranganna agus iad ag múineadh sa LPT. Taifead coinnithe ag an OPT ar an tinreamh ar na ranganna Gaeilge atá dá mhúineadh ag na daoine a cháilítear faoin mbeart seo agus aiseolas le bailiú ón gcuid scoláirí. Déanfar plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe ráithiúla (feic beart 6.3.6).		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

³⁰ <https://www.maynoothuniversity.ie/larionad-gaeilge-centre-irish-language/teastas-ar-l-ne-i-m-ineadh-na-gaeilge-d-aosaign>

6.8. An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumann

Níl comharchumann Gaeltachta ag feidhmiú sa LPT. Tá lear mór siopaí agus seirbhísí eile ar fáil sa LPT féin i sráidbhaile Bhearna go háirithe agus ar Bhóthar na Ceapaí i gCnoc na Cathrach. Tá ionad ollmhór siopadóireachta (*Dunnes, B&Q, Aldi* agus araile) gar do Bhóthar Dáileacháin an Iarthair nach bhfuil go baileach taobh istigh de theorainn an LPT ach atá buailte air. Déanann an t-ionad seo freastal ar áitritheoirí an LPT agus ar phobal i bhfad níos leithne, muintir Ghaeltacht Chonamara san áireamh. Moltar go n-áireofaí an lárionad seo sa phlean agus dá bharr, moltar go gcothófaí comhoibriú idir CSPTBC agus an eagraíocht 'Gaillimh le Gaeilge' (feic <https://www.gleg.ie/> agus an coiste a bheas i mbun an togra 'Gaillimh mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta'³¹).

Tá an cuid thoir den LPT i gCathair na Gaillimhe, agus ag teacht faoi scáth an togra 'Gaillimh mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta' dá réir, ní mhór na teorainn freagrachta (LPT BCnaC *vis-à-vis* Gaillimh mar Bhaile Sheirbhíse Gaeltacht/Gaillimh le Gaeilge) a shoiléiriú ón tús.

Sa suirbhé ar an bpobal (mír 5.2.10) is mar seo a bhí an fhreagairt ar an gceist seo faoi earnáil ghnó agus an Ghaeilge.

Ba mhaith liom dá mbeadh níos mó Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil sna gnólachtaí áitiúla.

I'd like to see more Irish to be seen and heard in local businesses.

	Líon	%
Aontaím go láidir / <i>Strongly agree</i>	191	45.3
Aontaím / <i>Agree</i>	143	33.9
Níl fhios agam / <i>Don't know</i>	55	13
Ní aontaím + Ní aontaím go láidir / <i>Disagree + Strongly disagree</i>	33	7.8
Iomlán / <i>Total</i>	422	100

Is dearbhú soiléir an toradh seo go bhfuil dea-thoil i leith úsáid na Gaeilge sa réimse seo de shaol an phobail. Is tús maith an dearfach seo agus pleanáil ar bun leis an nGaeilge a chur chun cinn san earnáil seo.

Tá ról le plé ag an earnáil mhiondíola, go háirithe, maidir le láithreach na Gaeilge a mhéadú sa LPT. Ní mór cur chuige céimiúil a ghlacadh agus tacaíocht na hearnála seo a ghnóthú agus a ról mar chuid den mhórhogra pobail a mhíniú. Ní mór cur chuige ciallmhar a ghlacadh agus tuiscint a bheith ag an OPT ar a laghad acmhainní Gaeilge atá ag an gcuid is mó d'úinéirí na ngnólachtaí agus spriocanna ró-uaimhianach a sheachaint.

³¹ <https://www.gleg.ie/coiste-stiurtha-pleanala-teanga-gaillimh/>

Beart 6.8.1. Úsáid na Gaeilge a láidriú san Earnáil Ghnó			
Réimse:	E	Critéir Pleanála Teanga	11, 13, 13, 14
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí, gnólachtaí san earnáil mhiondíola go háitiúil go háirithe leis an nGaeilge a chuimsiú ina gcuid gnólachtaí. An Ghaeilge a bheith le feiceáil agus le clos ar chóras fuaime sna gnólachtaí. Mar chúnaimh leis an mbeart seo a chur i gcrích moltar leas a bhaint as scéimeanna, ar nós Scéim Tacaíochta Gnó³² de chuid Fhoras na Gaeilge.</p> <p>An OPT le seisiúin eolais a eagrú leis an earnáil le hiad a chur ar a gcompord faoin gceist agus a gcuid rannpháirtíochta a spreagadh.</p> <p>An OPT le comórtas bliantúil áitiúil a eagrú leis “an siopa is Gaelaí” (comharthaíocht, fógraí poiblí gutha, ‘Fostaí Gaelach’ na bliana a aimsiú agus araile.</p> <p>An OPT (i bpáirt húinéirí agus foireann na ngnólachtaí le córas le baill foirne i siopaí, a bhfuil Gaeilge acu, a aithint.</p> <p>An OPT le teacht ar bhealaí samhlaíocha eile leis an nGaeilge a chur chun cinn san earnáil.</p> <p>Seisiún traenála a thabhairt do ghnólachtaí (féach beart 6.7.1).</p>		
Aidhm an bhirt:	<p>Úsáid na Gaeilge a normalú i saol an phobail.</p> <p>Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú do dhaoine le Gaeilge.</p>		
Príomhúinéir an Bhirt:	OPT		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht. úinéirí agus foireann na ngnólachtaí. Foras na Gaeilge. Gaillimh le Gaeilge. ÚnaG.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7		
Costas measta iomlán:	€17,500. (€2,500 x 7)		
Costas measta in aghaidh na bliana:	<p>€2,000 - Duaiseanna do na comórtais, costais a bhaineann le comharthaíocht / fógraíocht dhátheangach a spreagadh, suaitheantais do bhaill foirne ‘s araile).</p> <p>€500 - Seisiún traenála ar sheirbhís trí Ghaeilge. Costais ionaid €100, aoi-chainteoir €300 agus sólaistí €100). Iomlán €2,500.</p>		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán 1: Faitíos ar úinéirí go mbeifí ag súil leis an iomarca uathu agus acmhainní teoranta Gaeilge acu.</p> <p>Réiteach 1: Tacaíocht a thabhairt dóibh, ar bhonn céimiúil, leis an nGaeilge a chur san áireamh ina gcuid imeachtaí.</p> <p>Dúshlán 2: Easpa suime sa togra, gan aon bhuntáiste breise gnó a bheith le feiceáil.</p> <p>Réiteach 2: An OPT le torthaí an taighde a roinnt le húinéirí na ngnólachtaí</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar thinreamh ar na seisiúin eolais agus traenála. An OPT le fianaise a bhailiú (pictiúir ‘s araile) de réir mar a théann an togra ar aghaidh. Plé ar éifeacht an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.</p>		

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.
--	--

<https://www.forasnagaeilge.ie/sceimeanna-maoinithe/>

Beart 6.8.2. Seirbhís Aistriúcháin a chur ar fáil do ghnóthaí (agus do ghrúpaí eile).	
Réimse:	E Critéir Pleanála Teanga 13,14
Eolas breise faoin mbeart:	In éagmais fáil ar sheirbhís náisiúnta aistriúcháin moltar go gcuirfí seirbhís aistriúcháin a chur ar fáil chun cúnamh a thabhairt do lucht gnó sa LPT (agus do dhreamanna eile, ar nós clubanna sóisialta) le leaganacha tarraingteacha cruinne Gaeilge dá gcuid comharthaíochta a chur ar fáil. Ní gá gurb é/í a dhéanfadh an obair ach go mbeadh teacht aige/aici ar acmhainn a dhéanfadh é. Bheadh sé le tuiscint nach mbeifí in ann ceart-aistriúchán ar mhór ailt nó ar mhór cháipéisí a sholáthar. An OPT le fiosraithe a dhéanamh maidir le seirbhís chuí a aimsiú, ag baint úsáid as aistritheoirí creidiúnaithe, agus a chur ar fáil.
Aidhm an bhirt:	Seirbhís theoranta aistriúcháin gonta a bheith ar fáil. Feiceálacht na Gaeilge a mhéadú sa LPT.
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht. Úinéirí agus foireann na ngnólachtaí. Aistritheoirí creidiúnaithe.
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7:
Costas measta iomlán:	€5,600.
Costas measta in aghaidh na bliana:	€800 (aistriúchán 10,000 focal @ €0.08 an focal).
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Ní fheictear go bhfuil aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT de líon na n-aistriúcháin. An OPT le haiseolas a bailiú ó chomhlachtaí a úsáideann an tseirbhís lena leibhéal sástachta a mheas. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.

Monatóireacht ar
chur i bhfeidhm an
bhirt:

Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart
6.3.6.

Dréacht

6.9. Na Meáin Chumarsáide

Is léir tríd an bpróiseas pleanála an tábhacht atá ag baint leis na meáin, idir mheáin thraidisiúnta agus leictreonacha le teagmháil éifeachtach a chothú idir an Coiste Pleanála agus an pobal. Mar thoradh ar an taithí sin moltar béim a chur ar an réimse oibre seo agus an Plean Teanga á chur i bhfeidhm.

Beart 6.9.1. Na Meáin Chumarsáide agus Sóisialta, Traidisiúnta agus Leictreonacha			
Réimse:	G.	Critéir Pleanála Teanga	12, 15, 16
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Córas éifeachtach cumarsáide leictreonach (i.e. Suíomh Idirlín, Facebook, Twitter, Instagram etc.) a dhearadh agus a bhainistiú le cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach le daoine agus eagraíochtaí áitiúla.</p> <p>Córas comhordaithe feasachta agus bolscaireachta a chur i bhfeidhm ag baint úsáid as na meáin thraidisiúnta, i.e. na nuachtáin agus nuacht litreacha áitiúla agus na stáisiúin raidió áitiúla.</p> <p>Gaol a chothú le bainisteoirí / iriseoirí sna meáin áitiúla, mar shampla, <i>The Galway Advertiser</i>, <i>The City Tribune</i>, <i>Galway Bay FM</i>, <i>Galwaylive.com</i>, 's araile.</p> <p>Beidh tábhacht ag baint leis na scileanna cuí a bheith ag an té a earcófar mar OPT.</p>		
Aidhm an bhirt:	Poiblíocht a thabhairt don togra pleanála, rannpháirtíocht an phobail sa togra a spreagadh, agus úsáid na Gaeilge a normalú i saol an phobail.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, an pobal, bainistíocht na meán, iriseoirí.		
Saolré an bhirt:	<p>Bliain 1: Suíomh gréasáin agus leathanach Facebook agus cuntais ar na meáin shóisialta eile a thógáil agus bunachar sonraí de theagmhálaithe ábhartha (Facebook, Twitter agus Instagram) a chruthú. Ní mór riachtanais GDPR a thabhairt san áireamh agus an bunachar sonraí á chruthú agus á chothú.</p> <p>Bliain 2-7: Déanfaidh an OPT an suíomh gréasáin, leathanach Facebook na ceanneagraíochta agus na meáin shóisialta eile a riaradh agus a choinneáil cothrom le dáta.</p>		
Costas measta iomlán:	€11,000 (€5,000 + €1,000 x 6).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	<p>Bliain 1: €5,000 Suíomh idirlín (dlúth-cheangailte le na meáin shóisialta leictreonach) a chruthú.</p> <p>Bliain 2-7: €140 – Óstáil suíomh idirlín agus ainm fearainn €100 - ceadúnas frith víreas, €200 bogearraí eile (ar nós <i>Adobe Acrobat Professional</i>, €460 - tacaíocht theicniúil (ar an suíomh idirlín ar threalamh teicniúil. Iomlán €1,000.</p>		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Easpa scileanna teicniúla féideartha ag an cheanneagraíocht /OPT.</p> <p>Réiteach1: Tacaíocht theicniúil sheachtrach a úsáid Bliain 1-3.</p>		

	Réiteach 2: Scileanna teicniúla ábhartha a chur san áireamh sa phróiseas earcaíochta don OPT.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar aon bholscaireacht a bhaineann leis an togra pleanála teanga. Taifead ar thionchar agus rannpháirtíocht a choinneáil. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.

Beart 6.9.2. Físeáin Ghaeilge/ilteangacha.			
Réimse:	C, G, K	Critéir Pleanála Teanga	12. 16
Eolas breise faoin mbeart:	Oibriú leis an óige le físeáin Gaeilge/ilteangacha le fuaim, fíís agus eagarthóireacht a chruthú le scéal na Gaeilge sa LPT a scaipeadh ar Youtube, Molscéal 's araile. Bheadh an tionscnamh seo dírithe ar dhaoine san aoisghrúpa 16-30.		
Aidhm an bhirt:	An pobal a choinneáil ar an eolas faoin nGaeilge sa LPT and rannpháirtíocht an phobail sa togra a spreagadh.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, Molscéal agus scoileanna áitiúla.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1 pleanáil, Bliain 2-7 i mbun gnímh		
Costas measta iomlán:	€1,570		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 2: €1570 (scagaire stiúideo €300, Ifón 6 (ceamara maith) €700, micreafón €400, seastán ceamara €150 agus bogearra eagarthóireachta €20.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Ní fheictear go bhfuil aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo. Réiteach: Ní bhaineann.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar líon na bhfíseán atá cruthaithe agus ar líon na 'likes' agus araile. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.9.3. Raidió Áitiúil Ar Líne			
Réimse:	C, G, K	Critéir Pleanála Teanga	12. 16
Eolas breise faoin mbeart:	D'eascródh scileanna cumarsáide, craolta agus úsáid meán dhigiteacha astu mar aon le hullmhú scrípteanna agus eagarthóireacht. Craoltóirí, agallóirí, podchraoltóirí srl ar bhonn deonach agus iad lonnaithe in oifig na ceanneagraíochta stiúródh an tseirbhís. Moltar go gcuirfí béim ar an óige agus oibriú leis na scoileanna áitiúla. D'fhéadfaí fiosraithe a dhéanamh le Raidió na Gaeltachta maidir le oiliúint a chur ar fáil, taithí oibre san idirbhlian mar shampla.		
Aidhm an bhirt:	An pobal a choinneáil ar an eolas faoin nGaeilge sa LPT and rannpháirtíocht an phobail sa togra a spreagadh.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht. Pobal an LPT (le béim ar an óige) agus scoileanna áitiúla.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: Pleanáil. Bliain 2-7: i mbun gnímh.		
Costas measta iomlán:	€11,183 (€5603 costais aon-uaire + €5580 costais bhliantúal (930) x 6).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 2 (Costais aon uaire). Cluasáin Dhúnta @ €77 x 4 = €308, Micreafóin @399 x 4 €1,596, Deasc meascála 24 cainéil €719, Bord Ciorcalach (4 aíonna) €1,000, Seinnteoir Ceoil €255, Cathaoireacha x 4 = €476, Bothán stiúrtha €350, Ríomhaire glúine €530, Glórcháin monatóireachta €369. Fo-iomlán €5,603. Bliain 2-7 Costais reatha. Cuntas fóin idirlín €40 in aghaidh na míosa x 12 x 6 = €480. Ceadúnas IMRO €450. Fo-iomlán bliantúil €930.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Daoine a bheadh sásta obair dheonach dá leithéad a aimsiú. Réiteach: Na buntáistí a théann le scileanna dá leithéid a bheith ag duine agus na deiseanna fostaíochta a théann leis a léiriú.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar líon na n-uaireanta atá curtha amach ar an idirlíon agus ar líon na 'likes' 's araile. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

6.10. Na Seirbhísí Poiblí

Beart 6.10.1 Ag plé leis an Státchóras i nGaeilge			
Réimse:	H.	Critéir Pleanála Teanga	3, 4, 18
Eolas breise faoin mbeart:	<p>An pobal sa LPT a spreagadh chun a gcearta teanga a bhaint amach faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2019 agus iad ag plé leis an státchóras.</p> <p>Feachtas ócáideach a reáchtáil ag spreagadh áitritheoirí le ‘seirbhís trí Ghaeilge’ a lorg ó institiúidí an státchórais.</p> <p>An OPT breathnú ar scéimeanna teanga na gcomhlachtaí poiblí agus comhoibriú leo leis an soláthar Gaeilge a mhéadú sa LPT.</p>		
Aidhm an bhirt:	<p>Feasacht faoi chúrsaí cearta teanga a ardú agus deis eile úsáide na Gaeilge a éascú.</p> <p>An feachtas seo le tarlú gach ré bliain.</p>		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, eagrais stáit ar nós Comhairle Cathrach na Gaillimhe, CCnaG agus eile.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Áitritheoirí a spreagadh le suim a bheith acu sa cheist.</p> <p>Réiteach: Feachtas ócáideach a reáchtáil ag spreagadh áitritheoirí le ‘seirbhís trí Ghaeilge’ a lorg ó institiúidí an státchórais.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha.</p> <p>Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

6.11. An Phleanáil agus Forbairt Fhisiceach

Tagann an chuid thoir den LPT faoi stiúir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus an chuid thiar faoi stiúir Chomhairle Contae na Gaillimhe. Dá bharr sin cuimsítear an LPT, nó páirteanna de, i bPleananna Forbartha difriúla. Is iad sin:

- Comhairle Cathrach na Gaillimhe Plean Forbartha 2017 – 2023
https://www.galwaycity.ie/uploads/downloads/development_plan/2017-2023/CCG-PleanForbartha2017-2023.pdf
- Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021
http://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/polasaiforbatha/pleanforbarthachontae_nagaillimhe2015-2021/
- Plean Ceantar Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 (sínte go 2021)
<http://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/polasaiforbatha/pleanannaceantairaitiula/pleanceantairaitiulnagaeltachta2008-2018/>
- Sráidbhaile Bhearna – Plean Limistéar Áitiúil Bhearna 2015 – 2021
<http://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/polasaiforbatha/pleanannaceantairaitiula/pleanlimistearaitiulbhearna/>

Tugtar cosaint áirithe don Ghaeilge i bPleananna Forbartha an Chontae agus déantar tagairt do Ghaillimh mar 'Chathair Dhátheangach' i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe.

Beart 6.11.1 Pleananna Forbartha Rialtais Áitiúil			
Réimse:	I, K	Critéir Pleanála Teanga	2,17
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Moltar go gcoinneodh an OPT é/í féin ar an eolas faoi chúrsaí pleanála agus féachaint chuige nach dtagann aon laghdú ar an gcosaint seo agus athnuachan á dhéanamh ar phleananna forbartha an Chontae agus na Gaeltachta. Tá Plean Forbartha an Chontae le hathnuachan sa bhliain 2021.</p> <p>Moltar go rachaidh an OPT i mbun stocaireachta (i bpáirt le Gaillimh le Gaeilge, le na na hOPTanna sna LPTanna cathrach eile agus leis an gcoiste atá ag plé le Gaillimh mar bhaile seirbhíse Gaeltachta, le stádas na Gaeilge a láidriú sa chuid sin den LPT atá faoi chúram an Chomhairle Cathrach.</p> <p>Ní mór don OPT súil a choinneáil amach agus CCnaG nó an Comhairle Cathrach i mbun athnuachan ar a gcuid bpleananna forbartha agus aighneacht/aí a sheoladh roimh aon sprioc-dháta a leagtar amach.</p>		
Aidhm an bhirt:	An chosaint a thugtar don Ghaeilge sa LPT i bpleananna ábhartha na nÚúdaráis Áitiúla a chosaint agus a láidriú.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, CCnaG, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Gaillimh le Gaeilge agus Coiste Gaillimh mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.		
Saolré an bhirt:	Leanúnach.		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Foinsí maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Ní fheictear go bhfuil aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo.</p> <p>Réiteach: Ní bhaineann.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Nach bhfuil aon athrú chun donais (ó thaobh na Gaeilge de) i bPleananna Forbartha ábhartha de chuid CCnaG. Go mbeidh gníomhaíochtaí maidir leis an nGaeilge i bPlean Forbartha an Chomhairle Cathrach láidrithe nuair a athnuafar é. Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha.</p> <p>Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

6.12. Na Clubanna Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

Sa suirbhé ar an bpobal (mír 5.2.11) is mar seo a bhí an fhreagairt ar an gceist seo.

Ba mhaith liom dá mbeadh níos mó Gaeilge le feiceáil i saol sóisialta an cheantair áitiúil. <i>I'd like to see more use of Irish in the social life of the local community.</i>		
	Líon	%
Aontaím go láidir nó / I strongly agree	176	41.7
Aontaím / I agree	155	36.7
Níl fhios agam / I don't know	61	14.5
Ní aontaím go láidir / I strongly disagree	21	5
Ní aontaím / I disagree	9	2.1
	422	100.%

Is dearbhú soiléir an toradh seo go bhfuil dea-thoil i leith úsáid na Gaeilge sa réimse seo de shaol an phobail. Is tús maith an dearfacht seo agus pleanáil ar bun leis an nGaeilge a chur chun cinn san earnáil seo.

Tá ról le plé ag an saol sóisialta sa phleanáil teanga ar dhá bhealach. Sa chéad áit is féidir é (an saol sóisialta) a fhorbairt chun deiseanna labhairt na Gaeilge a chruthú. Sa dara háit is féidir leis an saol sóisialta a bheith ina chabhair d'fhoghlaimoirí le feabhas a chur ar a gcuid líofachta sa teanga.

Léiríodh sa suirbhé (mír 5.2.2) ar an bpobal go bhfuil líofacht sa Ghaeilge ag 26% den phobal agus gur cainteoirí réasúnta (ina dtuairim féin) iad 28% eile. Ach de réir Dhaonáireamh 2016 níl ach 5.9% den phobal ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Leis an mbearna seo a laghdú ní mór deiseanna labhartha Gaeilge a chruthú go réamhghníomhach sa phobal.

Moltar go ndéanfaí idirdhealú idir an earnáil mar atá, i.e. eagraíochtaí atá seanbhunaithe agus gníomhaíochtaí nua agus an Ghaeilge mar dhlúthchuid díobh a chur sa tsiúl.

Beart 6.12.1. Imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge a chur chun cinn do dhaoine fásta.			
Réimse:	J	Critéir Pleanála Teanga	10, 11, 12.
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Ag úsáid bunachar sonraí 6.3.7.D - An OPT a bheith réamhghníomhach agus taighde a dhéanamh sa phobal maidir le spéis i ngníomhaíochtaí sóisialta agus caitheamh aimsire agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine grúpaí sóisialta nua (grúpaí sainspéise) bunaithe ar na roghanna sainspéise atá aimsithe, a bhunú agus na grúpaí seo a bheith ag feidhmiú trí Ghaeilge.</p> <p>Fuarthas neart tuairimí faoin ábhar seo sa mórshuirbhé ar an bpobal. San áireamh bhí grúpa siúlóide, grúpa drámaíochta, cór, léachtaí faoi logainmneacha áitiúla, ranganna ceardaíochta 's araile. Féach mír 5.2.11. Moltar go mbeidh sé sé mar chúram ar an OPT comhrá a thosú leis an bpobal áitiúil lena mianta san earnáil seo a mheas agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh a leithéad de ghrúpa/í a bhunú.</p>		
Aidhm an bhirt:	<p>Úsáid na Gaeilge a normalú i saol an phobail.</p> <p>Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú do dhaoine le Gaeilge trí imeachtaí trí Ghaeilge a éascú.</p> <p>Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú d'fhoghlaimoirí trí imeachtaí i nGaeilge a éascú.</p>		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, oifigigh sna clubanna. Glór na nGael, an mórphobal.		
Saolré an bhirt:	Bliain 2-7		
Costas measta iomlán:	€14,100 (€2,350 x 6)		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Fógraíocht (€50), cúnamh ar chíos ionaid (€300), trealamh / ábhar ceardaíochta (€200), léachtóirí / cinnirí x 3 (€30 in aghaidh na huair x 2 uair x 10 sheisiúin = €600. Trí ghrúpa difriúla = €1,800 2. Iomlán €2,350.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán 1: Easpa suime i measc an phobail.</p> <p>Réiteach 1: Mórfheachtas poiblíochta le spéis a spreagadh.</p> <p>Dúshlán 2: Easpa cinnirí / áisitheoirí le Gaeilge.</p> <p>Réiteach 2: An bunachar sonraí a luadh 6.3.6.C a bheith cuimsitheach agus coinnithe suas chun dáta.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Na rannpháirtithe le haiseolais a thabhairt.</p> <p>Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha, ar líon an lucht freastail agus ar chaiteachas i gcomhthéacs spriocanna na pleanála teanga. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.12.2. Úsáid na Gaeilge a Láidriú i sna hEagraíochtaí Shóisialta Reatha sa LPT			
Réimse:	J	Critéir Pleanála Teanga	10, 11, 12.
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Tacaíocht a thabhairt do chlubanna atá ann cheana féin le húsáid na Gaeilge a chuimsiú ina gcuid gníomhaíochtaí.</p> <p>Tacaíocht a thabhairt do chlubanna polasaithe Gaeilge a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm.</p> <p>An Ghaeilge a bheith níos feiceálaí i ngníomhaíochtaí na gclubanna.</p> <p>Páirtíocht a chothú le Glór na nGael le húsáid a bhaint as a gcuid scéimeanna pobail leis an aidhm seo a chur chun cinn.³³</p> <p>Seimineár (bliain 1) a eagrú leis na clubanna le staid reatha na Gaeilge sna heagraíochtaí a phlé agus le moltaí a lorg. Seimineár (Bliain 3) le staid reatha agus dul chun cinn úsáid na Gaeilge sna heagraíochtaí a phlé. Na seimineáir faoi stiúir áisitheora oilte.</p>		
Aidhm an bhirt:	<p>Úsáid na Gaeilge a normalú i saol an phobail.</p> <p>Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú do dhaoine le Gaeilge.</p> <p>Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú d'fhoghlaimoirí.</p>		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, oifigh sna clubanna, Glór na nGael.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7.		
Costas measta iomlán:	€14,800. (€2,000 x 6 + €800).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	<p>Bliain 1, agus Bliain 3. Seimineáir áisitheoir oilte €300, Ionad + sólaistí €100. Iomlán €400 x 2 = €800.</p> <p>Bliain 2 – Bliain 7: Cuidiú leis na clubanna le láithreach na Gaeilge a láidriú sna heagrais. i.e. lógó dhátheangach a dheardh (€500), comharthaíocht sna hionaid dhifriúla a dhéanamh dhátheangach (€500), an Ghaeilge a chuimsiú i bhfeistis aitheantais na gclubanna (€500), An Ghaeilge a chuimsiú ina láithreáin / gníomhaíochtaí leictreonach (€500). Fo-iomlán €2,000 x 6 = €12,000.</p>		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Easpa taithí ag na heagraíochtaí ar an nGaeilge a bheith mar ghnáthghné dá gcuid imeachtaí.</p> <p>Réiteach: Tacaíocht a thabhairt dóibh, ar bhonn céimiúil, leis an nGaeilge a chur san áireamh ina gcuid imeachtaí.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Na rannpháirtithe le haiseolais a thabhairt.</p> <p>Taifead coinnithe ag an OPT ar gníomhaíochtaí ábhartha, ar líon an lucht freastail agus ar chaiteachas i gcomhthéacs spriocanna na pleanála teanga. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.</p>		

³³ <https://www.glornangael.ie/pobal/>

Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.
--	--

Beart 6.12.3. Tob-Ghaeltacht (<i>Pop-up Gaeltacht</i>) a chur sa siúl.			
Réimse:	D, J.	Critéir Pleanála Teanga	10, 11, 12.
Eolas breise faoin mbeart:	Tabharfaidh an OPT tacaíocht le go n-eagrófar tob-Ghaeltacht go ráithiúil sa LPT. Cuirfear maoiniú teoranta ar fáil le spot-duaiseanna, póstaer 's araile a chur ar fáil.		
Aidhm an bhirt:	Úsáid na Gaeilge a normalú i saol an phobail. Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú do dhaoine le Gaeilge. Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú d'fhoghlaimoirí. Mar chúnamh le líonra/í Gaeilge a bhunú agus a chothú sa LPT.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht. An pobal go ginearálta. Úinéirí ionaid fóillíochta.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7.		
Costas measta iomlán:	€8,400. (€1,200 x 7).		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,200 (€300 x 4 ócáid) spot-duaiseanna, cluichí agus giuirléidí eile le hatmaisféar spráíúil Gaelach a chruthú. Fo-iomlán €1,200.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Rannpháirtíocht a spreagadh. Réiteach: Poiblíocht éifeachtach faoi ócáidí a eagrú sna meáin áitiúla, sna meáin shóisialta ach go háirithe.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar thinreamh ar na hócáidí. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An OPT le dearbhú go dtarlaíonn ceithre Thob-Ghaeltacht in aghaidh na bliana. Déanfar plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.12.4. Seirbhís Eaglasta / Spioradálta.			
Réimse:	J.	Critéir Pleanála Teanga	10, 11, 12.
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Moltar don OPT comhoibriú a chothú idir na scoileanna POG agus eaglaisí de chuide chineál, le seirbhísí cuí i nGaeilge a chur ar fáil don óige.</p> <p>De réir Dhaonáirimh 2016 is Caitlicigh iad 8719 (74.5%) de phobal (daonra 11,696) an LPT. San aiseolas a fuarthas ón bpobal sa mhórshuirbhé luadh go minic go raibh éileamh ann ar bhreis Aifrinn i nGaeilge. (Féach 5.2.13.). Moltar go dtabhairfidh an OPT aird ar an éileamh seo agus an cheist a phlé le ionadaithe ne hEaglaise. Moltar go gcuirtear béim faoi leith ar úsáid na Gaeilge agus ócáidí móra eaglasta (ar nós Céad Comaoineach agus Cóineartú) á réiteach do scoláirí sna mbunscoileanna POG áitiúla.</p> <p>Ní mhór gan neamh-aird a dhéanamh ar reiligiúin eile a bhfuil láithreachta acu sa LPT. Moltar go dtabhairfidh an OPT tacaíocht d'aon eagraíocht eaglasta / spioradálta eile má thograíonn siad an Ghaeilge a chur chun cinn ina n-eagraíocht.</p>		
Aidhm an bhirt:	<p>Úsáid na Gaeilge a normalú i saol an phobail.</p> <p>Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú do dhaoine le Gaeilge.</p> <p>Deiseanna labhartha Gaeilge a chothú d'fhoghlaimoirí.</p> <p>Mar chúnamh le líonra/í Gaeilge a bhunú agus a chothú sa LPT.</p>		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíoch, na hEaglaisí. pobal an LPT.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7.		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Foinsí maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.3.1		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Gan cléir nó cinirí spioradálta eile le Gaeilge a bheith ar fail.</p> <p>Réiteach: An OPT le labhairt le bainistíocht na neaglaisí leis an gceist a phlé.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	<p>Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha.</p> <p>Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.</p>		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.12.5. Clubanna Spóirt			
Réimse:	C, D, J	Critéir Pleanála Teanga	2, 8, 10, 11, 12
Eolas breise faoin mbeart:	<p>Moltar iniúchadh macánta ar acmhainní Gaeilge na gclubanna a dhéanamh le feiceáil an bhfuil aon fhéidearthacht ann cuid den traenáil a dhéanamh trí Ghaeilge. Bheadh an bunachar sonraí a luaitear i mBeart 6.3.7.C úsáideach sa chás seo</p> <p>An OPT le tacaíocht a thabhairt do na clubanna uile sa LPT le bheith rannpháirteach i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha³⁴ de chuid Ghlór na nGael.</p> <p>Cruinniú amháin in aghaidh na bliana (ar a laghad) le heagrú idir Oifigigh Gaeilge na gclubanna spóirt áitiúla.</p>		
Aidhm an bhirt:	Deiseanna taitneamhacha i nGaeilge a fhorbairt agus úsáid na Gaeilge a 'normalú' sa sochaí.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, clubanna spóirt, Glór na nGael agus OPT LPT Chois Fharraige (de bharr go bhfuil ballraíocht i gclubanna i mBearna comhroinnte leis an LPT sin).		
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7.		
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Foinsí maoinithe:	Costas clúdaithe faoi bheart 6.3.1.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Easpa suime sna clubanna.</p> <p>Réiteach: Spéis a spreagadh i gcomhthéacs an togra pleanála teanga.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha agus ar na cruinnithe le na clubanna. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

³⁴ <https://www.glornangael.ie/clg/>

Beart 6.12.6. Club <i>DIY</i> /Athchúrsála			
Réimse:	J, K.	Critéir Pleanála Teanga	10, 11, 12.
Eolas breise faoin mbeart:	Club athchúrsála a éascú ina bhféadfadh áitritheoirí sa LPT caoi a chur ar earraí tí faoi stiúir dhaoine oilte. Bheadh an bunachar sonraí a luaitear i mBeart 6.3.7.C úsáideach sa chás seo. D'fhéadfaí bunchúrsa/í i réimsí difriúla de <i>DIY</i> a chlúdach. Is i nGaeilge (nó i nGaeilge den chuid is mó) a eagrófar na seisiúin.		
Aidhm an bhirt:	Deis úsáide Gaeilge a chruthú.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht. Oiliúnóirí.		
Saolré an bhirt:	Gach geimhreadh.		
Costas measta iomlán:	€15,400 (7 mbliana @ €2,200)		
Costas measta in aghaidh na bliana:	€30 in aghaidh na huairé don oiliúnóir. Seisiún 2 uair a chloig = €60 + teas, cíos, sólaistí €20 + Ábhar & Uirlisí €30. Fo-iomlán €1100 in aghaidh an tseisiúin x 20 seisiún = €2,200 .		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Gan oiliúnóirí leis na scileanna ábhartha agus an Ghaeilge acu a bheith ar fáil.</p> <p>Réiteach: Poiblíocht forleathan a thabhairt don togra d'fhonn teacht ar oiliúnóirí oillte.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	An OPT le tuairisciú do CSPTBC maidir le dul chun cinn an bhirt mar atá luaite i mBeart 6.3.6. Foirmeacha aiseolais le líonadh isteach ag na rannpháirtithe. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

6.13. Staid na Gaeilge sa Limistéar

Beart 6.13.1. 'Láithreachtaí na Gaeilge' a Mhóráil sa LPT			
Réimse:	E, F, J, K.	Critéir Teanga	Pleanála 2, 3, 12, 13, 16, 18, 19.
Eolas breise faoin mbeart:	Áitritheoirí sa LPT a spreagadh le páirt a ghlacadh i gComórtas Ghlór na nGael ³⁵ . Is cineál mion-phlean teanga ann féin é an comórtas. Tabharfaidh an beart seo deis do chinnirí teanga a theacht chun cinn de bharr a rannpháirtíocht i dtogra dá leithéad.		
Aidhm an bhirt:	Úsáid na Gaeilge a normalú i saol an phobail. Láithreachtaí na Gaeilge a láidriú sa phobal. Deis a thabhairt do dhaoine ról mar 'Cinnirí Teanga' a ghlacadh.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, Glór na nGael, pobal an LPT.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: Réiteach agus ullmhúcháin Bliain 2-7: Coiste Ghlór na nGael i mbunghníomh.		
Costas measta iomlán:	€600		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Blianta 2-6: Táille iontrála ar chomórtas Ghlór na nGael €100 x 6 = €600 .		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Gan aon eolas a bheith ag an bpobal ar an gcomórtas agus a mbaineann leis. Réiteach: Feachtais phoiblíochta a reáchtáil agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT ar ghníomhaíochtaí ábhartha. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

³⁵ <https://www.glornangael.ie/wp-content/uploads/2019/11/Com%C3%B3rtas-GnaG20.pdf>

Beart 6.13.2. Comharthaí Bóthair ag Fógairt gur LPT é BCnaC le n'ardú.			
Réimse:	E, F, J, K.	Critéir Teanga	Pleanála 2, 3, 12, 13, 16, 18, 19.
Eolas breise faoin mbeart:	Moltar go ndearfar agus go n-ardófar comharthaí bóthair ar theorainn an LPT (thuaidh, theas, thiar agus thoir) le fógairt gur Limistéar Pleanála Teanga atá ann.		
Aidhm an bhirt:	Láithreachta na Gaeilge a láidriú sa phobal. Féiniúlacht Ghaeltachta an phobail a láidriú.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht. Ppobal an LPT. Lucht deartha comharthaí.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1 amháin.		
Costas measta iomlán:	€1,800.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	6 x comharthaí proifisiúnta @ €300 an ceann le dearadh agus le h-árdú ag fógairt gur LPT atá sa gceantar - €1,800.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	<p>Dúshlán: Gan aon eolas a bheith ag an bpobal ar an gcomórtas agus a mbaineann leis.</p> <p>Réiteach: Feachtas phoiblíochta a reáchtáil agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh.</p>		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Na comharthaí le bheith le feiscint. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

Beart 6.13.3. Lógó PTBC (CSPTBC amach anseo) le scaipeadh go forleathan sa LPT			
Réimse:	E, F, G, K	Critéir Pleanála Teanga	12, 13, 16, 19
Eolas breise faoin mbeart:	Suaitheantas le lógó an Choiste Pleanála Teanga le dearadh le léiriú gur mhaith leis an duine atá á chaitheamh go labhrófaí Gaeilge leis / léi. An suaitheantas a chur in oiriúint mar ghreamáin carranna, siopaí agus tí.		
Aidhm an bhirt:	Úsáid na Gaeilge a normalú i saol an phobail. Láithreach na Gaeilge a láidriú sa phobal. Líonra/í de lucht labhartha na Gaeilge a fhorbairt.		
Príomhúinéir an Bhirt:	An OPT.		
Páirtithe leasmhara:	An cheanneagraíocht, pobal an LPT.		
Saolré an bhirt:	Bliain 1: An suaitheantas a dhearadh, á phriontáil agus a scaipeadh.		
Costas measta iomlán:	€500 costas déantúsaíochta.		
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain 1: €500.		
Foinsí maoinithe:	RTCEGSM.		
Dúshlán agus réitigh:	Dúshlán: Ní fheictear go bhfuil aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo. Réiteach: Ní bhaineann.		
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Taifead coinnithe ag an OPT de scaipeadh na ngreamáin. Plé ar éifeacht an bhirt ag na cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé ar chur i bhfeidhm an bhirt seo ag cruinnithe a luaitear i mBeart 6.3.6.		

7. Costais agus Maoiniú

Sa mhír seo, déanfar cur síos ar na costais a bhaineann le na bearta a chur i bhfeidhm, bliain ar bhliain agus an t-iomlán thar saolré an phlean. Dár ndóigh beidh athraithe i gceist de réir mar a théann an togra ar aghaidh agus ní mór don ceanneagraíocht smacht a choinneáil ar chaiteachas agus luach ar airgead a lorg.

Is suas le €100,000 an maoiniú bliantúil a bheas ar fáil ó RTCEGSM agus is tréimhse seacht mbliana atá i gceist. Tuigtear don choiste gur fostaí amháin a cheadófar agus gurb é pá an fhostaí an sciar is mó den chaiteachas a bheas dá dhéanamh ag an ceanneagraíocht. Beidh sé mar dhualgas ar an OPT foinsí eile maoinithe (i.e. Comhairle Chontae na Gaillimhe, Leader, FLAGS, etc.) a aimsiú chomh maith.

Bainfear gach leas agus buntáiste as na hacmhainní daonna, scéimeanna maoinithe agus tacaíochtaí atá ar fáil cheana féin ón RTCEGSM, ó ÚnaG, ó Fhoras na Gaeilge agus ó Ghlór na nGael chomh maith.

Bainfear leas as Scéim Trealamh Oifige ÚnaG chun costas threalamh oifige an OPT a chlúdach.

Tábla 7.1. Costais.	Bliain 1.	Bliain 2.	Bliain 3.	Bliain 4.	Bliain 5.	Bliain 6.	Bliain 7.	Iomlán
6.3. Cur i bhFeidhm an Phlean.								
Tuarastal (Costais ÁSPC (11%) san áireamh).	38,850	41,625	44,400	47,175	49,950	52,725	55,500	330,225
Costais Taistil.	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000	7,000
Fo-iomlán Pá – 6.3.2.	39,850	42,625	45,400	48,175	50,950	53,725	56,500	337,225
Costais a bhaineann le comhlacht a bhunú – 6.3.1.	10,000	0	0	0	0	0	0	10,000
Cóiríocht Oifige - 6.3.3.	15,000	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000	75,000
Oideachas sa Phleanáil Teanga – 6.3.4.	6,015	6,015	6,015	6,015	6,015	6,015	6,015	42,105
Seoladh an Phlean Teanga – 6.3.8.	5000	0	0	0	0	0	0	5000
6.3 Cur i bhFeidhm Mór-Iomlán.	75,865	58,640	61,415	64,190	66,965	69,740	72,515	469,330
Bearta 6.4- 6.13.								
6.4. An Córas Oideachais.	3550	5050	5050	5050	5050	5050	5050	33850
6.5. Seirbhísí Cúraim Leanaí, Tacaíochtaí Teaghlaigh, agus Seirbhísí Tacaíochta Teanga.	4350	2750	2750	4350	2750	2750	2750	22450
6.6. Seirbhís don Aos Óg agus d’Aoisghrúpaí eile.	2400	11800	11200	11200	19000	18400	18400	92400
6.7. Deiseanna Foghlama Iasmuigh den Chóras Oideachais.	8100	9550	9000	9550	9000	9000	9000	63200
6.8. An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn.	2500	2500	2500	2500	2500	2500	2500	17500
6.9. Na Meáin Chumarsáide.	5000	9103	1930	1930	1930	1930	1930	23753
6.10. Seirbhísí Poiblí.	0	0	0	0	0	0	0	0
6.11. Pleanáil & Forbairt Fhisiceach.	0	0	0	0	0	0	0	0
6.12. Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire.	5800	7750	8150	7750	7750	7750	7750	52700
6.13. Staid na Gaeilge sa LPT.	3100	100	100	100	100	100	100	3700
Fo-iomlán Bearta 6.4-6.13	34800	48603	40680	42430	48080	47480	47480	309553
Beart 6.3	75,865	58,640	61,415	64,190	66,965	69,740	72,515	469,330
Mór iomlán Bearta 6.3 – 6.13	110,665	107,243	102,095	106,620	115,045	117,220	119,995	778,883

Sa tábla thíos déantar coimriú ar chostais iomlána an Phlean Teanga de réir réimse agus de réir bliana. Tá tábla eile le fáil in Aguisín 12 ina ndéantar briseadh síos níos iomláine de réir gach beart i ngach réimse de réir bliana.

8. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Poiblíocht Leanúnach

I rith saolré an phlean tá sé i gceist an pobal an LPT ina iomláine (i.e. idir Bhearna agus Cnoc na Cathrach) a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an phlean agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa phróiseas ar bhonn leanúnach. Caithfear éisteacht leis an bpobal agus deis a bheith ann aiseolas rialta agus leanúnach a thabhairt.

Is iomaí fo-ghrúpa atá sa phobal: daoine aosta, tuismitheoirí, daoine fásta gan pháistí, déagóirí, gasúir, cainteoirí dúchais, cainteoirí líofa, foghlaimeoirí teanga, daoine gan aon Ghaeilge, lucht spóirt agus siamsaíochta, cúramóirí agus go leor eile. Beidh cuir chuige éagsúla ag teastáil ón tús agus ar bhonn leanúnach le dul i bhfeidhm ar na fo-ghrúpaí uile i gcaitheamh na seacht mbliana.

Na Meáin Traidisiúnta agus an t-Idirlíon

